**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0238/2023**

12.7.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

maidir le togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce
(COM(2022)0540 – C9-0361/2022 – 2022/0344(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir don tuairim: Milan Brglez

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................102

ANNEX: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT ......................................................................................................105

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH......................................................................................................107

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE..129

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ...............................................................158

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce**
**(COM(2022)0540 – C9-0361/2022 – 2022/0344(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0540),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0361/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an Dé Céadaoin 22 Feabhra 2023[1],

– tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh agus ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0238/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C 146, 27.4.2023, lch. 41.

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) Ní táirge tráchtála cosúil le haon cheann eile é uisce ach, ina ionad sin, leas coiteann agus oidhreacht, ar gá é a chosaint, agus déileáil leis mar sin, chun a chinntiú go gcaomhnaítear éiceachórais agus go bhfuil rochtain uilíoch ar uisce glan.*** |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris -1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1 a) Aithnítear Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an ceart chun uisce glan sábháilte agus sláintíocht mar cheart daonna atá bunriachtanach chun tairbhe iomlán a bhaint as an mbeatha agus na cearta daonna go léir. Tar éis an rath a bhí ar Thionscnamh Eorpach 2014 ó na Saoránaigh dar teideal 'Right2Water', ghlac an Coimisiún togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le huisce óil in 2018 agus tháinig an Treoir leasaithe chomhfhreagrach i bhfeidhm an 12 Eanáir 2021. Leagtar síos sa Treoir sin oibleagáid ar na Ballstáit feabhas a chur ar an rochtain ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine agus, ag an am céanna, brath, inter alia, ar an eolas a fuarthas agus ar na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi Threoir 2000/60/CE. Ba cheart do na Ballstáit éifeachtacht an chirt chun uisce glan agus sláintíochta a áirithiú freisin trí cháilíocht an uisce dromchla agus an screamhuisce araon a fheabhsú.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is bagairt é truailliú ceimiceach uisce dromchla agus screamhuisce don timpeallacht uisceach, agus éifeachtaí i gceist leis amhail géarthocsaineacht agus tocsaineacht ainsealach in orgánaigh uisceacha, carnadh truailleán san éiceachóras agus caillteanas gnáthóg agus bithéagsúlachta, mar aon le bagairt ar shláinte an duine. Trí chaighdeáin cáilíochta comhshaoil a leagan síos, cuidítear leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach le haghaidh timpeallacht saor ó thocsainí a chur chun feidhme. | (1) Is bagairt é truailliú ceimiceach uisce dromchla agus screamhuisce don timpeallacht uisceach, agus éifeachtaí i gceist leis amhail géarthocsaineacht agus tocsaineacht ainsealach in orgánaigh uisceacha, carnadh truailleán san éiceachóras agus caillteanas gnáthóg agus bithéagsúlachta, mar aon le bagairt ar shláinte an duine. Trí chaighdeáin cáilíochta comhshaoil a leagan síos, cuidítear leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach le haghaidh timpeallacht saor ó thocsainí a chur chun feidhme***, atá ar cheann de na spriocanna tosaíochta san 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil***[1a]. <br>__________________<br>[1a] ***Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030*** |

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) De réir na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, tuairiscítear go bhfuil stádas maith cainníochtúil ag thart ar 90 % d'achar na ndobharlach screamhuisce, tá stádas maith ceimiceach ag thart ar 75 % d'achar an dobharlaigh screamhuisce, tá stádas maith nó ard éiceolaíoch ag 40 % de dhobharlaigh dromchla, agus tá stádas maith ceimiceach ag 38 % de dhobharlaigh dromchla, agus sa tuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil an 4 Nollaig 2019 dar teideal 'The*** |

***European environment – state and outlook 2020: Knowledge for transition to a sustainable Europe' [Comhshaol na hEorpa — staid agus forbhreathnú 2020: Eolas ar mhaithe le haistriú chuig Eoraip inbhuanaithe] sonraítear gur tháinig feabhas ar cháilíocht an uisce de bharr laghdú ar thruailliú, ach go raibh an tAontas i bhfad ó stádas maith éiceolaíoch a bhaint amach do gach dobharlach faoi 2020.***

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Thángthas ar an gconclúid, sa mheastóireacht ar an tSeiceáil Oiriúnachta 2019 ('an tSeiceáil Oiriúnachta') ar an Treoir Réime maidir le hUisce, go mbeidh ról lárnach ag an gcéad bhabhta eile de chláir beart chun an dul chun cinn is gá a áirithiú maidir le cuspóirí comhshaoil Threoir 2000/60/CE a bhaint amach faoi spriocdháta 2027, agus luadh inti go bhfuil níos mó ná leath de dhobharlaigh uisce uile na hEorpa díolmhaithe faoi Threoir 2000/60/CE, rud a fhágann gur mó na dúshláin atá roimh na Ballstáit na Caighdeáin Cháilíochta Comhshaoil do shubstaintí tosaíochta a bhaint amach laistigh den sprioc-am a leagadh síos. Ina theannta sin, thángthas ar an gconclúid sa tSeiceáil Oiriúnachta nár baineadh amach na cuspóirí comhshaoil go hiomlán den chuid is mó mar gheall ar chistiú neamhleor, ar chur chun feidhme mall agus ar chomhtháthú neamhleor na gcuspóirí comhshaoil i mbeartais earnálacha, agus ní mar gheall ar easnamh sa reachtaíocht.*** |

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1c) Mar gheall ar fhachtóirí geografacha agus socheacnamaíocha, tá roinnt daonraí, lena n-áirítear daoine dúchasacha, níos leochailí do thruailliú uisce. Táthar ag súil go dtiocfaidh fás ar earnáil na mianadóireachta san Aontas Eorpach chun forbairt an tionscail glan-nialais a chinntiú. Mar a dúradh i dTuarascáil 09/2021 ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil[1a], bíonn tionchar díreach ag earnáil na mianadóireachta ar cháilíocht agus ar chainníocht an uisce. Is gá, mar sin, na creataí reachtaíochta atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr agus úsáid agus scaoileadh uisce a phleanáil agus a rialú in oibríochtaí mianadóireachta freisin.*** |
| | ***[1a] Drivers of and pressures arising from selected key water management challenges : A European overview, report 09/2021, EEA [Spreagaí príomhdhúshlán roghnaithe bainistíochta uisce agus na brúnna a eascraíonn astu:<br><br>Forbhreathnú Eorpach, tuarascáil 09/2021, EEA]*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1d) Bíonn a lán críoch san Aontas faoi réir srianta uisce móra méadaitheacha. Cuireann na triomaigh shuntasacha leanúnacha le blianta beaga anuas, go háirithe i réigiúin na Meánmhara, táirgeadh talmhaíochta i mbaol agus bíonn siad ina gcúis le laghdú ollmhór ar chúltaiscí uisce dromchla agus*** |

***screamhuisce*** [1a]***.***

***1a*** ***https://www.oecd.org/agriculture/topics/water-and-agriculture/***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(1e) Is earra poiblí é uisce atá ann chun leasa gach duine agus mar acmhainn nádúrtha riachtanach atá do-athsholáthraithe agus riachtanach don bheatha agus nach mór a bhreithniú go cúramach i bhfianaise a ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil. Bíonn drochthionchar ag an athrú aeráide, lena n-áirítear an méadú ar mhinicíocht tubaistí nádúrtha agus teagmhais adhaimsire agus meathlú na bithéagsúlachta, ar cháilíocht agus cainníocht an uisce, rud a chuireann tuilleadh brú ar earnálacha a bhraitheann ar infhaighteacht uisce, go háirithe an earnáil talmhaíochta.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(1f) Cé gur shainaithin an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) cleachtais talmhaíochta áirithe mar chonstaicí in aghaidh stádas ceimiceach maith screamhuisce a bhaint amach san Aontas, ar tharla truailliú níotráití agus lotnaidicídí dá mbarr, ina Tuarascáil ó 2018 ar 'uiscí na hEorpa -*** |

***measúnú ar stádas agus ar fhoinsí brú', tugadh faoi deara laghdú de réir a chéile ar úsáid leasachán mianrach agus barrachais cothaitheach san Aontas leis na deicheanna de bhlianta anuas [1a]. Foinsí suntasacha truaillithe eile atá ann ná cásanna sceite nach bhfuil ceangailte le córas séarachais, láithreáin éilithe nó láithreáin tionsclaíocha tréigthe.***

___________________

*1a*

***https://www.eea.europa.eu/publications/state-of-water***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1g) Is tosaíocht don talmhaíocht é stádas maith na ndobharlach agus bainistíocht éifeachtúil ar acmhainní uisce, ós rud é go mbraitheann feirmeoirí ar uisce chun tabhairt faoina ngníomhaíochtaí, agus dá bharr, tá leas dílsithe acu in úsáid inbhuanaithe d'acmhainní den sort sin.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1h) Chun éascú a dhéanamh ar athrú chuig earnáil talmhaíochta níos inbhuanaithe agus níos táirgiúla atá frithsheasmhach athléimneach i ndáil le srianta uisce, ba cheart dreasachtaí a chur i bhfeidhm d'fheirmeoirí chun bainistiú uisce agus nuachóiriú córas agus teicnící uiscithe a fheabhsú.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1i) Is féidir le húsáid lotnaidicídí dul i bhfeidhm go mór ar cháilíocht agus cainníocht an uisce atá ar fáil le haghaidh úsáid talmhaíochta, rud a mbíonn drochthionchar aige ar an mbithéagsúlacht uisceach agus talún araon. Tá sé oiriúnach, dá bhrí sin, faireachán a dhéanamh ar thionchar agus ar dhán éiceatocsaineolaíoch lotnaidicídí agus a meitibilítí i ndobharlaigh.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 j (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1j) Tá sé ríthábhachtach a chur san áireamh na hiarrachtaí a rinneadh go dtí seo in earnálacha amhail an earnáil talmhaíochta, ina rabhthas in ann éilliú fíteashláintíochta a laghdú faoi 14 % cheana i gcomparáid le 2015--2017 agus faoi 26 % má bhreithnítear ar na truailleáin is dochraí. Dá bhrí sin, léiríonn na figiúirí laghdú leanúnach ar úsáid ceimiceán agus baol na gceimiceán, agus ba é 2020 an dara bliain i ndiaidh a chéile inar tháinig laghdú suntasach ar úsáid lotnaidicídí, go háirithe na cinn is dainséaraí[1a].*** |
| | ***[1a] https://food.ec.europa.eu/plants/pesticides/sustainable-use-pesticides/farm-fork-*** |

*targets-progress/eu-trends_ga*

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 k (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1k) Is bagairt é truailliú ceimiceach uisce dromchla agus screamhuisce don talmhaíocht toisc go ndéanann sé infhaighteacht an uisce atá oiriúnach d'uisciú barr a theorannú, rud a chuireann leis an nganntanas uisce. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit tacaíocht i gcomhair taighde agus nuálaíochta a mhéadú chun réitigh a rachaidh i ngleic le ganntanas agus truailliú uisce dromchla agus screamhuisce a chur in úsáid go tapa, lena n-áirítear digiteáil, talmhaíocht bheacht, uisciú barrfheabhsaithe agus nuachóiriú uiscithe agus úsáid chiorclach acmhainní, le haghaidh bainistíocht uisce feabhsaithe atá frithsheasmhach in aghaidh na haeráide agus úsáid níos dírithe a bhaint as lotnaidicídí agus leasacháin i gcomhair barr, ionchur talmhaíochta a chruthaíonn níos lú truaillithe agus malairtí ionchuir talmhaíochta níos sábháilte, cineálacha barra níos frithsheasmhaí agus níos éifeachtúla i leith cothaitheach agus méadú ar úsáid fuíolluisce chóireáilte le haghaidh uisciú talmhaíochta. Ba cheart dó sin cur le córas bia inbhuanaithe seasmhach de chuid an Aontais a bhaint amach agus truailliú idirleata ó thalmhaíocht agus an gá le hastarraingt talmhaíochta á laghdú ag an am céanna.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(2a) Le linn na n-iarrachtaí chun leibhéal ard cosanta don chomhshaol a bhaint amach agus chun an Plean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach a chur chun feidhme, ba cheart don Aontas éagsúlacht na gcásanna i réigiúin dhifriúla an Aontais, an tionchar ar shlándáil bia, táirgeadh bia agus inacmhainneacht bia, chomh maith le haistí bia sláintiúla inbhuanaithe, a chur san áireamh.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(3a) Tagann na cuspóirí a bhaineann le 'stádas maith dobharlach' agus infhaighteacht uisce a áirithiú salach ar a chéile agus ní minic a dhéantar iarracht iad a bhaint amach ar bhealach réasúnta comhtháiteach. Ba cheart dea-bhainistiú uisce a phríomhshruthú i ngach beartas de chuid an Aontais a bhaineann le hearnálacha a úsáideann uisce.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(3b) Leis an Seiceáil Oiriúnachta tugadh faoi deara go raibh comhtháthú níos fearr na gcuspóirí uisce i mbeartas talmhaíochta ag teastáil. Thug CBT nua isteach bearta a rinne próiseas níos inbhuanaithe de bhainistiú uisce. Chun comhleanúnachas níos fearr idir beartas*** |

| | |
|---|---|
| | ***talmhaíochta agus beartas uisce a fháil, ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na deiseanna atá ar fáil in CBT nua agus saincheisteanna uisce a chomhtháthú go hiomlán ina bpleananna straitéiseacha, lena n-áirítear úsáid na gCóras um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS), agus forbairt seirbhísí comhairleoireachta a éascú chun dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le bainistiú uisce.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] leagtar síos creat chun uiscí dromchla intíre, uiscí trasdultacha, uiscí cósta agus screamhuisce a chosaint. Is éard atá i gceist leis an gcreat sin substaintí tosaíochta a shainaithint ina measc siúd lena mbaineann riosca substaintiúil don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht sin, ar leibhéal an Aontais. Le Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] leagtar síos caighdeáin cáilíochta comhshaoil (EQS) uile-Aontais le haghaidh na 45 shubstaint tosaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2000/60/CE agus ocht dtruailleán eile a bhí á rialáil ar leibhéal an Aontais cheana féin sular tugadh Iarscríbhinn X isteach le Cinneadh Uimh. 2455/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47]. Le Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] leagtar caighdeáin cáilíochta screamhuisce uile-Aontais síos le haghaidh níotráití agus substaintí gníomhacha i lotnaidicídí agus critéir maidir le luachanna tairsí náisiúnta a leagan síos le haghaidh truailleáin screamhuisce eile. Leagtar síos freisin leis | (4) Le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] leagtar síos creat chun uiscí dromchla intíre, uiscí trasdultacha, uiscí cósta agus screamhuisce a chosaint. Is éard atá i gceist leis an gcreat sin substaintí tosaíochta a shainaithint ina measc siúd lena mbaineann riosca substaintiúil don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht sin, ar leibhéal an Aontais. Le Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] leagtar síos caighdeáin cáilíochta comhshaoil (EQS) uile-Aontais le haghaidh na 45 shubstaint tosaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2000/60/CE agus ocht dtruailleán eile a bhí á rialáil ar leibhéal an Aontais cheana féin sular tugadh Iarscríbhinn X isteach le Cinneadh Uimh. 2455/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47]. Le Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] leagtar caighdeáin cáilíochta screamhuisce uile-Aontais síos le haghaidh níotráití agus substaintí gníomhacha i lotnaidicídí agus critéir maidir le luachanna tairsí náisiúnta a leagan síos le haghaidh truailleáin screamhuisce eile. Leagtar síos freisin leis |

íosliosta de 12 thruailleán agus a dtáscairí a gceanglaítear ar na Ballstáit ***cuimhneamh ar*** luachanna tairsí náisiúnta den sórt sin a leagan síos lena n-aghaidh. Leagtar na caighdeáin cáilíochta screamhuisce amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE.

[45] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

[46] Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

[47] Cinneadh Uimh. 2455/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2001 lena mbunaítear liosta na substaintí tosaíochta i réimse an bheartais uisce agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE (IO L 331, 15.12.2001, lch. 1).

[48] Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

íosliosta de 12 thruailleán agus a dtáscairí a gceanglaítear ar na Ballstáit luachanna tairsí náisiúnta den sórt sin a leagan síos lena n-aghaidh. Leagtar na caighdeáin cáilíochta screamhuisce amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE.

[45] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

[46] Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

[47] Cinneadh Uimh. 2455/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2001 lena mbunaítear liosta na substaintí tosaíochta i réimse an bheartais uisce agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE (IO L 331, 15.12.2001, lch. 1).

[48] Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

*Réasúnú*

*In Iarscríbhinn II, Cuid B, tá substaintí ardtocsaineacha atá ar eolas go maith amhail caidmiam, luaidhe agus mearcair inter alia. Ní hamháin gur cheart do na Ballstáit smaoineamh ar thairseacha a bhunú le haghaidh substaintí den sórt sin, ach go ndéanfadh siad amhlaidh i ndáiríre.*

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go scoirfear den truailliú trí sceitheadh, astú nó caillteanas substaintí guaiseacha tosaíochta nó go gcuirfear deireadh leis de réir a chéile laistigh d'amlíne iomchuí agus, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná 20 bliain tar éis substaint tosaíochta ar leith a liostú mar shubstaint ghuaiseach i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Ba cheart feidhm a bheith ag an amlíne sin gan dochar do chur i bhfeidhm amlínte níos déine in aon reachtaíocht eile is infheidhme de chuid an Aontais.*** |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Meastar substaintí lena liostú in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2000/60/CE nó in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE bunaithe ar mheasúnú ar an riosca a bhaineann leo do dhaoine agus don timpeallacht uisceach. Is iad príomh-chomhpháirteanna an mheasúnaithe sin eolas ar thiúchain na substaintí sa chomhshaol, lena n-áirítear faisnéis a bhailítear ón bhfaireachán a dhéantar ar an liosta faire, agus ar (éicea)thoscaineolaíocht na substaintí, mar aon lena marthanacht, bithbhailiú, carcanaigineacht, só-ghineacht, tocsaineacht maidir le síolrú agus poitéinseal suaite inchríneach. | (5) Meastar substaintí lena liostú in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2000/60/CE nó in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE bunaithe ar mheasúnú ar an riosca a bhaineann leo do dhaoine agus don timpeallacht uisceach. Is iad príomh-chomhpháirteanna an mheasúnaithe sin eolas ar thiúchain na substaintí sa chomhshaol, lena n-áirítear faisnéis a bhailítear ón bhfaireachán a dhéantar ar an liosta faire, agus ar (éicea)thoscaineolaíocht na substaintí, mar aon lena marthanacht, bithbhailiú, ***tocsaineacht, soghluaiseacht,*** carcanaigineacht, só-ghineacht, tocsaineacht maidir le síolrú agus poitéinseal suaite inchríneach. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Tá gá le meascán de bhearta, lena ndéantar rialú ag an bhfoinse agus ag deireadh an phíopa araon, chun déileáil go héifeachtach le formhór na dtruailleán ar feadh a saolré, lena n-áirítear, de réir mar is ábhartha, dearadh ceimiceach, údarú nó formheas, rialú astaíochtaí le linn monaraíochta agus úsáide agus próisis eile, agus láimhseáil dramhaíola. Dá bhrí sin, trí chaighdeáin cháilíochta nua nó níos déine i ndobharlaigh a leagan síos, comhlánaítear reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus bíonn na caighdeáin ag teacht leis an reachtaíocht sin, reachtaíocht lena dtugtar aghaidh ar fhadhb an truaillithe nó ***lena bhféadfaí*** déanamh ***amhlaidhag*** ceann amháin nó níos mó de na céimeanna sin, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49], Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50], Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[51] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53], Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55] agus Treoir 91/271/CEE ón gComhairle[56]. | (7) Tá gá le meascán de bhearta, lena ndéantar rialú ag an bhfoinse agus ag deireadh an phíopa araon, chun déileáil go héifeachtach le formhór na dtruailleán ar feadh a saolré, lena n-áirítear, de réir mar is ábhartha, dearadh ceimiceach, údarú nó formheas, rialú astaíochtaí le linn monaraíochta agus úsáide agus próisis eile, agus láimhseáil dramhaíola. Dá bhrí sin, trí chaighdeáin cháilíochta nua nó níos déine i ndobharlaigh a leagan síos, comhlánaítear reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus bíonn na caighdeáin ag teacht leis an reachtaíocht sin, reachtaíocht lena dtugtar aghaidh ar fhadhb an truaillithe nó ***ar cheart di*** déanamh ***amhlaidh ag*** ceann amháin nó níos mó de na céimeanna sin, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49], Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50], Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[51] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53], Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55] agus Treoir 91/271/CEE ón gComhairle[56]. ***Chun go bhféadfaidh na Ballstáit na cuspóirí comhshaoil a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2000/60/CE a bhaint amach ar an mbealach is fearr agus is costéifeachtaí is féidir, ba cheart dóibh a áirithiú, agus a gcláir beart á mbunú acu, go dtabharfar tosaíocht do bhearta rialaithe foinse thar bhearta ceann píopa agus go bhfuil na bearta sin i gcomhréir le reachtaíocht earnálach ábhartha an Aontais maidir le truailliú. Nuair atá baol ann go dteipfidh*** |

[49] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006, maidir le Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

[50] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

[51] Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

[52] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

[53] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

[54] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009,

***ar bhearta rialaithe foinse stádas maith na ndobharlach a bhaint amach, ba cheart bearta ceann píopa a chur i bhfeidhm. Ba cheart don Choimisiún treoir a fhorbairt maidir leis na cleachtais is fearr le haghaidh beart rialaithe foinse agus comhlántacht beart ceann píopa.***

[49] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006, maidir le Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

[50] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

[51] Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

[52] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

[53] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

[54] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009,

| | |
|---|---|
| lch. 71). | lch. 71). |
| [55] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). | [55] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). |
| [56] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40). | [56] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40). |

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Tá truailliú uisce mar thoradh go príomha ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha agus talmhaíochta, doirteadh séarachais, agus rith chun srutha uirbeach, lena n-áirítear uisce stoirme. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt ina gcuid gníomhaíochtaí do bhearta lena laghdaítear an truailliú ag an bhfoinse, chomh maith lena bhforghníomhú. Chun na críche sin, ba cheart comhleanúnachas a áirithiú idir gach píosa reachtaíochta de chuid an Aontais agus reachtaíochta náisiúnta lena dtugtar aghaidh ar astaíochtaí truailleán ag an bhfoinse chun truailliú a laghdú go leibhéil nach meastar a thuilleadh a bheith díobhálach don tsláinte agus d'éiceachórais nádúrtha.*** |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7b) Chun a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht atá beartaithe chun truailliú*** |

***uisce dromchla agus screamhuisce a chosc cothrom le dáta i ndáil le luas mearathraitheach ceimiceán nua agus ceimiceán atá ag teacht chun cinn, ar ceimiceáin iad a bhfuil sé d'acmhainn acu, mar thruailleáin, a bheith ina gcúis le rioscaí suntasacha do shláinte an duine agus don chomhshaol uisceach, ba cheart sásraí beartais a neartú chun substaintí den sórt sin ar ábhar imní iad atá ag teacht chun cinn a bhrath agus a mheasúnú. Chuige sin, ba cheart cur chuige a cheapadh lena gceadófaí faireachán agus anailís a dhéanamh ar líon breise de shubstaintí nó grúpaí substaintí den sórt sin faoi na liostaí faire le haghaidh uisce dromchla agus screamhuisce. Maidir leis na substaintí nó an ghrúpa substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, ba cheart iad a roghnú as measc na substaintí sin lena léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil go bhféadfadh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach leordhóthanach na sonraí faireacháin lena n-aghaidh. Níor cheart teorainn a chur le líon na substaintí nó na ngrúpaí substaintí sin a bhfuil faireachán agus anailís le déanamh orthu faoi na liostaí faire le haghaidh uisce dromchla agus screamhuisce.***

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Tugtar le fios leis an eolas eolaíoch nua go mbaineann riosca mór le truailleáin éagsúla eile a bhíonn le fáil i ndobharlaigh, i dteannta na dtruailleán a rialáiltear cheana féin. I gcás screamhuisce, sainaithníodh fadhb áirithe tríd an bhfaireachán deonach le haghaidh substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) agus earraí | (8) Tugtar le fios leis an eolas eolaíoch nua go mbaineann riosca mór le truailleáin éagsúla eile a bhíonn le fáil i ndobharlaigh, i dteannta na dtruailleán a rialáiltear cheana féin. I gcás screamhuisce, sainaithníodh fadhb áirithe tríd an bhfaireachán deonach le haghaidh substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) agus earraí |

cógaisíochta. Braitheadh PFAS ag breis agus 70 % de na pointí tomhais screamhuisce san Aontas agus is léir go sáraítear tairseacha náisiúnta atá ann cheana ag líon nach beag áiteanna, agus go mbíonn substaintí cógaisíochta le fáil go forleathan freisin. I gcás uiscí dromchla, tá aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh liostaithe cheana féin mar shubstaintí tosaíochta, ach aithnítear anois go mbaineann riosca le PFAS eile freisin. Leis an bhfaireachán a dhéantar faoin Liosta faire faoi Airteagal 8b de Threoir 2008/105/CE, deimhníodh riosca ó roinnt substaintí cógaisíochta in uiscí dromchla, substaintí ar cheart iad a chur leis an liosta substaintí tosaíochta dá bhrí sin.

cógaisíochta. Braitheadh PFAS ag breis agus 70 % de na pointí tomhais screamhuisce san Aontas agus is léir go sáraítear tairseacha náisiúnta atá ann cheana ag líon nach beag áiteanna, agus go mbíonn substaintí cógaisíochta le fáil go forleathan freisin. ***Ba cheart dá bhrí sin go gcuirfí fo-thacar PFAS áirithe chomh maith le fo-thacar iomlán PFAS leis an liosta de thruailleáin screamhuisce.*** I gcás uiscí dromchla, tá aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh liostaithe cheana féin mar shubstaintí tosaíochta, ach aithnítear anois go mbaineann riosca le PFAS eile freisin. ***Ba cheart dá bhrí sin go gcuirfí fo-thacar PFAS áirithe chomh maith le fo-thacar iomlán PFAS*** leis an ***liosta substaintí tosaíochta. Chun cur chuige comhchuibhithe agus cothroime iomaíochta a áirithiú san Aontas, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE a leasú trí chaighdeán cáilíochta a shocrú d'Iomlán PFAS. Leis an*** bhfaireachán a dhéantar faoin Liosta faire faoi Airteagal 8b de Threoir 2008/105/CE, deimhníodh ***freisin*** riosca ó roinnt substaintí cógaisíochta in uiscí dromchla, substaintí ar cheart iad a chur leis an liosta substaintí tosaíochta dá bhrí sin.

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Is í gliofosáit an luibhicíd is minice a úsáidtear laistigh den Aontas le haghaidh úsáid talmhaíochta. Mar shubstaint ghníomhach, is cúis mhór imní í maidir leis an tionchar atá aici ar shláinte an duine agus ar thocsaineacht uisceach. I mí na Nollag 2022, chinn an*** |

***Coimisiún síneadh sealadach ar an údarú margaíochta gliofosáite a dheonú ar feadh bliain amháin eile, go dtí go ndéanfaidh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia athmheasúnú ar an tsubstaint ghníomhach, a bhfuiltear ag súil leis i mí Iúil 2023. Tugtar le fios i staidéir eolaíocha éagsúla a rinneadh le déanaí[1a] , áfach, gur cheart caighdeán cáilíochta comhshaoil (EQS) atá níos ísle ná 0,1 µg/L do gach dobharlach dromchla a mheas bunaithe ar thocsaineacht uisceach luibhicídí gliofosáite, AMPA agus luibhicídí gliofosáit-bhunaithe. I bhfianaise na measúnuithe leanúnacha arna ndéanamh ag rialálaithe inniúla an Aontais agus thorthaí eolaíocha na staidéar ábhartha maidir leis an tionchar a bhíonn ag gliofosáit ar an mbeatha uisceach, agus chun dea-stádas ceimiceach fhormhór uiscí an Aontais a áirithiú, bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, ba cheart AA-EQS coiteann aontaithe d'uiscí dromchla intíre agus, go leithleach, d'uiscí dromchla eile, a ghlacadh i ndáil le gliofosáit.***

__________________

***[1a] Comharthaíocht thras-traipeolaíoch i suthanna iasc séabrach faoi lé comhchruinnithe comhshaoil de gliofosáit, 2022. Éifeachtaí gliofosáite ar thiúchan íseal agus aigéid aimínmeitil fosfónaigh ar fhorbairt suthanna iasc séabrach, 2021. Léiríonn próifíliú tras-traipeolaíoch domhanda ionduchtú struis ocsaídiúcháin agus freagraí cúitimh ar strus ceallach i mbreac donn a nochtar do gliofosáit agus Roundup, 2018.***

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8b) Is luibhicíd é Atraisín a úsáidtear le haghaidh fiailí leathanduilleacha*** |

***bliantúla agus féara bliantúla i ngránaigh. Níl úsáid atraisín i dtáirgí cosanta plandaí údaraithe a thuilleadh laistigh den Aontas de bhun Chinneadh 2004/248/CE ón gCoimisiún. Tá sé cruthaithe gur suaiteoir inchríneach é Atraisín, agus fianaise ann go gcuireann sé isteach ar atáirgeadh agus ar fhorbairt, agus go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le hailse. Chinn an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus measúnú á dhéanamh aici ar lotnaidicídí i gcoinne tairseacha éifeachta nó cáilíochta idir 2013 agus 2020, gur braitheadh sáruithe lotnaidicídí amháin nó níos mó, sáruithe ar atraisín agus a meitibilítí go príomha, ag idir 4% agus 11% de shuíomhanna monatóireachta screamhuisce. Agus a láithreacht leanúnach in uisce dromchla agus screamhuisce de chuid an Aontais á cur san áireamh agus chun a áirithiú nach sáróidh na luachanna tairsí le haghaidh atraisín an EQS maidir le hiomlán na lotnaidicídí agus na meitibilítí, ba cheart an luach tairsí le haghaidh atraisín in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE a choigeartú, i gcomhréir freisin leis an luach tairsí don tsubstaint chéanna atá leagtha síos i dTreoir (AE) 2021/2184[1b].***

______________________

***[1a] Cinneadh ón gCoimisiún an 10 Márta 2004 maidir le neamh-áirítear atraisín in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle agus tarraingt siar údaruithe do tháirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach seo, IO L 78.***

***[1b] Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (athmhúnlú).***

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 8 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8c) De réir SCHEER[1a] agus EMA[1b], bunaíodh sna 1980idí an caighdeán cáilíochta cineálach 0,1 µg/L agus 0,5 µg/L do screamhuisce, a mholtar do lotnaidicídí aonair agus do shuim na lotnaidicídí go léir faoi seach, mar atá sonraithe i dTreoir 2006/118/CE, bunaithe ar an íogaireacht cheimiceach-anailíseach a bhí ar fáil ag an tráth sin. Ní léir go bhruil an luach réamhshocraithe 0,1 µg/L do lotnaidicídí a bheith go leor cosanta do shláinte an duine agus don éiceachóras screamhuisce, agus uaireanta bíonn sé i bhfad níos airde i gcomparáid le luachanna tairsí do go leor lotnaidicídí agus fungaicídí ar an liosta substaintí tosaíochta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Agus tuairim SCHEER nár cheart go mbeadh aon luachanna tairsí screamhuisce níos airde ná EQS d'uisce dromchla á chur san áireamh freisin, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na luachanna tairsí do lotnaidicídí aonair agus ar shuim na lotnaidicídí uile, lena n-áirítear a gcuid meitibilítí ábhartha, in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE trí mhodhanna anailíse nua-aimseartha a chur i bhfeidhm agus iad a chur i gcomparáid maidir leis an eolas tocsaineolaíoch is fearr atá ar fáil. Go dtí go ndéanfar an t-athbhreithniú seo, agus i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim a chuir soláthraithe uisce óil in iúl sa Mheabhrán Eorpach um Screamhuisce[1c], ba cheart luachanna tairsí eatramhacha a bhunú, bunaithe ar an eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil.*** |
| | __________________ |
| | ***[1a] SCHEER. Rannchuidiú le comhairliúchán ENV: Barúlacha ar thogra an Choimisiúin chun WFD/GWD/EQSD a leasú, Márta 2023.*** |

***SCHEER. Caighdeáin cháilíochta screamhuisce do thruailleáin bhreise bheartaithe sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir um Screamhuisce (2006/118/CE), Iúil 2022.***

***[1b] EMA. Measúnú a dhéanamh ar an riosca tocsaineolaíoch do shláinte an duine agus pobail screamhuisce ó chógaisíocht tréidliachta i screamhuisce - Treoirlíne eolaíoch, Aibreán 2018.***

***[1c] European Groundwater Memorandum: To secure the quality and quantity of drinking water for future generations, March 2022. [Meabhrán Eorpach um Screamhuisce: cáilíocht agus cainníocht uisce óil a chinntiú do na glúine atá le teacht, Márta 2022]***

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8d) Ba cheart Bisfeanól-A a láimhseáil mar shubstaint ghuaiseach tosaíochta agus ba cheart í a chur leis an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Léirítear i dtuarascálacha eolaíocha go bhfuil poitéinseal suaite inchríneach cruthaithe ag bispheanóil seachas bisfheanól-A freisin agus go bhfuil riosca éiceathocsaineolaíoch ag baint le meascáin na mbisfeanól sin. Ós rud é go n-ardaíonn na torthaí eolaíocha sin imní maidir le húsáid shábháilte roghanna malartacha ar dhéfheinóil a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, ba cheart don Choimisiún paraiméadar 'Iomlán Bispheanól' agus EQS iomchuí a bhunú le haghaidh iomlán na substaintí bispheanól.*** |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8e) De réir na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA)[1a], tá éagsúlacht bhunúsach ag baint le héiceachórais screamhuisce agus mar sin is féidir leo a bheith níos leochailí i leith strusóirí ná éiceachórais uisce dromchla mar níl an cumas acu teacht chucu féin tar éis suaití. Dá bhrí sin, ba cheart cur chuige réamhchúraim a chur i bhfeidhm agus luachanna tairsí screamhuisce á socrú chun sláinte an duine, éiceachórais screamhuisce agus éiceachórais a bhraitheann ar screamhuisce a chosaint. I gcomhréir le comhairle ón EMA, mar thoradh ar an leochaileacht seo, ba cheart go mbeadh na luachanna tairsí is infheidhme maidir le screamhuisce 10 n-oiread níos ísle de ghnáth ná na luachanna tairsí comhfhreagracha d'uiscí dromchla. Mar sin féin, i gcás inar féidir an riosca iarbhír do na héiceachórais screamhuisce a bhunú, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí luachanna tairsí a shocrú do screamhuisce ar leibhéal difriúil.*** |
| | ___________________ |
| | ***[1a] EMA. Measúnú a dhéanamh ar an riosca tocsaineolaíoch do shláinte an duine agus pobail screamhuisce ó chógaisíocht tréidliachta i screamhuisce - Treoirlíne eolaíoch, Aibreán 2018.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) De bhun dhlí infheidhme an Aontais, tá sé mar oibleagáid ag na Ballstáit uiscí truaillithe agus uiscí atá i*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***mbaol a shainaithint, limistéir leochaileacha ó thaobh níotráite de a shannadh, cláir ghníomhaíochta a fhorbairt agus bearta ábhartha a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, tá gá fós ann le comhchuibhiú na mbeart rialaithe agus na gcóras tomhais cáilíochta uisce idir na Ballstáit a fheabhsú, ionas go lamháiltear do chaighdeáin chomhchuibhithe ar fud an Aontais a chumasaíonn inchomparáideacht idir na Ballstáit, rud a sheachnaíonn, dá bhrí sin, fadhbanna iomaíochta san earnáil talmhaíochta Eorpach, ar fadhbanna iad a chuireann isteach ar an margadh inmheánach.*** |

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Cuireadh imní in iúl faoin riosca a bhaineann le forbairt na frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí de dheasca miororgánaigh frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí agus géinte frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí a bheith i láthair sa timpeallacht uisceach, ach is beag faireachán atá déanta go dtí seo. Ba cheart géinte frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí ábhartha a áireamh freisin sna liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce agus ba cheart faireachán a dhéanamh orthu a luaithe a bheidh modhanna faireacháin oiriúnacha forbartha. Tá sé sin i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha, a ghlac an Coimisiún i mí an Mheithimh 2017, agus leis an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip, lena dtugtar aghaidh ar an ábhar imní sin freisin. | (10) ***Meastar in 2019, go raibh idir 900 000 agus 1,7 milliún bás ar fud an domhain inchurtha i leith ionfhabhtuithe frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh (AMR)[1a]. Ag an am céanna,*** cuireadh imní in iúl faoin riosca a bhaineann le forbairt na frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí de dheasca miororgánaigh frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí agus géinte frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí a bheith i láthair sa timpeallacht uisceach, ach is beag faireachán atá déanta go dtí seo. Ba cheart géinte frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí ábhartha a áireamh freisin sna liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce agus ba cheart faireachán a dhéanamh orthu a luaithe a bheidh modhanna faireacháin oiriúnacha forbartha. Tá sé sin i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha, a ghlac an Coimisiún |

i mí an Mheithimh 2017, agus leis an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip, lena dtugtar aghaidh ar an ábhar imní sin freisin.

---

[1a] ***'Global burden of bacterial antimicrobial resistance in 2019: a systematic analysis', Lancet, 19 January 2022 https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S0140673621027240?via%3Dihub ['Ualach domhanda maidir le frithsheasmhacht bhaictéarach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha in 2019:***

***anailís chórasach', Lancet, 19 Eanáir 2022]***

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Déanann Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 ón gCoimisiún lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/652/AE1 an creat a leagan síos chun sonraí inchomparáide iontaofa maidir le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach san Aontas Eorpach a fháil, lena n-áirítear trí fhaireachán a dhéanamh ar fhuíolluisce ó sheamlais mar iomprán féideartha do bhaictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach, agus dá bhrí sin, mar mhodh féideartha éillithe don chomhshaol. Aimsíodh baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach in uisce a sceitheadh ó sheamlais.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10b) Léiríodh imní faoin riosca a bhaineann le sulfáití agus xantáití sa chomhshaol uisceach. Ní hamháin go gcuireann sulfáití isteach ar cháilíocht an uisce óil, bíonn tionchar acu freisin ar thimthriallta ábhar carbóin, nítrigine agus fosfair. I measc nithe eile, méadaítear leis seo na hualaí cothaitheach i ndobharlaigh agus mar sin fás plandaí agus algaí agus méadaítear leis an soláthar bia d'orgánaigh uisceacha agus laghdaítear ocsaigin san uisce dá bharr. Is féidir le sulfáití agus a gcuid táirgí díghrádaithe, go háirithe suilfíd, faoi choinníollacha áirithe, éifeacht tocsaineach a bheith acu ar an saol uisceach. Léiríonn torthaí tástála caighdeánacha go bhfuil roinnt xantáití agus a dtáirgí díghrádaithe tocsaineach d'inveirteabraigh uisceacha agus do speicis éisc agus go bhféadfadh siad bithcharnú. Tá sulfáití liostaithe cheana féin mar thruailleán do screamhuisce, ach níor leor an faireachán a rinneadh. Mar sin ba cheart sulfáití a áireamh ar na liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce. Ba cheart xantáití a áireamh ar na liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10c) Is bagairtí follasacha iad substaintí amhail micreaphlaistigh ar an tsláinte phoiblí agus ar an gcomhshaol, ach is bagairtí iad ar ghníomhaíochtaí bunúsacha freisin ar nós fhorbairt na talmhaíochta. Maidir le bheith i láthair*** |

***substaintí den sort sin agus cáithníní eile a bheith i láthair, is féidir impleachtaí a bheith acu ní hamháin ar an uisce a fhaigheann beostoc agus bairr, ach ar thorthúlacht na hithreach freisin, rud a chuireann, dá bhrí sin, folláine agus dea-fhorbairt na mbarr atá ann cheana agus na mbarr a bheidh ann amach anseo i mbaol[1a].***

---

***1a***

***https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S2352186422000724***

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) I bhfianaise feasacht a bheith ag dul i méid ar ábharthacht na meascán agus dá bhrí sin an ar ábharthacht an fhaireacháin éifeachtbhunaithe chun stádas ceimiceach a chinneadh, agus i bhfianaise gurb ann cheana féin do mhodhanna faireacháin éifeachtbhunaithe atá sách láidir le haghaidh substaintí éastraigineacha, ba cheart do na Ballstáit na modhanna sin a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí carnacha na substaintí éastraigineacha in uiscí dromchla ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann comparáid a dhéanamh idir na torthaí éifeachtbhunaithe, agus na torthaí a gheofar agus na modhanna traidisiúnta á n-úsáid, chun faireachán a dhéanamh ar na trí shubstaint éastraigineacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. ***Úsáidfear*** an chomparáid sin ***chun measúnú a dhéanamh*** ar cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar ***modhanna faireacháin éifeachtbhunaithe*** a úsáid mar mhodhanna scagtha iontaofa. Bheadh sé de bhuntáiste leis na modhanna scagtha sin a úsáid go | (11) ***Go ginearálta, ní féidir leis na modhanna faireacháin reatha agus traidisiúnta maidir le stádas ceimiceach dobharlach an tionchar a bhíonn ag meascáin chasta ceimiceán ar cháilíocht an uisce a chinneadh.*** I bhfianaise feasacht a bheith ag dul i méid ar ábharthacht na meascán agus dá bhrí sin an ar ábharthacht an fhaireacháin éifeachtbhunaithe chun stádas ceimiceach a chinneadh, agus i bhfianaise gurb ann cheana féin do mhodhanna faireacháin éifeachtbhunaithe atá sách láidir le haghaidh substaintí éastraigineacha, ba cheart do na Ballstáit na modhanna sin a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí carnacha na substaintí éastraigineacha in uiscí dromchla ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann comparáid a dhéanamh idir na torthaí éifeachtbhunaithe, agus na torthaí a gheofar agus na modhanna traidisiúnta á n-úsáid, chun faireachán a dhéanamh ar na trí shubstaint éastraigineacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. ***Ba cheart*** an |

mbeifí in ann éifeachtaí na substaintí éastraigineacha uile ag a bhfuil éifeachtaí comhchosúla a chumhdach, seachas iad sin amháin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Ba cheart an sainmhíniú ar EQS i dTreoir 2000/60/CE a mhodhnú chun a áirithiú go bhféadfar a chumhdach leis, amach anseo, luachanna truicir a d'fhéadfaí a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí faireacháin éifeachtbhunaithe.

chomparáid sin ***a chur san áireamh i dtuarascáil mheastóireachta arna foilsiú ag an gCoimisiún ina measfadh sé cé acu an seachadann nó nach sheacadann modhanna faireacháin bunaithe*** ar ***éifeacht sonraí beachta agus stóinsithe agus*** cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar ***iad*** a úsáid mar mhodhanna scagtha iontaofa. Bheadh sé de bhuntáiste leis na modhanna scagtha sin a úsáid go mbeifí in ann éifeachtaí na substaintí éastraigineacha uile ag a bhfuil éifeachtaí comhchosúla a chumhdach, seachas iad sin amháin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Ba cheart ***go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Treoir 2008/105/CE a fhorlíonadh chun rialacha mionsonracha a leagan amach do na Ballstáit chun úsáid a bhaint as modhanna éifeachtbhunaithe chun faireachán a dhéanamh chun a mheas*** an ***bhfuil substaintí eile i ndobharlaigh freisin, in oirchill go bhféadfaí truicearuachanna éifeachtbhunaithe a shocrú amach anseo. Ba cheart an*** sainmhíniú ar EQS i dTreoir 2000/60/CE a mhodhnú chun a áirithiú go bhféadfar a chumhdach leis, amach anseo, luachanna truicir a d'fhéadfaí a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí faireacháin éifeachtbhunaithe.

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) Ba cheart luachanna tairsí níos déine a bhunú i gcás ina bhféadfadh sé, mar thoradh ar chaighdeáin cháilíochta screamhuisce, nach mbainfí amach cuspóirí comhshaoil Threoir 2000/60/CE maidir le dobharlaigh ghaolmhara, mar a cheanglaítear faoi Threoir 2006/118/CE. Ba cheart an ceanglas sin faoi Threoir 2006/118/CE a leathnú tuilleadh chun*** |

***cosaint níos fearr a thabhairt do láithreáin leochaileacha ar thruailliú.***

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Leis an meastóireacht a rinneadh ar reachtaíocht uisce an Aontais[58] (an 'mheastóireacht') thángthas ar an gconclúid go bhféadfaí dlús a chur leis an bpróiseas chun truailleáin a shainaithint agus a liostú ar truailleáin iad lena ndéantar difear d'uisce dromchla agus screamhuisce agus caighdeáin cháilíochta a leagan síos nó a athbhreithniú lena n-aghaidh i bhfianaise eolas eolaíoch nua. Dá ***mbeadh na cúraimí sin le déanamh ag an gCoimisiún, seachas*** faoi chuimsiú ***na ngnáthnósanna imeachta reachtacha dá bhforáiltear faoi láthair in Airteagail 16*** agus ***17 de Threoir 2000/60/CE*** agus in ***Airteagal 10 de Threoir 2006/118/CE, d'fhéadfaí*** feabhas a chur ar fheidhmiú na sásraí liosta faire uisce dromchla agus screamhuisce, go háirithe i dtéarmaí liostú, faireachán agus measúnú torthaí a uainiú agus a sheicheamhú, ***d'fhéadfaí*** na naisc idir an sásra liosta faire agus na hathbhreithnithe ar na liostaí truailleán a láidriú, agus ***trí bhíthin athruithe ar*** na liostaí truailleán***, d'fhéadfaí*** an dul chun cinn eolaíoch a chur san áireamh níos gasta. ***Dá bhrí sin, agus i bhfianaise gur gá na liostaí truailleán agus EQS a ghabhann leo a leasú go pras i bhfianaise eolas eolaíoch agus teicniúil nua, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE a leasú a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí tosaíochta agus le EQS comhfhreagrach a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn sin agus chun*** | (12) Leis an meastóireacht a rinneadh ar reachtaíocht uisce an Aontais[58] (an 'mheastóireacht') thángthas ar an gconclúid go bhféadfaí dlús a chur leis an bpróiseas chun truailleáin a shainaithint agus a liostú ar truailleáin iad lena ndéantar difear d'uisce dromchla agus screamhuisce agus caighdeáin cháilíochta a leagan síos nó a athbhreithniú lena n-aghaidh i bhfianaise eolas eolaíoch nua. Dá ***bhrí sin,*** faoi chuimsiú ***aon athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE maidir leis an liosta substaintí tosaíochta*** agus ***an EQS comhfhreagrach atá leagtha amach i gCuid A den Iarscríbhinn sin*** agus in ***Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE, ba cheart*** feabhas a chur ar fheidhmiú na sásraí liosta faire uisce dromchla agus screamhuisce, go háirithe i dtéarmaí liostú, faireachán agus measúnú torthaí a uainiú agus a sheicheamhú, ***ba cheart*** na naisc idir an sásra liosta faire agus na hathbhreithnithe ar na liostaí truailleán a láidriú, agus ***ba cheart an tréimhse athbhreithnithe do*** na liostaí truailleán ***a choigeartú chun*** an dul chun cinn eolaíoch a chur san áireamh ***ar bhealach*** níos gasta. Sa chomhthéacs seo, ba cheart don Choimisiún torthaí an fhaireacháin ar shubstaintí atá ar na liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce a chur san áireamh. Mar iarmhairt air sin, ba cheart ***Airteagal 16*** agus ***Airteagal*** 17 de Threoir 2000/60/CE agus Iarscríbhinn X a ghabhann leis an ***Treoir sin***, mar aon le hAirteagal 10 de Threoir 2006/118/CE, a scriosadh***, agus cothabháil á déanamh ar an oibleagáid atá ann bearta a dhéanamh*** |

| | |
|---|---|
| ***Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE a leasú a mhéid a bhaineann leis an liosta truailleán screamhuisce agus leis na caighdeáin cáilíochta screamhuisce a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.*** Sa chomhthéacs seo, ba cheart don Choimisiún torthaí an fhaireacháin ar shubstaintí atá ar na liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce a chur san áireamh. Mar iarmhairt air sin, ba cheart ***Airteagail 16*** agus 17 de Threoir 2000/60/CE agus Iarscríbhinn X a ghabhann leis an ***Treoir sin***, mar aon le hAirteagal 10 de Threoir 2006/118/CE, a scriosadh. | ***a bhfuil sé mar aidhm leo deireadh a chur le sceitheadh, astaíochtaí agus caillteanas substaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh a chur leo de réir a chéile***. |
| [58] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Seiceáil oiriúnachta ar an Treoir Réime maidir le hUisce, an Treoir maidir le Screamhuisce, an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil agus Treoir maidir le Tuilte, SWD(2019) 439 final. | [58] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Seiceáil oiriúnachta ar an Treoir Réime maidir le hUisce, an Treoir maidir le Screamhuisce, an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil agus Treoir maidir le Tuilte, SWD(2019) 439 final. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Ar an iomlán, léirítear i dtorthaí na seiceála Oiriúnachta go bhfuil na Treoracha oiriúnach don fheidhm go forleathan, le deis i gcomhair feabhais, lena n-áirítear dlús a chur le cur chun feidhme beacht na gcuspóirí a bhaineann leo, rud a d'fhéadfaí a bhaint amach le tuilleadh cistithe ón Aontas. Léirítear sa mheasúnú go raibh na Treoracha ina gcúis le leibhéal níos airde cosanta dobharlach agus bainistíochta riosca i gcás tuilte go ginearálta go dtí seo.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Ba cheart aon chinneadh maidir le roghnaithe, athbhreithniú substaintí agus leagan síos EQS a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca agus cur chuige comhréireach, trédhearcach agus atá bunaithe ar eolaíocht a leanúint, agus moltaí ó Pharlaimint na hEorpa, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara ábhartha, a chur san áireamh.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13b) Cé gur socraíodh le Treoir 2000/60/CE na rialacha is gá chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le cainníocht agus cáilíocht uisce, léiríodh sa tástáil Oiriúnachta gur féidir an dul chun cinn mall atá déanta maidir le cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, a chur i leith, i measc nithe eile, easpa acmhainní airgeadais leordhóthanacha chomh maith le castacht rialaitheach agus éiceolaíoch, lena n-áirítear agaí moille féideartha maidir le freagairt an screamhuisce do na bearta agus maidir le hamlínte tuairiscithe. Cuireann bearta a fheabhsaíonn stádas dobharlach trí athchóiriú aibhneacha agus trí sheirbhísí éiceachórais buntáistí airgeadais ar fáil atá níos mó ná na costais agus d’fhéadfaidís caiteachas neamhriachtanach a laghdú do na Ballstáit. Thairis sin, léirítear sa mheasúnú easpa cur chun feidhme, raon feidhme neamhleordhóthanach, agus bearta athchóirithe neamhleordhóthanacha nó neamhimleora*** |

| | |
|---|---|
| | ***lena n-áirithítear nascacht hidreolaíoch agus éiceolaíoch[1a].*** |
| | ***[1a] https://www.igb-berlin.de/sites/default/files/media-files/download-files/IGB_Policy_Brief_WFD_2019.pdf*** |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Chun cur chuige comhchuibhithe agus cothroime iomaíochta a áirithiú san Aontas, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Cuid B d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE a leasú tríd an liosta truailleán a oiriúnú, truailleáin nach mór do na Ballstáit ***cuimhneamh ar*** luachanna tairsí náisiúnta a leagan síos lena n-aghaidh. | (15) Chun cur chuige comhchuibhithe agus cothroime iomaíochta a áirithiú san Aontas, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Cuid B d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE a leasú tríd an liosta truailleán a oiriúnú, truailleáin nach mór do na Ballstáit luachanna tairsí náisiúnta a leagan síos lena n-aghaidh. |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Chun foráil a dhéanamh do chaighdeáin chosanta leordhóthanacha do limistéir ardluacha éiceolaíochta, leochaileachta nó truaillithe, amhail uaimheanna agus limistéir charstacha, ina bhfuil éiceachórais atá i measc iad siúd is leochailí i leith éillithe agus atá ina soláthairtí uisce óil tábhachtacha, chomh maith le haghaidh iar-láithreáin thionsclaíocha agus limistéir eile a bhfuil éilliú stairiúil aitheanta orthu, ba cheart don Choimisiún measúnú ar stádas ceimiceach na limistéar sin a fhoilsiú*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Theoir 2006/118/CE.*** |

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun an chinnteoireacht éifeachtach agus chomhleanúnach a áirithiú agus sineirgí a fhorbairt leis an obair a dhéantar faoi chuimsiú reachtaíocht eile an Aontais maidir le ceimiceáin, ba cheart ról a bheidh buan agus teorannaithe go soiléir a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA') maidir le tosaíocht a thabhairt do shubstaintí a bheidh le háireamh ar na liostaí faire agus ar na liostaí substaintí in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE, agus maidir le caighdeáin cháilíochta iomchuí a dhíorthú a bheidh bunaithe ar an eolaíocht. An Coiste um Measúnú Riosca (RAC) agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) de chuid ECHA, ba cheart dóibh cur i gcrích cúraimí áirithe a thugtar do ECHA a éascú trí thuairimí a thabhairt. Ba cheart do ECHA comhordú níos fearr a áirithiú freisin idir píosaí éagsúla den dlí comhshaoil trí thrédhearcacht mhéadaithe a mhéid a bhaineann le truailleáin atá ar liosta faire nó trí EQS nó tairseacha náisiúnta nó uile-Aontais a fhorbairt, trí thuarascálacha eolaíocha ábhartha a chur ar fáil go poiblí. | (21) Chun an chinnteoireacht éifeachtach agus chomhleanúnach a áirithiú agus sineirgí a fhorbairt leis an obair a dhéantar faoi chuimsiú reachtaíocht eile an Aontais maidir le ceimiceáin, ba cheart ról a bheidh buan agus teorannaithe go soiléir a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA') maidir le tosaíocht a thabhairt do shubstaintí a bheidh le háireamh ar na liostaí faire agus ar na liostaí substaintí in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE, agus maidir le caighdeáin cháilíochta iomchuí a dhíorthú a bheidh bunaithe ar an eolaíocht. An Coiste um Measúnú Riosca (RAC) agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) de chuid ECHA, ba cheart dóibh cur i gcrích cúraimí áirithe a thugtar do ECHA a éascú trí thuairimí a thabhairt. Ba cheart do ECHA comhordú níos fearr a áirithiú freisin idir píosaí éagsúla den dlí comhshaoil trí thrédhearcacht mhéadaithe a mhéid a bhaineann le truailleáin atá ar liosta faire nó trí EQS nó tairseacha náisiúnta nó uile-Aontais a fhorbairt, trí thuarascálacha eolaíocha ábhartha a chur ar fáil go poiblí. ***Maidir le luachanna tairsí do shubstaintí cógaisíochta a mheasúnú, ba cheart don ECHA comhoibriú leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach ('EMA').*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(23) Le sreabha sonraí a thuairiscítear do EEA faoi reachtaíocht uisce an Aontais agus, go háirithe na fardail astaíochtaí a cheanglaítear le Treoir 2008/105/CE a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, leis na sreabha sonraí a thuairiscítear don Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha faoi Threoir 2010/75/AE agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, fágfar go mbeidh an tuairisciú fardail i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2008/105/CE níos simplí agus níos éifeachtúla. An tráth céanna, laghdófar leis an t-ualach riaracháin agus an buaic-ualach oibre in ullmhúcháin na bpleananna bainistíochta abhantraí. In éineacht le díothú an tuairiscithe eatramhaigh ar dhul chun cinn na gclár beart, rud nach raibh éifeachtach, leis an tuairisciú simplithe sin, cuirfear ar a gcumas do na Ballstáit iarracht níos mó a dhéanamh i dtaobh an tuairiscithe astaíochtaí nach gcumhdaítear leis an reachtaíocht maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha ach a chumhdaítear leis an tuairisciú astaíochtaí faoi Airteagal 5 de Threoir 2008/105/CE.*** | ***scriosta*** |
| ___________________<br>***Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú agus lena leasaítear Treoir a 91/689/CEE agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).*** | |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Is gá dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil i réimse an fhaireacháin ar stádas na ndobharlach a chur san áireamh i gcomhréir leis na ceanglais faireacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit sonraí agus seirbhísí a úsáid ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí in-situ, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí a ghiaráil. | (31) Is gá dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ***chomh maith leis na modhanna is fearr atá ar fáil*** i réimse an fhaireacháin ar stádas na ndobharlach a chur san áireamh i gcomhréir leis na ceanglais faireacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit sonraí agus seirbhísí a úsáid ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí in-situ, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí a ghiaráil. |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tionsclaíocha a bhaineann leis an aistriú fuinnimh tionchar diúltach ar cháilíocht an uisce a mhéadú. Chun a leithéid de thionchair sa todhchaí a mhaolú, amhail athruithe ar phatrúin sreafa nádúrtha agus ar theocht, agus truailliú uisce, ní mór measúnú a dhéanamh ar raon iomlán na bhfachtóirí féideartha chomh maith le bearta a ghlacadh chun dea-cháilíocht uisce a bhaint amach agus a chothabháil. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit meastóireacht rialta a dhéanamh ar an tionchar ar cháilíocht uisce na ngníomhaíochtaí tionsclaíocha a bhaineann leis an aistriú fuinnimh agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi bhagairtí nua-aitheanta d'fhonn an liosta faire a nuashonrú dá réir. Ba cheart go mbeadh an mheastóireacht inrochtana go héasca don phobal agus ba cheart go gceadófaí don nuashonrú tarlú lasmuigh*** |

***de na timthriallta uasdátaithe ginearálta, chun feabhsú leanúnach ar mheasúnú ar cháilíocht an uisce a áirithiú.***

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31b) Ina theachtaireacht an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus ina theachtaireacht an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir le feabhas a chur ar rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, gheall an Coimisiún gníomhaíocht a dhéanamh chun rochtain ar cheartas os comhair cúirteanna náisiúnta i ngach Ballstát a fheabhsú do shaoránaigh agus d'eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha a bhfuil ábhair shonracha imní acu faoi chomhoiriúnacht gníomhartha riaracháin a bhfuil tionchar acu ar an gcomhshaol le dlí an chomhshaoil. Sa teachtaireacht dheireanach sin, dearbhaíonn an Coimisiún gur 'beart tacaíochta tábhachtach í rochtain ar cheartas in ábhair chomhshaoil, trí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus trí chúirteanna náisiúnta mar chúirteanna an Aontais, chun cuidiú le haistriú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach agus chun an ról is féidir leis an tsochaí shibhialta a imirt mar foras faire sa spás daonlathach a neartú'. Ba cheart na gealltanais sin a chur chun feidhme freisin faoi Threoir 2000/60 CE.*** |

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31c) Mar a dheimhnítear le cásdlí CBAE1a, ba cheart seasamh dlíthiúil a thabhairt d'eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha agus do dhaoine aonair lena mbaineann go díreach chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinnidh, arna ghlacadh ag údarás poiblí, ar cinneadh é atá ag sárú na gcuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2000/60 CE. Chun rochtain ar cheartas a fheabhsú sna hábhair lena mbaineann os comhair cúirteanna náisiúnta san Aontas agus chun go mbeidh na heagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus na daoine aonair lena mbaineann go díreach in ann brath ar dhlíthe náisiúnta agus agóid á déanamh acu i gcoinne cinntí a sháraíonn Treoir 2000/60 CE, ba cheart forálacha a bhunú i dTreoir 2000/60 CE chun rochtain ar cheartas a áirithiú.***<br>_________________<br>***Cás C-535/18, Breithiúnas ón gCúirt (an Chéad Dlísheomra) an 28 Bealtaine 2020; IL and Others v Land Nordrhein Westfalen. Cás C-664/15, Breithiúnas ón gCúirt (an Dara Dlísheomra) an 20 Nollaig 2017; Protect Natur-, Arten- und Landschaftsschutz Umweltorganisation v Bezirkshauptmannschaft Gmünd.*** |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) I bhfianaise na méaduithe ar imeachtaí aimsire nach féidir a thuar, go háirithe tuilte foircneacha agus tréimhsí triomaigh fada, agus ar theagmhais truaillithe móra as a n-eascraíonn truailliú trasteorann ***de thimpiste*** nó ina gcuirtear an truailliú sin in olcas, ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go | (32) I bhfianaise na méaduithe ar imeachtaí aimsire nach féidir a thuar, go háirithe tuilte foircneacha agus tréimhsí triomaigh fada, agus ar theagmhais truaillithe móra as a n-eascraíonn truailliú trasteorann nó ina gcuirtear an truailliú sin in olcas, ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go soláthrófar |

| | |
|---|---|
| soláthrófar faisnéis láithreach maidir le teagmhais den sórt sin do Bhallstáit eile dá bhféadfaí difear a dhéanamh agus dul i gcomhar go héifeachtach le Ballstáit dá bhféadfaí difear a dhéanamh chun éifeachtaí na himeachta nó an teagmhais a mhaolú. Is gá freisin an comhar idir na Ballstáit a threisiú agus nósanna imeachta maidir le comhar trasteorann a chuíchóiriú i gcás fadhbanna níos struchtúraí, i.e. fadhbanna trasteorann níos fadtéarmaí nach de dheasca timpiste iad agus nach féidir a réiteach ar leibhéal na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2000/60/CE. I gcás ina bhfuil gá le cúnamh Eorpach, féadfaidh údaráis inniúla iarrataí ar chúnamh a sheoladh chuig Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin, a chomhordóidh tairiscintí cúnaimh féideartha agus úsáid na dtairiscintí sin trí Shásra Aontais um Chosaint Shibhialta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de ***Chinneadh 1313/2013*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64]. | faisnéis láithreach maidir le teagmhais den sórt sin do Bhallstáit eile dá bhféadfaí difear a dhéanamh agus dul i gcomhar go héifeachtach le Ballstáit dá bhféadfaí difear a dhéanamh chun éifeachtaí na himeachta nó an teagmhais a mhaolú. Is gá freisin an comhar idir na Ballstáit a threisiú agus nósanna imeachta maidir le comhar trasteorann a chuíchóiriú i gcás fadhbanna níos struchtúraí, i.e. fadhbanna trasteorann níos fadtéarmaí nach de dheasca timpiste iad agus nach féidir a réiteach ar leibhéal na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2000/60/CE. I gcás ina bhfuil gá le cúnamh Eorpach, féadfaidh údaráis inniúla iarrataí ar chúnamh a sheoladh chuig Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin, a chomhordóidh tairiscintí cúnaimh féideartha agus úsáid na dtairiscintí sin trí Shásra Aontais um Chosaint Shibhialta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de ***Chinneadh 1313/2013/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64]. ***Ós rud é gur féidir le ceantair abhantraí síneadh thar chríoch an Aontais freisin, rannchuideofaí freisin leis na cuspóirí mar a leagtar amach i dTreoir 2000/60/CE do na ceantair shonracha abhantraí sin, dá dtagraítear in Airteagal 3(5) de Threoir 2000/60/CE, na forálacha ábhartha maidir le cosaint uisce faoi Threoir 2000/60/CE a chur chun feidhme go héifeachtach chomh maith le comhordú iomchuí leis na Stáit ábhartha nach Ballstáit iad. Ina theannta sin, ba cheart coinbhleachtaí armtha a tharlaíonn i ndlúthghaireacht gheografach don Aontas a mheas freisin mar imeachtaí eisceachtúla mar gheall ar a dtionchar fairsing trasteorann ar an gcomhshaol, lena n-áirítear truailliú aeir, ithreach agus uisce. Ós rud é go bhféadfadh na habhantracha a mbeadh tionchar ag coinbhleachtaí den sórt sin orthu a shíneadh isteach laistigh de theorainneacha an Aontais, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a n-iarrachtaí a mhéadú chun comhordú*** |

***iomchuí a bhunú leis na stáit ábhartha nach Ballstáit iad dá dtagraítear in Airteagal 3(5) de Threoir 2000/60/CE.***

[64] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

[64] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(32a) I dtuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 19 Bealtaine 2021 dar teideal 'The Polluter Pays Principle: Inconsistent application across EU environmental policies and actions' [An Prionsabal gurb é Udar an Truaillithe a Íocfaidh as: Cur i bhfeidhm neamhréireach i mbeartais agus gníomhaíochtaí comhshaoil an Aontais Eorpaigh] tugann sí dá haire go gcaitheann na Ballstáit thart ar EUR 100 billiún in aghaidh na bliana ar sholáthar uisce agus ar shláintíocht cheana féin agus go meastar go mbeidh méaduithe ar an gcaiteachas sin os cionn 25 % chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais maidir le cóireáil fuíolluisce agus uisce óil a bhaint amach, agus nach bhfuil infheistíochtaí san áireamh a theastaíonn chun an bonneagar atá ann cheana a athnuachan nó chun cuspóirí na Treorach Réime Uisce agus na Treorach maidir le Tuilte a bhaint amach. Ina theannta sin, san Aontas, íocann úsáideoirí ar an meán thart ar 70 % den chostas a bhaineann le seirbhísí uisce a sholáthar, trí tharaifí uisce, agus maoinítear an 30 % eile le hairgead poiblí, cé go bhfuil difríochtaí suntasacha idir na réigiúin agus na Ballstáit. Is gnách go sheasann teaghlaigh an Aontais an chuid is mó de*** |

***na costais don soláthar uisce agus do na seirbhísí sláintíochta cé nach n-ídíonn siad ach 10 % den uisce agus cé gurb iad na hearnálacha eacnamaíocha is mó a chuireann an brú is mó ar acmhainní fionnuisce in-athnuaite is lú a dhéanann ranníocaíochtaí chun na costais sin a sheasamh.***

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(32b) Is trí bhuiséid na mBallstát amháin a mhaoinítear na costais a bhaineann le cláir faireacháin chun stádas uisce dromchla agus screamhuisce a chinneadh. Ós rud é go bhfuil líon na gceimiceán a bhraitear sa timpeallacht uisceach ag síorathrú, go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dtruailleán atá ag teacht chun cinn agus atá le feiceáil le déanaí sa timpeallacht uisceach, go bhfuil gá le feabhsú leanúnach ar mhodhanna anailíseacha ceimiceacha chun na truailleáin sin atá ag teacht chun cinn agus truailleáin nua a bhrath agus chun measúnú ceart a dhéanamh ar a dtionchar éiceolaíoch, agus gur gá modhanna nua faireacháin a fhorbairt freisin chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar éifeachtaí meascán ceimiceach, meastar go dtiocfaidh méadú breise ar na costais faireacháin sin. Chun na costais sin a chumhdach, agus i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as agus a chuirtear in iúl in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá sé fíor-riachtanach go nglacfaidh táirgeoirí a chuireann ar mhargadh an Aontais táirgí ina bhfuil substaintí a bhfuil tionchar cruthaithe nó féideartha diúltach acu ar shláinte an duine agus ar an timpeallacht uisceach freagracht airgeadais as na bearta is gá*** |

***chun substaintí a rialú a ghintear i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí tráchtála agus a fhaightear in uisce dromchla agus screamhuisce. Is docha gurb é córas freagrachta leathnaithe táirgeora an bealach is oiriúnaí chun é sin a bhaint amach, toisc go gcuirfeadh sé teorainn leis an ualach airgeadais ar an gcáiníocóir, agus ag an am céanna go gcuirfeadh sé dreasacht ar fáil chun táirgí níos glaise a fhorbairt. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, measúnú tionchair a ullmhú lena scrúdófar córas freagrachta leathnaithe táirgeora a bheith curtha san áireamh i dTreoir 2006/118/CE agus i dTreoir 2008/105/CE ar córas é a bheadh infheidhme maidir le substaintí tosaíochta a shainmhínítear faoi Threoir 2006/118/CE agus faoi Threoir 2008/105/CE, chomh maith le truailleáin atá ag teacht chun cinn agus truailleáin nua, mar a shainmhínítear sna liostaí faire faoi Threoir 2006/118/CE agus faoi Threoir 2008/105/CE. Ba cheart togra reachtach chun Treoir 2006/118/CE agus Treoir 2008/105/CE a athbhreithniú a bheith ag gabháil leis an measúnú tionchair, i gcás inarb iomchuí.***

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(32c) Tá costais mhéadaithe i gceist le faireachán a dhéanamh ar líon méadaithe substaintí nó grúpa substaintí agus tá gá freisin le cumas riaracháin neartaithe sna Ballstáit, go háirithe iad siúd a bhfuil acmhainní tearca acu. I bhfianaise an mhéid thuas, ba cheart don Choimisiún saoráid faireacháin chomhpháirteach Eorpach a bhunú chun na ceanglais faireacháin a bhainistiú nuair a iarrann na Ballstáit amhlaidh, chun a n-ualaí airgeadais agus riaracháin a éascú. Ba cheart don Choimisiún modhanna*** |

***oibriúcháin na saoráide faireacháin a shainiú. Ba cheart go n-úsáidfí saoráid den sórt sin go deonach agus gan dochar do na socruithe atá i bhfeidhm cheana féin ag na Ballstáit.***

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(32d) Léiríonn fianaise go bhfuil gá le hinfheistíocht san earnáil uisce agus tá maoiniú ón Aontas ríthábhachtach do roinnt Ballstát chun na hoibleagáidí dlíthiúla a leagtar síos i dTreoir 2000/60/CE, i dTreoir 2008/105/CE agus i dTreoir 2006/118/CE a chomhlíonadh. Ní mór do na Ballstáit go léir a gcaiteachas a mhéadú 20 % ar a laghad chun caighdeáin uisce de chuid an Aontais a bhaint amach agus tá bearna maoinithe chomhiomlánaithe EUR 289 billiún suas go dtí 2030[1a]. Is gá a áirithiú, dá bhrí sin, go gcuirtear acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna ar fáil chun faireachán agus cigireachtaí a dhéanamh ar dhobharlaigh sna Ballstáit uile, lena n-áirítear trí chistí struchtúracha ábhartha agus trí chláir ábhartha de chuid an Aontais, chomh maith le trí ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear faoin sásra um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, a luaithe a chuirtear i bhfeidhm é.*** |
| | ***[1a] OECD, 6th Roundtable on Financing Water. [ECFE, 6ú Chruinniú Comhchéime maidir le Maoiniú Uisce.] Ar fáil ag: https://www.oecd.org/water/6th-Roundtable-on-Financing-Water-in-Europe-Summary-and-Highlights.pdf*** |

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) Ba cheart do na Ballstáit sineirgí a spreagadh idir ceanglais na dtreoracha ábhartha maidir le bailiú sonraí agus cur in úsáid uirlisí digiteacha, amhail teicneolaíochtaí cianbhraiteachta agus faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), araon.*** |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34b) Ba cheart do na húdaráis inniúla tacaíocht a thabhairt don oiliúint, do chláir forbartha scileanna agus d'infheistíocht i gcaipiteal daonna chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach na dteicneolaíochtaí agus na réiteach nuálach is fearr faoi chuimsiú na dtreoracha. Ba cheart go mbeifí in ann rochtain a dhéanamh ar fhaisnéis sna teangacha náisiúnta éagsúla chun inrochtaineacht na sonraí ábhartha a threisiú ar fud na hEorpa do na gníomhaithe áitiúla ábhartha agus do na saoránaigh.*** |

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – an chuid réamhráiteach**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 1 – pointe 31 – fleasc 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fleasc: | (1) in Airteagal 1, ***pointe (e),*** cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fleasc: |

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe c**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 30a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (***30 a***) Ciallaíonn 'substaintí guaiseacha tosaíochta' substaintí tosaíochta a dhéantar a mharcáil mar 'ghuaiseach' ar an mbonn go n-aithnítear i dtuarascálacha eolaíocha, i reachtaíocht ábhartha an Aontais nó i gcomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha iad, mar shubstaintí atá ***tocsaineacha, marthanacha*** agus ar dócha go mbithbhaileofar iad nó as a n-eascraíonn leibhéal imní coibhéiseach, i gcás inarb ábhartha an imní sin don timpeallacht uisceach. | (***30a***) Ciallaíonn 'substaintí guaiseacha tosaíochta' substaintí tosaíochta a dhéantar a mharcáil mar 'ghuaiseach' ar an mbonn go n-aithnítear i dtuarascálacha eolaíocha, i reachtaíocht ábhartha an Aontais nó i gcomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha iad, mar shubstaintí atá ***tocsaineach, marthanach*** agus ar dócha go mbithbhaileofar iad ***(PBT)*** nó ***an-mharthanach agus an-inbhithbhailithe (vPvB), nó marthanach, móibíleach agus tocsaineach (PMT) nó an-mharthanach agus an-mhóibíleach (vPvM) nó*** as a n-eascraíonn leibhéal imní coibhéiseach, i gcás inarb ábhartha an imní sin don timpeallacht uisceach***, agus ar gá bearta a ghlacadh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4, (1), pointe (a), pointe (iv)***. |

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 35

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ciallaíonn 'caighdeán cáilíochta comhshaoil' tiúchan truailleáin áirithe nó grúpa truailleán áirithe in uisce, dríodar nó bithra nach bhfuil le sárú chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint nó ***luach truicir*** maidir leis an éifeacht dhíobhálach ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol ón truailleán sin nó ón ngrúpa truailleán sin, tiúchan arna thomhas agus modh éifeachtbhunaithe iomchuí á úsáid.'; | (35) Ciallaíonn 'caighdeán cáilíochta comhshaoil' tiúchan truailleáin áirithe nó grúpa truailleán áirithe in uisce, dríodar nó bithra nach bhfuil le sárú chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint nó ***spreag-luach*** maidir leis an éifeacht dhíobhálach ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol ón truailleán sin nó ón ngrúpa truailleán sin, tiúchan arna thomhas agus modh éifeachtbhunaithe iomchuí ***atá suite go heolaíochtúil*** á úsáid.'; |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 37

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (37):*** |
| 37. tá an bhrí chéanna le 'uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine' atá leis faoi Threoir ***80/778/CEE, arna leasú le Treoir 98/83/CE***. | **'**37. tá an bhrí chéanna le 'uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine' atá leis faoi Threoir ***(AE) 0020/2184***. |

*(02000L0060)*

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d b (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 40 – fomhír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 2, pointe (40):*** |
| 40. Ciallaíonn 'luachanna teorann astaíochta' an mhais, arna shloinneadh i dtéarmaí paraiméadair shonracha áirithe, tiúchan agus/nó leibhéal astaíochta, nach féidir a shárú le linn aon tréimhse ama amháin nó níos mó. Féadfar luachanna teorann astaíochtaí a leagan síos freisin do ghrúpaí áirithe substaintí, do fhinte áirithe substaintí nó do chatagóirí áirithe substaintí, go háirithe dóibh siúd a shainaithnítear ***faoi Airteagal 16***. | **'**40. Ciallaíonn 'luachanna teorann astaíochta' an mhais, arna shloinneadh i dtéarmaí paraiméadair shonracha áirithe, tiúchan agus/nó leibhéal astaíochta, nach féidir a shárú le linn aon tréimhse ama amháin nó níos mó. Féadfar luachanna teorann astaíochtaí a leagan síos freisin do ghrúpaí áirithe substaintí, do fhinte áirithe substaintí nó do chatagóirí áirithe substaintí, go háirithe dóibh siúd a shainaithnítear ***in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE***. |

*(02000L0060)*

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 3 – mír 4a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4a. I gcás imthosca eisceachtúla de thionscnamh nádúrtha nó force majeure, go háirithe tuilte foircneacha agus tréimhsí triomaigh fada, nó teagmhais truaillithe shuntasacha, lena bhféadfaí difear a dhéanamh do dhobharlaigh íos-srutha atá lonnaithe i mBallstáit eile, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na húdaráis inniúla le haghaidh dobharlaigh íos-srutha sna Ballstáit sin, mar aon leis an gCoimisiún, ar an eolas láithreach agus go gcuirfear an comhar is gá ar bun chun na cúiseanna a imscrúdú agus chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na n-imthosca nó na dteagmhas eisceachtúil. | 4a. I gcás imthosca eisceachtúla de thionscnamh nádúrtha nó force majeure, go háirithe tuilte foircneacha agus tréimhsí triomaigh fada, nó teagmhais truaillithe shuntasacha, lena bhféadfaí difear a dhéanamh do dhobharlaigh íos-srutha atá lonnaithe i mBallstáit eile, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na húdaráis inniúla le haghaidh dobharlaigh íos-srutha sna Ballstáit sin, mar aon leis an gCoimisiún, ar an eolas láithreach agus go gcuirfear an comhar is gá ar bun chun na cúiseanna a imscrúdú agus chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na n-imthosca nó na dteagmhas eisceachtúil. |
| | ***Déanfaidh na Ballstáit Ballstáit eile, dá bhféadfaí dochar a dhéanamh mar gheall ar an teagmhas truaillithe ábhartha, a chur ar an eolas faoi.*** |
| | ***Chun comhar agus malartú faisnéise a fheabhsú a thuilleadh sa cheantair abhantraí idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh socruithe i bhfeidhm ag gach ceantar abhantraí idirnáisiúnta maidir le cumarsáid éigeandála agus práinnfhreagairt.;*** |

**Leasú 62**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) ***cuirfidh*** na Ballstáit na bearta is gá chun feidhme chun laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar an truailliú ó shubstaintí tosaíochta agus ó thruailleáin a bhaineann | (iv) ***cuirfiidh*** na Ballstáit na bearta is gá chun feidhme chun laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar an truailliú***, an sceitheadh, na hastaíochtaí agus na caillteanais*** ó |

| | |
|---|---|
| go sonrach le habhantracha, agus chun scor d'astaíochtaí, den sceitheadh***,*** agus de chaillteanais substaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh a chur leo de réir a chéile.; | shubstaintí tosaíochta agus ó thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha, agus chun scor d'astaíochtaí, den sceitheadh agus de chaillteanais substaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh a chur leo de réir a chéile ***laistigh d'amlíne iomchuí agus, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná 20 bliain tar éis substaint tosaíochta ar leith a liostú mar shubstaint ghuaiseach i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Ba cheart feidhm a bheith ag an amlíne sin gan dochar do chur i bhfeidhm amlínte níos déine in aon reachtaíocht eile is infheidhme de chuid an Aontais***; |

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe ba**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) cuirtear an fhomhír 1a seo a leanas le pointe (c):*** |
| | ***Socróidh na Ballstáit caighdeáin nó luachanna tairsí níos déine más gá chun na limistéir atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo a chosaint go leordhóthanach, lena n-áirítear limistéir chaomhantais speisialta faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle. Na cláir agus na bearta is gá i ndáil leis na luachanna tairsí sin, beidh feidhm acu freisin maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Threoir 91/676/CEE.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe a**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 8 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** a ghlacadh ***chun sonraíochtaí*** teicniúla agus modhanna caighdeánaithe a leagan amach chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar ***an*** stádas uisce ***i gcomhréir le hIarscríbhinn V agus*** chun formáidí a leagan síos chun sonraí faireacháin agus stádais a thuairisciú i gcomhréir le mír 4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).; | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha ***tarmligthe*** a ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 20a lena bhforlíontar an Treoir seo trí shonraíochtaí*** teicniúla agus modhanna caighdeánaithe a leagan amach chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar stádas uisce ***a leagtar amach in Iarscríbhinn V. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur*** chun ***feidhme a ghlacadh chun*** formáidí a leagan síos chun sonraí faireacháin agus stádais a thuairisciú i gcomhréir le mír 4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).; |

*Réasúnú*

*Comhlíonann glacadh sonraíochtaí teicniúla agus modhanna caighdeánaithe na critéir le haghaidh gníomhartha tarmligthe.*

**Leasú 65**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe a a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 8 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***'3a. Faoin [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], foilseoidh an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar chur i bhfeidhm féideartha na gcóras faireacháin ar thruailliú leanúnach, beacht agus fíor-ama (ar líne) tomhais cháilíocht an uisce, lena n-áirítear gnéithe indéantachta eacnamaíocha agus teicniúla de chórais den sórt sin atá ábhartha do na Ballstáit, chomh maith le húsáid caighdeán comhchuibhithe.*** |

| | |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún, más iomchuí, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2), chun caighdeáin chomhchuibhithe maidir le faireachán uisce ar líne a leagan amach.'*** |

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe b**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 8 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Maidir leis na sonraí faireacháin aonair atá ar fáil agus a bhailítear i gcomhréir le pointe 1.3.4 d'Iarscríbhinn V agus maidir leis an stádas a eascróidh as sin i gcomhréir le hIarscríbhinn V, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil don ***phobal agus don*** Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) iad go leictreonach ar a laghad uair sa bhliain i bhformáid mheaisín-inléite i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***. Chun na gcríoch sin, úsáidfidh na Ballstáit na formáidí a leagtar síos i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo. | 4. Maidir leis na sonraí faireacháin aonair atá ar fáil agus a bhailítear i gcomhréir le pointe 1.3.4 ***agus pointe 2.4.3*** d'Iarscríbhinn V agus maidir leis an stádas a eascróidh as sin i gcomhréir le hIarscríbhinn V, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) iad ***agus, gan mhoill mhíchuí agus ar bhealach sorochtana don phobal*** go leictreonach ar a laghad uair sa bhliain i bhformáid mheaisín-inléite i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***. Chun na gcríoch sin, úsáidfidh na Ballstáit na formáidí a leagtar síos i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo. |

**Leasú 67**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 11 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7 a) Cuirtear an méid seo a leanas in*** |

| | |
|---|---|
| | ***ionad Airteagal 11(1):*** |
| 1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbunófar clár beart do gach ceantar abhantraí, nó don chuid de cheantar abhantraí idirnáisiúnta laistigh dá chríoch, agus torthaí na n-anailísí a cheanglaítear faoi Airteagal 5 á gcur san áireamh, chun na cuspóirí arna mbunú faoi Airteagal 4 a bhaint amach. Féadfaidh cláir beart den sórt sin tagairt a dhéanamh do bhearta a leanann as reachtaíocht arna glacadh ar an leibhéal náisiúnta agus lena cumdaítear críoch iomlán Ballstáit. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Ballstát bearta a ghlacadh is infheidhme maidir le gach ceantar abhantraí agus/nó na codanna de cheantair abhantracha idirnáisiúnta a thagann faoina chríoch. | ‘1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbunófar clár beart do gach ceantar abhantraí, nó don chuid de cheantar abhantraí idirnáisiúnta laistigh dá chríoch, agus torthaí na n-anailísí a cheanglaítear faoi Airteagal 5 á gcur san áireamh, chun na cuspóirí arna mbunú faoi Airteagal 4 a bhaint amach. ***Tabharfaidh cláir beart den sórt sin tosaíocht do bhearta rialaithe foinse i gcomhréir le reachtaíocht earnálach ábhartha an Aontais maidir le truailliú. Cuirfear bearta ceann píopa i bhfeidhm i dteannta le bearta rialaithe foinse i gcás ina bhfuil an baol ann go dteipfidh ar bhearta rialaithe foinse stádas maith a bhaint amach do na dobharlaigh.*** Féadfaidh cláir beart den sórt sin tagairt a dhéanamh do bhearta a leanann as reachtaíocht arna glacadh ar an leibhéal náisiúnta agus lena cumdaítear críoch iomlán Ballstáit. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Ballstát bearta a ghlacadh is infheidhme maidir le gach ceantar abhantraí agus/nó na codanna de cheantair abhantracha idirnáisiúnta a thagann faoina chríoch. ***Déanfaidh an Coimisiún treoir a fhorbairt maidir leis na cleachtais is fearr le haghaidh beart rialaithe foinse agus comhlántacht beart ceann píopa.’*** |

*(02000L0060)*

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 b (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 11 – mír 3 – pointe c

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7 b) in Airteagal 11(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):*** |
| (c) bearta chun úsáid éifeachtúil | ‘(c) bearta chun úsáid éifeachtúil |

| | |
|---|---|
| inbhuanaithe uisce a áirithiú, ionas nach gcuirfear isteach ar bhaint amach na gcuspóirí a shonraítear in Airteagal 4; | inbhuanaithe uisce***, lena n-áirítear sa talmhaíocht,*** a áirithiú, ionas nach gcuirfear isteach ar bhaint amach na gcuspóirí a shonraítear in Airteagal 4;*’* |

*(02000L0060)*

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 11 – mír 5 – fleasc 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8 a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11(5), fleasc 2:*** |
| — go ndéantar ceadanna agus údaruithe ábhartha a scrúdú agus a athbhreithniú de réir mar is cuí, | *‘*— go ndéantar ceadanna agus údaruithe ábhartha a scrúdú agus a athbhreithniú ***agus, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go gcuirtear iad ar fionraí,*** de réir mar is cuí,*’* |

*(02000L0060)*

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Freagróidh an Coimisiún d’aon fhógra ó Bhallstát taobh istigh de thréimhse 6 mhí. I gcás ina mbaineann fadhb le mainneachtain stádas maith ceimiceach a chomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún gníomh i gcomhréir le hAirteagal 7a de Threoir 2008/105/CE.*** |

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**

Treoir 2000/60/CE
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Freagróidh na Ballstáit dá chéile go tráthúil, agus tráth nach déanaí ná ***3 mhí*** tar éis fógra a fháil ó Bhallstát eile i gcomhréir le mír 1. | Freagróidh na Ballstáit dá chéile go tráthúil, agus tráth nach déanaí ná ***2 mhí*** tar éis fógra a fháil ó Bhallstát eile i gcomhréir le mír 1. |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 13 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9 a) in Airteagal 13, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** <br> ***'4a. Diúltóidh an Coimisiún do na pleananna bainistíochta abhantraí arna dtíolacadh ag na Ballstáit nuair nach n-áirítear sna pleananna sin na heilimintí a liostaítear in Iarscríbhinn VII.'*** |

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 14 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Cuirtear isteach an t-Airteagal seo a leanas:*** <br> ***'Airteagal 14a*** <br> ***Rochtain ar an gceartas*** <br> ***1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag daoine den phobal, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a bhfuil leas leordhóthanach acu ann nó a líomhnaíonn lagú ar cheart, ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí, nó comhlacht neamhspleách*** |

***neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí, chun agóid a dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht shubstainteach nó dlíthiúlacht nós imeachta na gcinntí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha uile faoin Treoir seo maidir leis an méid seo a leanas, inter alia:***

***(a) pleananna agus tionscadail a d'fhéadfadh a bheith contrártha le ceanglais Airteagal 4, lena n-áirítear cosc a chur ar mheath ar stádas dobharlach agus stádas maith uisce, acmhainneacht mhaith éiceolaíoch agus/nó dea-stádas ceimiceach uisce a bhaint amach, sa mhéid nach bhforáiltear do na ceanglais sin cheana faoi Airteagal 11 de Threoir 2011/92/AE;***

***(b) cláir beart dá dtagraítear in Airteagal 11, pleananna bainistíochta abhantracha na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 13(1) agus cláir fhorlíontacha nó pleananna bainistíochta na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 13(5).***

***2. Cinnfidh na Ballstáit cad is leas leordhóthanach ann agus cad is sárú leordhóthanach ann ar cheart, ar bhealach atá i gcomhréir leis an gcuspóir rochtain leathan ar cheartas a sholáthar don phobal. Chun críocha mhír 1, aon eagraíocht neamhrialtasach a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, measfar go bhfuil cearta acu ar féidir iad a shárú agus measfar gur leor a leas.***

***3. Beidh na nósanna imeachta athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 1 cóir, cothrom agus curtha i gcrích go tráthúil, agus ní bheidh siad róchostasach. Áireofar leis na nósanna imeachta sin freisin sásamh leordhóthanach agus éifeachtach a sholáthar, lena n-áirítear faoiseamh urghaire i gcás inarb iomchuí.***

| | |
|---|---|
| | ***4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil don phobal maidir le rochtain ar na nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear san Airteagal seo.'*** |

**Leasú 74**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 15 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(10) in Airteagal 15, scriostar mír 3;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 75**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10 a) in Airteagal 15(3), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:*** |
| | ***Glacfaidh an Coimisiún treoirlínte agus teimpléid maidir le hinneachar, struchtúr agus formáid na dtuarascálacha eatramhacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tráth nach déanaí ná [sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].*** |

**Leasú 76**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 18 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) scriostar mír 4;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 77**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Iarscríbhinn VII – Cuid A – pointe 7.7. a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) In Iarscríbhinn VII, Cuid A, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*** |
| | ***'7.7a. 'achoimre ar na bearta a rinneadh chun gnéithe faireacháin na hearnála uisce a dhigitiú; '*** |

**Leasú 78**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20**
Treoir 2000/60/CE
Iarscríbhinn X

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Scriostar ***Iarscríbhinn X***. | (20) Scriostar ***Iarscríbhinní IX agus X***. |

**Leasú 79**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leagtar bearta sonracha síos leis an Treoir seo chun truailliú screamhuisce a chosc agus a rialú, bearta arb é is aidhm dóibh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2000/60/CE a ghnóthú. Áirítear ar na bearta sin an méid seo a leanas: | 1. Leagtar bearta sonracha síos leis an Treoir seo chun truailliú screamhuisce a chosc agus a rialú, bearta arb é is aidhm dóibh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2000/60/CE a ghnóthú. ***Le hordlathas na mbeart a bheidh le déanamh, tabharfar tosaíocht do shrianta agus bearta eile lena ndéantar rialú ag an bhfoinse, gan dochar do thábhacht bearta ceann píopa, i gcás inarb iomchuí.*** Áirítear ar na bearta sin an méid seo a leanas: |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 1 – mír 1 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) critéir chun dea-stádas éiceolaíoch screamhuisce a mheas.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá le critéir measúnaithe chun éiceachórais uisceacha agus a mbithéagsúlacht a chosaint.*

**Leasú 81**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a a (nua)**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 1:*** |
| | ***Beidh na luachanna tairsí is infheidhme maidir le screamhuisce 10 n-oiread níos ísle ná an EQS comhfhreagrach d'uisce dromchla, ach amháin i gcásanna inar féidir an riosca iarbhír do na héiceachórais screamhuisce a shuíomh, féadfaidh sé a bheith iomchuí luachanna tairsí a shocrú do screamhuisce ar leibhéal difriúil.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 – pointe c**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Maidir leis na cónaitheoirí sa cheantar*** |

***abhantraí lena mbaineann nó sa chuid den cheantar abhantraí idirnáisiúnta atá laistigh de chríoch an Bhallstáit, áiritheoidh an Ballstát sin go gcuirfear ar an eolas iad ar bhealach sásúil tráthúil.***

**Leasú 83**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 4 – pointe d**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 3 – mír 6 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leasóidh na Ballstáit an liosta luachanna tairsí a chuirtear i bhfeidhm ina gcríoch nuair a léiríonn fhaisnéis nua ar thruailleáin, grúpaí truailleán nó táscairí truaillithe, gur gá luach tairsí a leagan síos le haghaidh substaint bhreise, gur gá luach tairsí atá ann cheana a mhodhnú, nó gur gá luach tairsí a baineadh den liosta roimhe a chur isteach an athuair. Má leagtar luachanna tairsí ábhartha síos nó má leasaítear ar leibhéal an Aontais iad, oiriúnóidh na Ballstáit an liosta luachanna tairsí a chuirtear i bhfeidhm ina gcríoch do na luachanna sin. ***;*** | Leasóidh na Ballstáit an liosta luachanna tairsí a chuirtear i bhfeidhm ina gcríoch nuair a léiríonn fhaisnéis nua ar thruailleáin, grúpaí truailleán nó táscairí truaillithe, ***agus prionsabal an réamhchúraim á chur san áireamh freisin,*** gur gá luach tairsí a leagan síos le haghaidh substaint bhreise, gur gá luach tairsí atá ann cheana a mhodhnú, nó gur gá luach tairsí a baineadh den liosta roimhe a chur isteach an athuair. Má leagtar luachanna tairsí ábhartha síos nó má leasaítear ar leibhéal an Aontais iad, oiriúnóidh na Ballstáit an liosta luachanna tairsí a chuirtear i bhfeidhm ina gcríoch do na luachanna sin. |

**Leasú 84**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 3 – mír 7

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:*** |
| 7. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ***faoin 22 Nollaig 2009 ar bhonn*** na ***faisnéise arna soláthar ag na*** Ballstáit i gcomhréir le mír 5. | ‘7. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ***ar*** na ***luachanna tairsí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), bliain amháin tar éis do na*** Ballstáit ***an fhaisnéis sin a sholáthar d’ECHA*** i gcomhréir le |

mír 5.*’*

*(02006L0118)*

**Leasú 85**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6 a – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh cúig shubstaint nó ghrúpa substaintí ar a ***mhéad*** sa liosta faire ***agus léireoidh sé na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gach substainte. Na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha i gceist leo le haghaidh na n-údarás inniúil. Na substaintí a bheidh le háireamh*** ar ***an liosta faire, roghnófar iad as measc na substaintí sin lena léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil go bhféadfadh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach leordhóthanach sonraí faireacháin lena n-aghaidh. Áireofar substaintí ar*** ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad ar an liosta faire ***sin***. | Beidh cúig shubstaint nó ghrúpa substaintí ar a ***laghad*** sa liosta faire***,*** ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad ***agus a roghnófar as measc na substaintí sin a léiríonn an fhaisnéis atá*** ar ***fáil ina leith, i gcomhréir freisin le fomhír (4) thíos, go bhféadfadh siad a bheith ina mbaol suntasach ar leibhéal*** an ***Aontais don chomhshaol uisceach nó tríd an gcomhshaol uisceach, agus nach leor na sonraí faireacháin ina leith, ach amháin i gcás ina bhfuil líon na substaintí nó na ngrúpaí substaintí a léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil ina leith go bhféadfadh siad a bheith ina riosca suntasach don chomhshaol uisceach nó tríd an chomshaol uisceach níos lú na cúig agus sa chás sin, beidh na substaintí sin go léir san áireamh ar an*** liosta faire.<br><br>***Chomh maith leis an líon íosta substaintí nó grúpa substaintí, féadfaidh táscairí truaillithe a bheith sa liosta faire freisin.***<br><br>***Sonrófar sa liosta faire na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gach substainte. Na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha i gceist leo le haghaidh na n-údarás inniúil.*** |

**Leasú 86**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**

Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6 a – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***A luaithe a shainaithneofar*** modhanna faireacháin oiriúnacha le haghaidh micreaphlaistigh agus géinte ***frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí*** áirithe, ***áireofar na substaintí sin*** ar an liosta faire. | ***Déanfar*** modhanna faireacháin oiriúnacha le haghaidh micreaphlaistigh agus géinte ***frithsheasmhachta fhrithmhiocróbacha*** áirithe ***a shainaithint a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná [an chéad lá den mhí tar éis 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. A luaithe a shainaithneofar na modhanna faireacháin sin***, ***áireofarmicreaphlaistigh agus géinte frithsheasmhachta fhrithmhiocróbacha áirithe*** ar an liosta faire. ***Breithneoidh an Coimisiún freisin más gá sulfáití a chur san áireamh sa chéad liosta faire chun infhaighteacht sonraí maidir lena bheith i láthair a fheabhsú i leith raon feidhme na treorach seo.*** |

**Leasú 87**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a – mír 1 – fomhír 4 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ullmhóidh ECHA tuarascálacha eolaíocha chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún na substaintí le haghaidh an liosta faire a roghnú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: | Ullmhóidh ECHA tuarascálacha eolaíocha chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún na substaintí ***agus na tascairí truaillithe*** le haghaidh an liosta faire a roghnú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: |

**Leasú 88**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a – mír 1 – fomhír 4 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tionscadail taighde agus foilseacháin eolaíocha, lena n-áirítear | (f) tionscadail taighde agus foilseacháin ***agus fianaise*** eolaíocha, lena |

| | |
|---|---|
| faisnéis faoi threochtaí agus tuartha bunaithe ar an samhaltú nó ar mheasúnuithe réamhfháistineacha eile agus sonraí agus faisnéis ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí ***in-situ***, nó sonraí eolaíochta saoránach, ***lena ndéantar*** na deiseanna ***a thagann leis*** an intleacht shaorga***,*** anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí ***a ghiaráil***; | n-áirítear faisnéis faoi ***thionchar ábhar salaithe agus ábhar salaithe chomh maith le tionchair ghníomhaíochtaí eastóscacha agus bonneagair os cionn na talún agus faoi thalamh ar éiceachórais screamhuisce agus éiceachórais a bhraitheann ar screamhuisce agus a mbithéagsúlacht, faisnéis faoi*** threochtaí agus ***réamhaisnéisí bunaithe ar shamhaltú nó measúnuithe réamh-mheastacháin eile, chomh maith le faisnéis agus sonraí arna mbailiú ag teicneolaíochtaí cianbhraiteacha, faisnéis faoi threochtaí agus*** tuartha bunaithe ar an samhaltú nó ar mheasúnuithe réamhfháistineacha eile agus sonraí agus faisnéis ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí ***in situ***, nó sonraí eolaíochta saoránach, ***agus leas a bhaint as*** na deiseanna ***arna n-oscailt ag*** an intleacht shaorga ***agus ag*** anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí; |

**Leasú 89**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6 a – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunófar liosta faire faoin .. .. [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Tabharfar an liosta faire cothrom le dáta gach 36 mhí dá éis sin. | Bunófar liosta faire faoin .. .. [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Tabharfar an liosta faire cothrom le dáta gach 36 mhí dá éis sin ***ar a dhéanaí nó níos minice má thagann fianaise eolaíoch nua chun cinn a d'fhágfadh go gcaithfí an liosta a nuashonrú san idirthréimhse idir athbhreithnithe aonair***. |

**Leasú 90**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**

Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh Ballstáit meastóireacht gach dara bliain ar an tionchar ar cháilíocht uisce na ngníomhaíochtaí tionsclaíocha a bhaineann leis an aistriú fuinnimh agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi bhagairtí nua-aitheanta ionas gur féidir leis an liosta faire a nuashonrú dá réir. Beidh rochtain éasca ag an bpobal ar an meastóireacht.*** |

**Leasú 91**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Roghnóidh gach Ballstát stáisiún faireacháin ***amháin*** ar a laghad, móide an líon stáisiún atá cothrom lena limistéar iomlán de dhobharlaigh screamhuisce in km2 arna roinnt ar ***60 000*** (arna slánú chuig an slánuimhir is gaire). | Roghnóidh gach Ballstát ***dhá*** stáisiún faireacháin ar a laghad, móide an líon stáisiún atá cothrom lena limistéar iomlán de dhobharlaigh screamhuisce in km2 arna roinnt ar ***30 000*** (arna slánú chuig an slánuimhir is gaire). |

**Leasú 92**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***'Airteagal 6aa*** |
| | ***Feabhas a chur ar chosaint na n-éiceachóras screamhuisce*** |
| | ***Foilseoidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis dháta*** |

***theacht i bhfeidhm na Treorach seo], measúnú ar thionchair eilimintí fisiciceimiceacha, amhail pH, ocsaiginiú agus teocht, ar shláinte na n-éiceachóras screamhuisce, agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun an Treoir seo a athbhreithniú dá réir, chun na paraiméadair chomhfhreagracha a shocrú, foráil a dhéanamh do mhodhanna comhchuibhithe faireacháin, agus sainiú cad is 'stádas maith éiceolaíoch le haghaidh screamuisce' ann.***

**Leasú 93**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 b (nua)**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6b) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***'Airteagal 6ab*** |
| | ***Cóireáil shonrach do limistéir ardluacha éiceolaíochta, leochaileachta nó truaillithe*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún,... [tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], measúnú a fhoilsiú ar stádas ceimiceach na limistéar a bhfuil ardluach éiceolaíochta iontu, leochaileacht nó truaillithe iontu, amhail limistéir uaimheanna agus charst, iar-láithreáin thionsclaíocha agus limistéir eile a bhfuil éilliú stairiúil aitheanta ag gabháil leo, agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun an Treoir seo a athbhreithniú.*** |

**Leasú 94**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 c (nua)**
Treoir 2006/118/CE

Airteagal 6a c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6c) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***Airteagal 6ac*** |
| | ***Tráth nach déanaí ná... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], tíolacfaidh an Coimisiún measúnú tionchair lena scrúdófar meicníocht um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a áireamh sa Treoir seo, lena n-áiritheofar go rannchuideoidh táirgeoirí a chuireann táirgí ar an margadh ina bhfuil aon cheann de na substaintí nó na comhdhúile a liostaítear in Iarscríbhinn I, chomh maith le substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad agus atá ar an liosta faire faoin Treoir seo, leis na costais a bhaineann le cláir faireacháin arna gceapadh faoi Airteagal 20/8/CE. Beidh togra reachtach chun an Treoir seo a athbhreithniú a bheith ag gabháil leis an measúnú tionchair, i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 95**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 d (nua)**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a d (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6d) Cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***Airteagal 6ad*** |
| | ***Saoráid faireacháin Eorpach*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún,... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], saoráid chomhpháirteach faireacháin a bhunú chun na ceanglais faireacháin a bhainistiú nuair a iarrann na Ballstáit*** |

***amhlaidh.***

***Saineoidh an Coimisiún feidhmiú na saoráide faireacháin, lena cumhdófar, inter alia, an méid seo a leanas:***

***(a) cineál deonach úsáid na saoráide faireacháin, rud a bheidh gan dochar do na socruithe atá curtha i bhfeidhm cheana féin ag na Ballstáit;***

***(b) na nósanna imeachta oibríochtúla do Bhallstáit a bhfuil sé beartaithe acu úsáid a bhaint as an tsaoráid faireacháin, lena n-áireofar, inter alia, an fógra is gá don Choimisiún maidir lena riachtanais nó lena gcumas faireacháin beachta, na prótacail bheachta maidir le samplaí a bhainistiú, chomh maith leis an bhfad ama atá beartaithe acu fanacht mar chuid den sásra;***

***(c) na foinsí cistiúcháin, a bhféadfaidh cistí agus cláir struchtúracha ábhartha an Aontais a áireamh, chomh maith le ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear faoin sásra um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, a luaithe a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhréir le hAirteagal 6ac.***

**Leasú 96**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú den chéad uair faoin... [OP: Cuir isteach, le do thoil, an dáta = ***sé*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach ***sé*** bliana ina dhiaidh sin, liosta na dtruailleán a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus na caighdeáin cháilíochta do na truailleáin sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, chomh maith leis an liosta truailleán agus táscairí a | 1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú den chéad uair faoin... [OP: Cuir isteach, le do thoil, an dáta = ***ceithre*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach ***ceithre*** bliana ina dhiaidh sin, liosta na dtruailleán a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus na caighdeáin cháilíochta do na truailleáin sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, chomh maith leis an liosta truailleán agus táscairí a |

leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II.

leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II.

**Leasú 97**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh***, i ***gcomhréir le hAirteagal 8a***, chun Iarscríbhinn I a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí thruailleáin screamhuisce agus caighdeáin cháilíochta a chur isteach nó a bhaint le haghaidh na dtruailleán sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin ***agus*** chun ***Cuid B*** a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíocht trí thruailleáin nó táscairí a chur leis nach mór do na Ballstáit cuimhneamh ar thairseacha náisiúnta a leagan síos ina leith. | 2. ***Bunaithe ar an athbhreithniú***, ***tabharfaidh an Coimisiún,*** i ***gcás inarb iomchuí***, ***tograí reachtacha ar aghaidh*** chun Iarscríbhinn I a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí thruailleáin screamhuisce agus caighdeáin cháilíochta a chur isteach nó a bhaint le haghaidh na dtruailleán sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin***. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 8a,*** chun ***Cuid B d'Iarscríbhinn II*** a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíocht trí thruailleáin nó táscairí a chur leis nach mór do na Ballstáit cuimhneamh ar thairseacha náisiúnta a leagan síos ina leith. |

**Leasú 98**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Agus gníomhartha tarmligthe a dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 á nglacadh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé na tuarascálacha eolaíocha a ullmhaíonn ECHA de bhun mhír 6 den Airteagal seo san áireamh. | 4. Agus ***tograí reachtacha agus*** gníomhartha tarmligthe a dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 á nglacadh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé na tuarascálacha eolaíocha a ullmhaíonn ECHA de bhun mhír 6 den Airteagal seo san áireamh. |

**Leasú 99**
**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8 – mír 6 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) cláir thaighde agus foilseacháin ***eolaíocha*** ón Aontas, lena n-áirítear faisnéis a eascraíonn as teicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus ***gairis*** in-situ agus/nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí a ghiaráil; | (f) cláir thaighde agus foilseacháin ***eolaíochta*** ón Aontas, lena n-áirítear faisnéis ***nuashonraithe atá cothrom le dáta*** a eascraíonn as teicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus ***feistí*** in-situ agus/nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis ***na teicnící is fearr atá ar fáil a d'fhéadfadh*** an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí a ***bheith cuimsithe leo a*** ghiaráil; |

**Leasú 100**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8 – mír 6 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) barúlacha agus faisnéis ó pháirtithe leasmhara ábhartha. | (g) barúlacha agus faisnéis ó pháirtithe leasmhara ábhartha***, lena n-áirítear údaráis rialála náisiúnta agus comhlachtaí ábhartha eile***. |

**Leasú 101**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8 – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Faoi 12 Eanáir 2025, déanfaidh an Coimisiún treoirlínte teicniúla a chur ar bun a bhaineann le modhanna anailíse le haghaidh faireachán ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile faoin bparaiméadar 'Iomlán PFAS'. Tugtar de chumhacht don Choimisiún*** |

| | |
|---|---|
| | ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear an Treoir seo trí chaighdeán cáilíochta a leagan síos don 'Iomlán PFAS' agus Iarscríbhinn I a leasú dá réir. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe sin faoi 12 Eanáir 2026.*** |

**Leasú 102**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8 – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Gach ***6 bliana***, ullmhóidh ECHA tuarascáil, agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí í, tuarascáil ina dtabharfar achoimre ar thorthaí an athbhreithnithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3. Cuirfear an chéad tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ar ... [Oifig na bhFoilseachán: ***[Cuir*** isteach an ***dáta = cúig bliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. | 7. Gach ***ceithre bliana***, ullmhóidh ECHA tuarascáil, agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí í, tuarascáil ina dtabharfar achoimre ar thorthaí an athbhreithnithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3. Cuirfear an chéad tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ar ... [Oifig na bhFoilseachán: ***Cuir*** isteach an ***dáta = trí bliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. |

**Leasú 103**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8 a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(***1***) agus (***2***) a thabhairt don Choimisiún ***ar feadh*** tréimhse ***neamhchinntithe ó [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta*** theacht i bhfeidhm na ***Treorach seo]***. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(***2***)***, (3)*** agus (***6a***) a thabhairt don Choimisiún ***go ceann*** tréimhse ***6 bliana ón ... [dáta*** theacht i bhfeidhm na ***Treorach seo]***. ***Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse 6 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na*** |

***hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.***

**Leasú 104**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(***1***) agus (***2***) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(***2***)***, (3)*** agus (***6a***) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. |

**Leasú 105**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe ***a ainmníonn*** gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos ***sa Chomhaontú*** Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ***an 13 Aibreán 2016***. | 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe ***arna n-ainmniú ag*** gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos ***i gComhaontú*** Idirinstitiúideach ***an 13 Aibreán 2016*** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. |

**Leasú 106**
**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8a – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 8(1***) nó (***2***) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí i ndiaidh fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon i ndiaidh a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***dhá*** mhí ar thionscnamh ***Pharlaimint na hEorpa*** nó na Comhairle.***;*** | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 8(2***)***, (3)*** nó (***6a***) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí i ndiaidh fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon i ndiaidh a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***2*** mhí ar thionscnamh ***Pharlaimint na hEorpa*** nó na Comhairle. |

**Leasú 107**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14**
Treoir 2006/118/CE
Iarscríbhinn IV – Cuid B – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| is é an túsphointe a bheidh ann chun bearta a chur chun feidhme, d'fhonn treochtaí marthanacha móra in airde a aisiompú, an tráth a shroichfidh tiúchan an truailleáin 75 % de luachanna paraiméadracha na gcaighdeán cáilíochta screamhuisce a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus de na luachanna tairsí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (b) agus (c), ach amháin i gcás:. | is é an túsphointe a bheidh ann chun bearta a chur chun feidhme, d'fhonn treochtaí marthanacha móra in airde***, lena n-áirítear treochtaí séasúracha in airde mar gheall ar, inter alia, sceitheadh íseal dobharlaigh,*** a aisiompú, an tráth a shroichfidh tiúchan an truailleáin 75 % de luachanna paraiméadracha na gcaighdeán cáilíochta screamhuisce a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus de na luachanna tairsí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (b) agus (c), ach amháin i gcás:. |

**Leasú 108**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**
Treoir 2008/105/CE

Airteagal 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(1a) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:*** |
| Airteagal 1 | **‘**Airteagal 1 |
| Ábhar | Ábhar |
| Leis an Treoir seo, leagtar síos caighdeáin cáilíochta comhshaoil (EQS) do shubstaintí tosaíochta agus do ***thruailleáin áirithe eile dá bhforáiltear in Airteagal 16 de Threoir 2000/60/CE***, d’fhonn stádas maith ceimiceach san uisce dromchla a bhaint amach agus i gcomhréir le forálacha agus cuspóirí d’Airteagal ***4 den Treoir sin***. | Leis an Treoir seo, leagtar síos caighdeáin cáilíochta comhshaoil (EQS) do shubstaintí tosaíochta agus do ***shubstaintí guaiseacha tosaíochta***, d’fhonn stádas maith ceimiceach san uisce dromchla a bhaint amach agus i gcomhréir le forálacha agus cuspóirí d’Airteagal ***4de Threoir 2000/60/CE***.**’** |

*(02008L0105)*

**Leasú 109**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 3 – pointe a**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Ar bhonn na faisnéise a bhailítear i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 8 de Threoir 2000/60/CE, agus sonraí eile atá ar fáil, bunóidh na Ballstáit fardal, lena n-áirítear léarscáileanna, más infhaighte, d’astaíochtaí, sceitheadh agus caillteanais gach substainte tosaíochta ***dá*** liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an ***Treoir seo*** agus de na truailleáin uile a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an ***Treoir seo*** le haghaidh gach ceantar abhantraí nó cuid de cheantar abhantraí atá laistigh dá ***chríoch***, lena n-áirítear a dtiúchain i ndríodair agus i mbithra, de réir mar is iomchuí. | Ar bhonn na faisnéise a bhailítear i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 8 de Threoir 2000/60/CE, agus ***le Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus*** sonraí eile atá ar fáil, bunóidh na Ballstáit fardal, lena n-áirítear léarscáileanna, más infhaighte, d’astaíochtaí, sceitheadh agus caillteanais gach substainte tosaíochta ***a*** liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an ***Treoir seo*** agus de na truailleáin uile a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an ***Treoir seo*** le haghaidh gach ceantar abhantraí nó cuid de cheantar abhantraí atá laistigh dá ***gcríoch***, lena n-áirítear a dtiúchain i ndríodair agus i mbithra, de réir mar is iomchuí. |

***[1a] Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM (2022) 157***

**Leasú 110**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 3 – pointe a**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfear na fardail astaíochtaí ar fáil i mbunachar sonraí leictreonach a nuashonrófar go rialta agus a mbeidh rochtain éasca ag an bpobal air.*** |

**Leasú 111**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 3 – pointe a**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le hastaíochtaí, sceitheadh ná caillteanais a thuairiscítear don Choimisiún go leictreonach i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[65]. ;*** | ***scriosta*** |

***[65] Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM (2022) 157***

**Leasú 112**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe c**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Tabharfaidh na Ballstáit a bhfardail cothrom le dáta mar chuid de na hathbhreithnithe ar na hanailísí a shonraítear in Airteagal 5(2) de Threoir 2000/60/CE agus áiritheoidh maidir leis na hastaíochtaí ***nach dtuairiscítear*** don Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha arna bunú faoi Rialachán (AE) ../... ++, go bhfoilseofar iad ina bpleananna bainistíochta abhantraí mar a thugtar cothrom le dáta iad i gcomhréir le hAirteagal 13(7) den Treoir sin. | Tabharfaidh na Ballstáit a bhfardail cothrom le dáta mar chuid de na hathbhreithnithe ar na hanailísí a shonraítear in Airteagal 5(2) de Threoir 2000/60/CE agus áiritheoidh maidir leis na hastaíochtaí***, lena n-áirítear iad siúd a thuairiscítear*** don Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha arna bunú faoi Rialachán (AE) ../.. ++, go bhfoilseofar iad ina bpleananna bainistíochta abhantraí mar a thugtar cothrom le dáta iad i gcomhréir le hAirteagal 13(7) den Treoir sin. |

**Leasú 113**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe c**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Le haghaidh substaintí tosaíochta nó truailleáin a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, féadfar na hiontrálacha a ríomh mar mheán na 3 bliana roimh chur i gcrích na hanailíse dá dtagraítear sa chéad fhomhír.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 114**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 7a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Le haghaidh substaintí tosaíochta a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, nó faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** nó | 1. Le haghaidh substaintí tosaíochta a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, nó faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** nó |

| | |
|---|---|
| Threoir 2010/75/AE, déanfaidh an Coimisiún***, mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de Threoir 2000/60/CE,*** measúnú ar cé acu atá na bearta atá ar bun ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát leordhóthanach chun na caighdeáin cáilíochta comhshaoil (EQS) le haghaidh substaintí tosaíochta a bhaint amach agus chun scor de sceití, astaíochtaí agus caillteanais substaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh a chur de réir a chéile lena leithéid i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2000/60/CE. | Threoir 2010/75/AE, déanfaidh an Coimisiún measúnú ***gach dhá bhliain*** ar cé acu atá na bearta atá ar bun ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát leordhóthanach chun na caighdeáin cáilíochta comhshaoil (EQS) le haghaidh substaintí tosaíochta a bhaint amach agus chun scor de sceití, astaíochtaí agus caillteanais substaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh a chur de réir a chéile lena leithéid i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2000/60/CE. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 7a – mír 1 – fomhír 1a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Le hordlathas na mbeart a bheidh le déanamh, tabharfar tosaíocht do shrianta agus bearta eile lena ndéantar rialú ag an bhfoinse. I dtaca leis sin, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, tograí a thíolacadh chun gníomhartha dlí de chuid an Aontais a leasú chun a áirithiú go gcuirfear stop le sceitheadh, astaíochtaí agus caillteanais substaintí tosaíochta ag an bhfoinse.*** |

**Leasú 116**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 7a – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) In Airteagal 7a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |

| | |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ***i gcomhréir leis an tráthchlár a leagtar síos in Airteagal 16(4) de Threoir 2000/60/CE*** agus beidh aon tograí iomchuí, lena n-áirítear bearta rialaithe, ag gabháil lena thuarascáil. | ‘2. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ***tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis a mheasúnaithe*** agus beidh aon tograí iomchuí, lena n-áirítear bearta rialaithe, ag gabháil lena thuarascáil. |

*(02008L0105)*

**Leasú 117**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú den chéad uair faoin... ***[OP***: Cuir isteach, le do thoil, an dáta = ***sé*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach sé bliana ina dhiaidh sin, liosta na substaintí tosaíochta agus EQS comhfhreagrach do na substaintí sin a leagtar amach i gCuid A d’Iarscríbhinn I agus liosta na dtruailleán a leagtar amach i gCuid A d’Iarscríbhinn II. | 1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú den chéad uair faoin... ***[Oifig na bhFoilseachán***: Cuir isteach, le do thoil, an dáta = ***ceithre*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach sé bliana ina dhiaidh sin, liosta na substaintí tosaíochta agus EQS comhfhreagrach do na substaintí sin a leagtar amach i gCuid A d’Iarscríbhinn I agus liosta na dtruailleán a leagtar amach i gCuid A d’Iarscríbhinn II. |

**Leasú 118**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh***, ag féachaint do na tuarascálacha eolaíochta a ullmhaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) de bhun mhír 6 den Airteagal seo, | 2. ***Bunaithe ar an athbhreithniú, tabharfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha ar aghaidh***, ag féachaint do na tuarascálacha eolaíochta a ullmhaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) de bhun mhír 6 den |

| | |
|---|---|
| ***i gcomhréir le hAirteagal 9a*** chun Iarscríbhinn I a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ar na bealaí seo a leanas: | Airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 9a chun Iarscríbhinn I a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ar na bealaí seo a leanas: Bunaithe ar an athbhreithniú, tabharfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha ar aghaidh, ag féachaint do na tuarascálacha eolaíocha a d'ullmhaigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) |

**Leasú 119**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8 – mír 4 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an riosca atá i gceist leis na truailleáin sin, lena n-áirítear an ghuais a bhaineann leo, a dtiúchain chomhshaoil agus an tiúchan a mbeadh coinne le héifeachtaí os a chionn; | (a) an riosca atá i gceist leis na truailleáin sin, lena n-áirítear an ghuais a bhaineann leo, a dtiúchain chomhshaoil agus an tiúchan a mbeadh coinne le héifeachtaí os a chionn, lena n-áirítear a n-éifeachtaí carnacha; |

**Leasú 120**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8 – mír 6a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Faoi 12 Eanáir 2025, déanfaidh an Coimisiún treoirlínte teicniúla a chur ar bun a bhaineann le modhanna anailíse le haghaidh faireachán ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile faoin bparaiméadar 'Iomlán PFAS'. Faoin 12 Eanáir 2026, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear an Treoir seo trí chaighdeán cáilíochta a shocrú le haghaidh 'Iomlán PFAS' agus trí Iarscríbhinn I a leasú dá réir.*** |

**Leasú 121**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8 – mír 6 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. Faoin... [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], bunóidh an Coimisiún treoirlínte teicniúla maidir le modhanna anailíse chun faireachán a dhéanamh ar bhisfeanól, lena n-áirítear ar a laghad Bisfeanól-A, Bisfeanól-B agus Bisfeanól-S, faoin bparaiméadar 'Iomlán Bisfeanól'. Faoin... [trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear an Treoir seo trí EQS a shocrú le haghaidh 'Iomlán Bispheanól' ag baint úsáide as cur chuige maidir le factóir cumhachta coibhneasta agus ag leasú Iarscríbhinn I dá réir sin.*** |

**Leasú 122**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8 – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Gach ***sé*** bliana, ullmhóidh ECHA tuarascáil, a chuirfidh sé ar fáil go poiblí, ina dtabharfar achoimre ar thorthaí na dtuarascálacha eolaíocha a bhunaítear faoi mhír 6. Cuirfear an chéad tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ar ... [Oifig na bhFoilseachán: [Cuir isteach an dáta = ***cúig*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. | 7. Gach ***ceithre*** bliana, ullmhóidh ECHA tuarascáil, a chuirfidh sé ar fáil go poiblí, ina dtabharfar achoimre ar thorthaí na dtuarascálacha eolaíocha a bhunaítear faoi mhír 6. Cuirfear an chéad tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ar ... [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***trí*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8a – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** na Ballstáit méid aon imeachta ó luach EQS le haghaidh na substaintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), a chur i láthair sna pleananna bainistíochta abhantraí a tháirgtear i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2000/60/CE. I gcás Ballstáit a sholáthraíonn léarscáileanna breise dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féachfaidh siad le hidir-inchomparáideacht a áirithiú ar leibhéal an abhantraigh agus ar leibhéal an Aontais agus cuirfidh siad na sonraí a chur ar fáil i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE, Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**. | ***Déanfaidh*** na Ballstáit méid aon imeachta ó luach EQS le haghaidh na substaintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), a chur i láthair sna pleananna bainistíochta abhantraí a tháirgtear i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2000/60/CE. I gcás Ballstáit a sholáthraíonn léarscáileanna breise dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féachfaidh siad le hidir-inchomparáideacht a áirithiú ar leibhéal an abhantraigh agus ar leibhéal an Aontais agus cuirfidh siad na sonraí a chur ar fáil i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE, Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**. |

**Leasú 124**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar shubstaintí a shainaithnítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I mar shubstaintí a iompraíonn iad féin amhail substaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha (uPBTanna), ar bhealach níos scaoilte ná mar a éilítear i leith substaintí tosaíochta i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den Treoir seo agus Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE, ar choinníoll go bhfuil an faireachán ionadaíoch agus go bhfuil bonnlíne atá láidir ó thaobh staidrimh de ar fáil maidir le láithreacht na substaintí sin sa | 2. Féadfaidh na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar shubstaintí a shainaithnítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I mar shubstaintí a iompraíonn iad féin amhail substaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha (uPBTanna) ***agus nach bhfuil údaraithe a thuilleadh san Aontas*** ar bhealach níos scaoilte ná mar a éilítear i leith substaintí tosaíochta i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den Treoir seo agus le hIarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE, ar choinníoll go bhfuil an faireachán ionadaíoch agus go bhfuil bonnlíne atá láidir ó thaobh staidrimh de ar |

| | |
|---|---|
| timpeallacht uisceach. Mar threoirlíne, i gcomhréir le hAirteagal 3(6), an dara fomhír, den Treoir seo, ba cheart faireachán a dhéanamh gach 3 bliana, ach amháin i gcás ina dtugtar bonn cirt d'eatramh eile mar gheall ar eolas teicniúil agus breithiúnas saineolaithe. | fáil maidir le láithreacht na substaintí sin sa timpeallacht uisceach. Mar threoirlíne, i gcomhréir le hAirteagal 3(6), an dara fomhír, den Treoir seo, ba cheart faireachán a dhéanamh gach 3 bliana, ach amháin i gcás ina dtugtar bonn cirt d'eatramh eile mar gheall ar eolas teicniúil agus breithiúnas saineolaithe. |

**Leasú 125**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8a – mír 3a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Laistigh de 12 mhí ón tréimhse dhá bhliain dá dtagraítear i mír 3, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar iontaofacht na modhanna atá bunaithe ar éifeachtaí trí na torthaí a chur i gcomparáid leis na torthaí a fuarthas trí úsáid a bhaint as na modhanna traidisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar na trí shubstaintí éastraigineacha atá liostaithe i mír 3 in oirchill socrú féideartha spreag-luachanna bunaithe ar éifeachtaí sa todhchaí.***<br>***A luaithe a bheidh modhanna bunaithe ar éifeachtaí réidh le húsáid le haghaidh substaintí eile freisin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí cheanglas a chur ar na Ballstáit na modhanna bunaithe ar éifeachtaí a úsáid, i gcomhthráth le gnáthmhodhanna faireacháin, chun faireachán a dhéanamh chun láithreacht na substaintí sin i ndobharlaigh a mheas.*** |

**Leasú 126**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2008/105/CE

Airteagal 8b – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh ***deich substaint*** nó ***ngrúpa*** substaintí ar a ***mhéad*** sa liosta faire ***ag aon uair amháin agus léireoidh sé*** na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse féideartha le haghaidh gach substainte. Na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha i gceist leo le haghaidh na n-údarás inniúil. ***Na substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, roghnófar iad as measc na substaintí sin a léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil ina leith go bhféadfaidh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach leordhóthanach sonraí faireacháin lena n-aghaidh. Beidh substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad san áireamh ar an liosta faire.*** | Beidh ***cúig shubstaint*** nó ***ghrúpa*** substaintí sa liosta faire ar a ***laghad***, ***ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad agus a roghnófar as measc na substaintí sin a léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil ina leith, i gcomhréir freisin leis an gceathrú fomhír, go bhféadfadh siad a bheith ina mbaol suntasach ar leibhéal an Aontais don chomhshaol uisceach nó tríd an gcomhshaol uisceach, agus nach leor na sonraí faireacháin ina leith, ach amháin i gcás ina bhfuil líon na substaintí nó na ngrúpaí substaintí a léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil ina leith go bhféadfadh siad a bheith ina riosca suntasach don chomhshaol uisceach nó tríd an chomshaol uisceach níos lú na cúig agus sa chás sin, beidh na substaintí sin go léir san áireamh ar an liosta faire.***<br><br>***Chomh maith leis an líon íosta substaintí nó grúpa substaintí, féadfaidh táscairí truaillithe a bheith sa liosta faire freisin.***<br><br>***Sonrófar sa liosta faire*** na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gach substainte. Na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha i gceist leo le haghaidh na n-údarás inniúil. |

**Leasú 127**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8b – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***A luaithe a shainaithneofar*** modhanna faireacháin oiriúnacha le haghaidh micreaphlaistigh agus géinte frithsheasmhachta fhrithmhiocróbacha, áireofar ***na substaintí sin*** sa liosta faire. | ***Déanfar*** modhanna faireacháin oiriúnacha le haghaidh micreaphlaistigh agus géinte frithsheasmhachta fhrithmhiocróbacha áirithe ***a shainaithint a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná [an chéad lá*** |

| | |
|---|---|
| | ***den mhí tar éis 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. A luaithe a shainaithneofar na modhanna faireacháin sin***, áireofar ***micreaphlaistigh agus géinte áirithe frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha*** sa liosta faire. ***Breithneoidh an Coimisiún freisin más gá sulfáití, xantáití agus meitibilítí lotnaidicídí neamhábhartha (NrManna) a chur san áireamh sa liosta chun infhaighteacht sonraí maidir lena bheith i láthair a fheabhsú i leith raon feidhme na treorach seo.*** |

**Leasú 128**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8b – mír 1 – fomhír 4 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ullmhóidh ECHA tuarascálacha eolaíocha chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún na substaintí le haghaidh an liosta faire a roghnú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: | Ullmhóidh ECHA tuarascálacha eolaíocha chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún na substaintí ***agus na tascairí truaillithe*** le haghaidh an liosta faire a roghnú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: |

**Leasú 129**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 4 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tionscadail taighde agus foilseacháin eolaíocha, lena n-áirítear faisnéis faoi threochtaí agus ***tuartha*** bunaithe ar shamhaltú nó measúnaithe réamhfháistineacha ***agus sonraí agus*** faisnéis ***ó theicneolaíochtaí*** cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí ***in-situ***, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna ***a thagann leis*** an intleacht shaorga***,*** anailís agus próiseáil | (e) tionscadail taighde agus foilseacháin eolaíocha ***agus fianaise***, lena n-áirítear faisnéis faoi threochtaí agus ***réamhaisnéisí*** bunaithe ar shamhaltú nó measúnaithe réamhfháistineacha***, chomh maith le*** faisnéis ***agus sonraí arna bailiú ag teicneolaíochtaí*** cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí ***in situ***, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna ***a eascraíonn as*** an intleacht shaorga ***agus*** |

sonraí ar ardleibhéal a ***ghiaráil***.

anailís agus próiseáil sonraí ar ardleibhéal a ***thapú***.

**Leasú 130**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar an liosta faire sin cothrom le dáta faoin X [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den tríú mí agus fiche tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 36 mí ina dhiaidh sin. Agus an liosta faire á thabhairt cothrom le dáta ag an gCoimisiún, bainfidh sé aon substaint den liosta faire atá ann cheana má mheasann sé gur féidir measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann léi don timpeallacht uisceach gan sonraí faireacháin breise. Nuair a bheidh an liosta faire tugtha cothrom le dáta, féadfar substaint aonair nó grúpa substaintí a choimeád ar an liosta faire ar feadh uastréimhse 3 bliana eile ar a mhéad i gcás inar gá sonraí faireacháin breise chun measúnú a dhéanamh ar an riosca don timpeallacht uisceach. Áireofar freisin ar gach liosta faire a bheidh tugtha cothrom le dáta substaint nua amháin nó níos mó a mheasann an Coimisiún, ar bhonn thuarascálacha eolaíocha ECHA, go bhféadfadh riosca a bheith ann don timpeallacht uisceach dá bharr. | 2. Tabharfar an liosta faire sin cothrom le dáta faoin X [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den tríú mí agus fiche tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus***, ar a dhéanaí,*** gach 36 mí ina dhiaidh sin ***nó níos minice má thagann fianaise eolaíoch nua chun cinn a mbeadh gá leis an liosta a nuashonrú sa tréimhse idir athbhreithnithe aonair***. |
| | ***Déanfaidh na Ballstáit meastóireacht gach dara bliain ar an tionchar ar cháilíocht uisce na ngníomhaíochtaí tionsclaíocha a bhaineann leis an aistriú fuinnimh agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi bhagairtí nua-aitheanta ionas go bhféadfaidh sé an liosta faire a nuashonrú dá réir. Beidh rochtain éasca ag an bpobal ar an meastóireacht.*** |

Agus an liosta faire á thabhairt cothrom le dáta ag an gCoimisiún, bainfidh sé aon substaint den liosta faire atá ann cheana má mheasann sé gur féidir measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann léi don timpeallacht uisceach gan sonraí faireacháin breise. Nuair a bheidh an liosta faire tugtha cothrom le dáta, féadfar substaint aonair nó grúpa substaintí a choimeád ar an liosta faire ar feadh uastréimhse 3 bliana eile ar a mhéad i gcás inar gá sonraí faireacháin breise chun measúnú a dhéanamh ar an riosca don timpeallacht uisceach. Áireofar freisin ar gach liosta faire a bheidh tugtha cothrom le dáta substaint nua amháin nó níos mó a mheasann an Coimisiún, ar bhonn thuarascálacha eolaíocha ECHA, go bhféadfadh riosca a bheith ann don timpeallacht uisceach dá bharr.

**Leasú 131**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8b – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus na stáisiúin faireacháin ionadaíocha á roghnú, mar aon le minicíocht an fhaireacháin agus an t-uainiú séasúrach le haghaidh gach substainte nó grúpa substaintí, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na patrúin úsáide agus tarlú féideartha na substainte nó an ghrúpa substaintí. Ní bheidh an mhinicíocht faireacháin níos lú ná dhá uair sa bhliain ***ach amháin le haghaidh substaintí atá faoi réir éagsúlachtaí aeráide nó séasúracha, ar a ndéanfar faireachán níos minice***, mar a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an liosta faire arna ghlacadh de bhun mhír 1. | Agus na stáisiúin faireacháin ionadaíocha á roghnú, mar aon le minicíocht an fhaireacháin agus an t-uainiú séasúrach le haghaidh gach substainte nó grúpa substaintí, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na patrúin úsáide agus tarlú féideartha na substainte nó an ghrúpa substaintí. Ní bheidh an mhinicíocht faireacháin níos lú ná dhá uair sa bhliain. ***Beidh an mhinicíocht níos airde***, mar a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an liosta faire arna ghlacadh de bhun mhír 1***, le haghaidh substaintí atá faoi réir éagsúlachtaí aeráide, lena n-áirítear báisteach, agus le haghaidh substaintí ar dóigh dóibh buaicphointe a dtiúchan a bhaint amach thar thréimhsí gearra mar thoradh ar luaineachtaí*** |

***séasúracha in úsáid na substaintí sin***.

**Leasú 132**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Cuirtear isteach an tAirteagal 8ba seo a leanas:*** |
| | ***'Airteagal 8ba*** |
| | ***Tráth nach déanaí ná... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], tíolacfaidh an Coimisiún measúnú tionchair lena scrúdófar sásra um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí lena áirithiú go ndéanfaidh táirgeoirí a chuireann táirgí ar an margadh ina bhfuil aon cheann de na substaintí nó na comhdhúile atá liostaithe in Iarscríbhinn I, chomh maith le substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad atá ar an liosta faire faoin Treoir seo, rannchuidiú leis na costais a bhaineann leis na cláir faireacháin arna gceapadh faoi Airteagal 8 de Threoir 2000/60/CE. Beidh togra reachtach chun an Treoir seo a athbhreithniú in éineacht leis an measúnú tionchair, i gcás inarb iomchuí.'*** |

**Leasú 133**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7 b (nua)**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8b b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7b) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***'Airteagal 8bb*** |
| | ***Saoráid faireacháin Eorpach*** |

***Déanfaidh an Coimisiún [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], saoráid chomhpháirteach faireacháin a bhunú chun na ceanglais faireacháin a bhainistiú nuair a iarrann na Ballstáit amhlaidh.***

***Saineoidh an Coimisiún feidhmiú na saoráide faireacháin, lena cumhdófar, inter alia, an méid seo a leanas:***

***(a) cineál deonach úsáid na saoráide faireacháin, rud a bheidh gan dochar do na socruithe atá curtha i bhfeidhm cheana féin ag na Ballstáit;***

***(b) na nósanna imeachta oibríochtúla do Bhallstáit a bhfuil sé beartaithe acu úsáid a bhaint as an tsaoráid faireacháin, lena n-áireofar, inter alia, an fógra is gá don Choimisiún, a riachtanais nó a gcumas faireacháin beachta, na prótacail bheachta maidir le bainistíocht samplaí, chomh maith leis an bhfad ama atá beartaithe acu fanacht mar chuid den sásra;***

***(c) na foinsí cistiúcháin, a bhféadfaidh cistí agus cláir struchtúracha ábhartha an Aontais a áireamh, chomh maith le ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear faoin sásra um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, a luaithe a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhréir le hAirteagal 8ba.'***

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8d – mír 3a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Agus EQS á socrú agus á gcur i bhfeidhm acu maidir le truailleáin shonracha abhantraí, féadfaidh na Ballstáit bith-infhaighteacht miotail a*** |

| | |
|---|---|
| | ***chur san áireamh.*** |

*Réasúnú*

*Tá sé tábhachtach go n-úsáidtear uirlisí tomhais leordhóthanacha.*

**Leasú 135**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 9a – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8 a) In Airteagal 9q, leasaítear mír 2 mar a leanas:*** |
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(8) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón ***13 Meán Fómhair 2013***. Déanfaidh an Coimisiún, ***tráth nach déanaí ná 9*** mí roimh dheireadh na tréimhse ***sé*** bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse. | ‘2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(8)***, Airteagal 8(3), (6a), (6b) agus 8a(3a)*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***6*** bliana ón ***[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]***. Déanfaidh an Coimisiún, ***9*** mí ***ar a dhéanaí*** roimh dheireadh na tréimhse ***6*** bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.’ |

*(02008L0105)*

**Leasú 136**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8 b (nua)**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 9a – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(8b) In Airteagal 9a, leasaítear mír 3 mar a leanas:*** |
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(8) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana. | '3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(8)***, Airteagal 8(3), (6a), (6b) agus 8a(3a)*** a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.' |

*(02008L0105)*

**Leasú 137**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8 c (nua)**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 9a – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8c) In Airteagal 9a, cuirtear isteach mír 3a:*** |
| | '3a. ***Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.*** |

**Leasú 138**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8 d (nua)**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 9 a – mír 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(8d) Leasaítear Airteagal 9a, mír 5, mar a leanas:*** |
| 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(8) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar aon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | ‘5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(8)***, Airteagal 8(3), (6a), (6b) nó 8a(3a)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle." |

*(02008L0105)*

**Leasú 139**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – pointe 10 a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Iarscríbhinn V – pointe 1.3.4. – mír 4

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10 a) I bpointe 1.3.4, leasaítear mír (4) mar a leanas:*** |
| Roghnófar minicíochtaí faireacháin ***a chuirfidh san áireamh*** éagsúlacht na bparaiméadar a eascraíonn as dálaí nádúrtha agus antrapaigineacha araon. Roghnófar na hamanna ag a ndéanfar faireachán chun tionchar na ***n-athruithe*** séasúracha ***ar na torthaí a íoslaghdú***, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go léireoidh na torthaí athruithe sa dobharlach ***mar thoradh ar*** athruithe de bharr brú antrapaigineach. ***D***éanfar faireachán ***breise le linn séasúir éagsúla na bliana céanna, nuair is gá, chun an cuspóir sin a bhaint amach***. | Roghnófar minicíochtaí faireacháin***, agus méadófar iad más gá, chun*** éagsúlacht na bparaiméadar a eascraíonn as dálaí nádúrtha agus antrapaigineacha araon ***a chur san áireamh***. ***Ina theannta sin, r***oghnófar na hamanna ag a ndéanfar faireachán chun tionchar na ***luaineachtaí*** séasúracha ***in úsáid substaintí agus na héagsúlachta i leibhéil an uisce ar an measúnú stádais*** agus ar an gcaoi sin a áirithiú go léireoidh na torthaí athruithe sa dobharlach ***de bharr*** brú antrapaigineach ***agus de bharr athraithe aeráide***. ***Maidir le substaintí tosaíochta atá íogair d’éagsúlachtaí aeráide agus substaintí*** |

| | |
|---|---|
| | ***tosaíochta ar dócha go dtiocfaidh buaicphointe a dtiúchan thar thréimhsí gearra mar thoradh ar luaineachtaí séasúracha in úsáid na substaintí sin,*** déanfar ***an*** faireachán ***níos minice ná mar a dhéantar i gcás substaintí eile***.’ |

*(02000L0060)*

**Leasú 140**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 18**
Treoir 2000/60/CE
Iarscríbhinn V – pointe 2.4.5 –

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh Ballstáit le fios freisin trí phonc dubh ar an léarscáil, na dobharlaigh screamhuisce sin atá faoi réir ***threocht shuntasach agus mharthanach*** aníos ó thaobh tiúchain d’aon truailleán atá de thoradh tionchar na gníomhaíochta daonna. Is le ponc gorm ar an léarscáil a thabharfar iompú treochta le fios. | Tabharfaidh Ballstáit le fios freisin trí phonc dubh ar an léarscáil, na dobharlaigh screamhuisce sin atá faoi réir ***threochtaí suntasacha agus marthanacha*** aníos***, lena n-áirítear treochtaí séasúracha aníos de bharr, inter alia, sceitheadh íseal dobharlaigh,*** ó thaobh tiúchain d’aon truailleán atá de thoradh tionchar na gníomhaíochta daonna. Is le ponc gorm ar an léarscáil a thabharfar iompú treochta le fios. |

**Leasú 141**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/60/CE
Iarscríbhinn VIII – pointe 10

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Ábhair ar fuaidreamh, lena n-áirítear micreaphlaistigh/nanaphlaistigh**.**; | 10. Ábhair ar fuaidreamh, lena n-áirítear micreaphlaistigh/nanaphlaistigh, ***chomh maith le hábhair is eol go n-eascraíonn micrea- nó nanaplaistigh astu***; |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn III**
Treoir 2006/118/CE
Iarscríbhinn I – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nóta 1: Beidh feidhm ag QS do na truailleáin a liostaítear faoi iontrálacha 3 go 7 ó…[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh ***18*** mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], leis an aidhm stádas ceimiceach maith uisce a bhaint amach ar a dhéanaí faoin 22 Nollaig 2033. | Nóta 1: Beidh feidhm ag QS do na truailleáin a liostaítear faoi iontrálacha 3 go 7 ó…[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh ***6*** mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], leis an aidhm stádas ceimiceach maith uisce a bhaint amach ar a dhéanaí faoin 22 Nollaig 2033. |

*Réasúnú*

*tá an stádas ceimiceach maith le baint amach tar éis an 3ú plean bainistíochta abhantraí, ceann i ndiaidh an phlean reatha 2022-2027. ba cheart an QS a bhunú a luaithe is féidir ionas go dtabharfar aird chuí ar na bearta sa 3ú RBMP, agus i ndáil leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha le haghaidh truailleáin thionsclaíocha, etc.*

**Leasú 143**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn III**
Treoir 2006/118/CE
Iarscríbhinn I – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás limistéar screamhuisce ar leith, go háirithe limistéar screamhuisce atá suite sa ghréasán éiceolaíoch de limistéir chaomhantais speisialta faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle, go meastar go bhféadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar na caighdeáin cháilíochta screamhuisce mainneachtain na cuspóirí comhshaoil a shonraítear in Airteagal 4 de Threoir 2000/60/CE a bhaint amach maidir le dobharlaigh ghaolmhara uisce dromchla, nó aon mheathlú suntasach ar cháilíocht éiceolaíoch nó cheimiceach na ndobharlach sin, nó aon damáiste suntasach do screamhuisce nó d'éiceachórais talún a bhraitheann go díreach ar an limistéar screamhuisce sin,*** |

***bunófar luachanna tairsí níos déine i gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo. Na cláir agus na bearta is gá i ndáil leis na luachanna tairsí sin, beidh feidhm acu freisin maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Threoir 91/676/CEE.***

**Leasú 144**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn III**
Treoir 2006/118/CE
Iarscríbhinn I – tábla – sraith 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Substaintí gníomhacha i lotnaidicídí, lena n-áirítear a meitibilítí, táirgí díghrádúcháin agus imoibriúcháin ábhartha (4) | Lotnaidicídí | neamhbhainteach | neamhbhainteach | ***0,1*** (aonair) |
| | | | | | ***0,5*** (iomlán) ***(5)*** |

(5) Ciallaíonn 'iomlán' suim na lotnaidicídí aonair a bhraitear agus a chainníochtaítear sa nós imeachta faireacháin, lena n-áirítear a meitibilítí, táirgí díghrádúcháin agus imoibriúcháin ábhartha.

*Leasú*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Substaintí gníomhacha i lotnaidicídí, lena n-áirítear a meitibilítí, táirgí díghrádúcháin agus imoibriúcháin ábhartha (4) | Lotnaidicídí | neamhbhainteach | neamhbhainteach | ***0,05*** (aonair) ***(4a)*** |
| | | | | | ***0,25*** (iomlán) ***(5)*** |

***(4a) Ní bheidh feidhm ag an luach tairsí sin ach amháin go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú.***
(5) Ciallaíonn 'iomlán' suim na lotnaidicídí aonair a bhraitear agus a chainníochtaítear sa nós imeachta faireacháin, lena n-áirítear a meitibilítí, táirgí díghrádúcháin agus imoibriúcháin ábhartha.

***Ní bheidh feidhm ag an luach tairsí atá socraithe do shuim na lotnaidicídí aonair go léir ach amháin go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú.***

**Leasú 145**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn III**
Treoir 2006/118/CE
Iarscríbhinn III – Tábla 1 – sraith 5a (nua)
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

---

*Leasú*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| ***3a.*** | ***Iomlán PFAS*** | ***Substaintí tionsclaíocha*** | ***neamhbhain teach*** | ***neamhbhainte ach*** | ***(7a)*** |

______________________

***(7a) Socróidh an Coimisiún an caighdeán cáilíochta trí ghníomh tarmligthe.***

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III**
Treoir 2006/118/CE
Iarscríbhinn I – tábla – sraith 6
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 4 | Carbamasaipín | Earraí cógaisíochta | 298-46-4 | neamhbhaintea ch | ***0.25*** |

*Leasú*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 4 | Carbamasaipín | Earraí cógaisíochta | 298-46-4 | neamhbhaintea ch | ***0,025*** |

*Réasúnú*

*Níl sé oiriúnach an caighdeán cáilíochta céanna a leagan síos do screamhuisce agus atá ann i gcás uiscí dromchla. Go ginearálta, ba cheart go mbeadh an caighdeán cáilíochta do screamhuisce deich n-oiread níos ísle ná mar atá i gcás uisce dromchla. Toisc go bhfuil an EQS do carbamazepine in uisce dromchla socraithe ag 0,25 µg/l, ba cheart an caighdeán cáilíochta do charbamazepine i screamhuisce a shocrú ag 0,025 µg/l.*

**Leasú 147**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn III**
Treoir 2006/118/CE

Iarscríbhinn I – tábla – sraith 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Substaintí cógaisíochta gníomhacha – iomlán ([8]) | Earraí cógaisíochta | neamhbhainteach | neamhbhainteach | ***0,25*** |

*Leasú*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Substaintí cógaisíochta gníomhacha – iomlán ([8]) | Earraí cógaisíochta | neamhbhainteach | neamhbhainteach | ***0,025*** |

**Leasú 148**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn III**
Treoir 2006/118/CE
Iarscríbhinn I – tábla – sraith 9
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 7 | Meitibilítí lotnaidicídí neamhábhartha (nrManna) | Lotnaidicídí | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 0,1 ***([9]) nó 1 ([10]) nó 2,5 nó 5 ([11])*** (aonair) |
| | | | | | 0,59 ***([9]) nó 5 ([10]) nó 12,5 ([11])*** (iomlán) ([12]) |

***(9) Is infheidhme maidir le nrManna atá ar bheagán sonraí, i.e. nrManna nach bhfuil sonraí turgnamhacha iontaofa maidir le héifeachtaí géara ná ainsealacha ar fáil dóibh i ndáil leis an ngrúpa tacsanomaíochta a ndéantar tuar muiníneach gurb é is íogaire.***
***(10) Is infheidhme maidir le nrManna atá ar mhéid réasúnta sonraí, i.e. nrManna dá bhfuil sonraí turgnamhacha iontaofa ar fáil i ndáil leis an ngrúpa tacsanomaíochta a ndéantar tuar muiníneach gurb é is íogaire, ach i gcás nach bhfuil sonraí leordhóthanacha ann chun na substaintí a cháiliú mar 'ar mhórán sonraí'.***
***(11) Is infheidhme maidir le nrManna atá ar mhórán sonraí, i.e. nrManna dá bhfuil sonraí turgnamhacha iontaofa ar fáil, a fhaightear trí mhodhanna malartacha ar a ndéantar bailíochtú eolaíochta, maidir le héifeachtaí ainsealacha nó géara an nrManna ar speiceas amháin ar a laghad de gach alga, d'inveirteabraigh, agus d'éisc, rud a cheadaíonn do dheimhniú muiníneach an ghrúpa tacsanomaíochta is íogaire, agus dár féidir QS a ríomh trí chur chuige cinntitheach a úsáid a bhunaítear ar shonraí tocsaineachta ainsealacha iontaofa faoin ngrúpa tacsanomaíochta sin; Féadfaidh Ballstáit an treoraíocht is déanaí a chur i bhfeidhm chun na críche sin a bhunaítear faoi chuimsiú na Comhstraitéise Cur chun Feidhme um Threoir 2000/60/CE (Treoirdhoiciméad Uimh. 27, arna thabhairt cothrom le dáta). Beidh feidhm ag QS 2.5 do nrManna aonair murab airde é QS a ríomhtar leis an gcur chuige cinntitheach, ina mbeidh feidhm ag QS 5 sa chás sin.***
(12) Ciallaíonn 'iomlán' suim gach nrM aonair i ngach catagóir sonraí a bhraitear agus a chainníochtaítear sa nós imeachta faireacháin.

*Leasú*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 7 | Meitibilítí lotnaidicídí neamhábhartha (nrManna) | Lotnaidicídí | neamhbhainteach | neamhbhaintea ch | 0,1 (aonair) |
| | | | | | 0,5 (iomlán) ([12]) |

(12) Ciallaíonn 'iomlán' suim gach nrM aonair i ngach catagóir sonraí a bhraitear agus a chainníochtaítear sa nós imeachta faireacháin.

**Leasú 149**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – pointe 1 a (nua)**
Treoir 2006/118/CE
Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 7

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:*** |
| Liosta íosta truailleán agus a dtáscairí nach mór do na Ballstáit ***machnamh a dhéanamh orthu maidir le*** luachanna tairsí a bhunú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 3 | 'Liosta íosta truailleán agus a dtáscairí nach mór do na Ballstáit luachanna tairsí a bhunú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 3' |

*(02006L0118)*

**Leasú 150**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2008/105/CE
Iarscríbhinn I – tábla – sraith 5

*éacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) | (7) | (8) | (9) | (10) | (11) | (12) | ( |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Atra isín | Luib hicí dí | 191 2-24-9 | 217-617-8 | ***0.6*** | ***0.6*** | 2.0 | 2.0 | | | | |

*easú*

| | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) | (7) | (8) | (9) | (10) | (11) | (12) | ( |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Atra isín | Luib hicí dí | 191 2- 24-9 | 217- 617- 8 | ***0.1*** | ***0.01*** | 2,0 | 2,0 | | | | |

**Leasú 151**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2008/105/CE
Iarscríbhinn I – tábla – sraith 76
*éacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) | (7) | (8) | (9) | (10) | (11) | (12) | ( |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ) | Glio fosái t | Luib hicí dí | 107 1-83 -6 | 213- 997- 4 | ***0,1 ([25])*** ***86,7 ([26])*** | ***8.67*** | 398. 6 | 39.8 6 | | | | |

***5) Le haghaidh fionnuisce a úsáidtear chun uisce óil a astarraingt agus a ullmhú.***

***6) Le haghaidh fionnuisce nach n-úsáidtear chun uisce óil a astarraingt agus a ullmhú.***

*easú*

| | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) | (7) | (8) | (9) | (10) | (11) | (12) | ( |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ) | Glio fosái t | Luib hicí dí | 107 1-83 -6 | 213- 997- 4 | ***0,1*** | ***0,01*** | 398, 6 | 39,8 6 | | | | |

**Leasú 152**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2008/105/CE
Iarscríbhinn I – tábla – sraith 86a nua
*éacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*easú*

| | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) | (7) | (8) | (9) | (10) | (11) | (12) | ( |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ***Bisfeanól*** | ***Ceimiceáin thionsclaíocha;*** | ***neamhbhainteach*** | ***neamhbhainteach*** | * | * | * | * | | | | |

***Socróidh an Coimisiún na caighdeáin cáilíochta trí ghníomh tarmligthe.***

**Leasú 153**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2008/105/CE
Iarscríbhinn I – tábla – sraith 86 b nua

*éacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*easú*

| | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) | (7) | (8) | (9) | (10) | (11) | (12) | ( |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ***Iomlán PFAS*** | ***Ceimiceáin thionsclaíocha;*** | ***neamhbhainteach*** | ***neamhbhainteach*** | * | * | * | * | | | | |

Socróidh an Coimisiún an caighdeán cáilíochta trí ghníomh tarmligthe.

**Leasú 154**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2008/105/CE
Iarscríbhinn I – tábla – sraith 86 c nua

*éacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*easú*

| (2) | (3) | (4) | (5) | (6) | (7) | (8) | (9) | (10) | (11) | (12) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Substaintí cógaisíochta gníomhacha – iomlán*** | ***Earraí cógaisíochta*** | ***neamhbhainteach*** | ***neamhbhainteach*** | ***0,25*** | ***0,025*** | | | | | |

**Leasú 155**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn VI**
Treoir 2008/105/EC
Iarscríbhinn II – Cuid A– pointe 10

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Ábhair ar fuaidreamh, lena n-áirítear micreaphlaistigh/nanaphlaistigh | 10. Ábhair ar fuaidreamh, lena n-áirítear micreaphlaistigh/nanaphlaistigh***, chomh maith le hábhair is eol go n-eascraíonn micreaphlaistigh/nanaphlaistigh;*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn VI**
Treoir 2008/105/CE
Iarscríbhinn II – Cuid B – pointe d a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) agus EQS do mhiotail á socrú, measfar go seasfaidh samhlacha bith-infhaighteachta do pharaiméadair cháilíochta uisce éagsúla a dhéanann difear do bhith-infhaighteacht miotal.*** |

*Réasúnú*

*Caithfidh údaráis inniúla na mBallstát uirlisí tomhais slána a úsáid*

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

D’fhéadfadh truailliú ceimiceach dromchla agus screamhuisce a bheith mar thoradh ar mhéadú ar cheimiciú an chomhshaoil nádúrtha de bharr gníomhaíochtaí tionsclaíocha, ceimiceacha, cógaisíochta, talmhaíochta agus gníomhaíochtaí eile arna spreagadh ag an margadh. Dá bhrí sin, is bagairt é do shláinte an duine agus don chomhshaol uisceach a dhéanann difear tromchúiseach do chailliúint gnáthóg agus bithéagsúlachta. Leis an togra reachtach nua seo a thíolaic an Coimisiún Eorpach, tugtar ar aghaidh athbhreithniú ar an Treoir Réime maidir le hUisce in éineacht leis an dá 'fho'-Threoir a eascraíonn uaithi, an Treoir maidir le Screamhuisce agus an Treoir maidir le Caighdeán Cáilíochta Comhshaoil chun reachtaíocht uisce an AE a fheabhsú chun a cuspóir uileghabhálach a bhaint amach, is é sin sláinte an duine agus éiceachórais nádúrtha a chosaint ar thruailleáin thocsaineacha. Mar chuid lárnach den Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach, tá an Rapóirtéir muiníneach gur cheart go rannchuideodh an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht uisce lena mbaineann le cur chun feidhme na huaillmhéine maidir le truailliú nialasach le haghaidh timpeallacht atá saor ó thocsainí in AE.

Aithníonn an Rapóirtéir conclúidí na meastóireachta ar Sheiceáil Oiriúnachta 2019 ar reachtaíocht uisce AE ina luaitear gurb é an measúnú foriomlán go bhfuil na Treoracha faoi seach oiriúnach dá bhfeidhm agus go bhfuil leibhéal níos airde cosanta ann do dhobharlaigh, cé nach bhfuil cuspóirí comhshaoil WFD bainte amach fiú más rud é gur cuireadh síneadh leis an spriocdháta faoi dhó ina leith sin mar gheall, den chuid is mó, ar chistiú neamhleor, ar chur chun feidhme mall agus ar chomhtháthú neamhleor na gcuspóirí comhshaoil i mbeartais earnála, agus ní mar gheall ar easnamh sa reachtaíocht. Tugann an Rapóirtéir dá aire freisin na torthaí sa mheastóireacht a léiríonn go bhféadfaí feabhas a chur ar an reachtaíocht, go háirithe maidir le cosaint fheabhsaithe d’éiceachórais agus do shláinte an duine ó rioscaí a bhaineann le truailleáin cheimiceacha chomh maith leis na heasnaimh cur chun feidhme a shárú, agus is díol sásaimh dó, dá bhrí sin, an chaoi ar aistríodh iad sin ina roghanna beartais a chuirtear leis an téacs reachtaíochta athbhreithnithe mar a mhol an Coimisiún.

Measann an Rapóirtéir, dá bhrí sin, nach gá na codanna neamhathraithe de na bunghníomhartha faoi seach a leasú. Molann sé, áfach, go ndéanfaí tuilleadh deighleoga áirithe a fhorlíonadh chun a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis na substaintí nua agus leis na substaintí atá ag teacht chun cinn, go dtacaíonn sí le modhanna faireacháin neamhchoinbhinsiúnacha chun éifeachtaí meascán ceimiceach a thomhas ar bhealach níos fearr, go gcumasóidh sí bearta chun deireadh a chur le truailliú, go gcuirfidh sí prionsabal réamhchúraim i bhfeidhm maidir le caighdeáin cháilíochta chomhshaoil a leagan síos le haghaidh substaintí conspóideacha amhail gliofosáit, go bhfeabhsófar léi cláir mhonatóireachta i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, agus go n-áiritheoidh sí go mbeidh rochtain éifeachtach ann ar an gceartas i gcás sáruithe ar an WFD.

I ndáil leis an méid sin, is iad na heilimintí seo a leanas is mó is cúis imní don Rapóirtéir:

**Substaintí atá ag teacht chun cinn agus substaintí nua**
Bunaítear na liostaí faire do thruailleáin dromchla agus screamhuisce de chineál atá ag teacht chun cinn agus de chineál nua mar mhonatóireacht réamhchéime sula liostaítear na substaintí sin mar shubstaintí tosaíochta. I bhfianaise luas gasta athraithe na gceimiceán atá le fáil sa

timpeallacht nádúrtha agus a bhfuil sé d'acmhainn acu, mar thruailleáin, rioscaí suntasacha a chruthú do shláinte an duine agus don bheatha uisceach, níor cheart teorainn a chur le méid na substaintí a bheadh ar na liostaí faire sin. Ina theannta sin, agus na rioscaí á gcur san áireamh a d'fhéadfadh a bheith ag baint le micreaphlaistigh agus géinte frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, mar shubstaintí atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad a bhaineann le sláinte an duine, ba cheart spriocdháta a chinneadh chun modhanna faireacháin oiriúnacha a shainaithint do na substaintí sin chun na substaintí sin a áireamh ar na liostaí faire.

**Monatóireacht Éifeachtbhunaithe**
Tacaíonn an Rapóirtéir leis an rún ardmhodhanna faireacháin a úsáid amhail an faireachán éifeachtbhunathe (EBM) atá níos éifeachtúla maidir leis an tionchar atá ag meascáin chasta ceimiceán ar cháilíocht an uisce a chinneadh. Mar sin féin, ós rud é go ndearnadh dul chun cinn tábhachtach cheana féin agus na modhanna sin á gcur i bhfeidhm agus go bhfuiltear ag súil, faoin athbhreithniú reatha, go gcinnfear EBM mar mhodh scagtha iontaofa le comparáid bhreise idir an mhodheolaíocht nua sin agus na gnáthmhodhanna, molann an Rapóirtéir forálacha sonracha lena gcumasófar EBM a leathnú agus a chur i bhfeidhm ar ghrúpaí breise substaintí a ndéanfar measúnú ar a n-éifeachtaí comhcheangailte ó thocsainí a tharlaíonn go comhpháirteach sa chomhshaol agus truicearluachanna a bhunófar trí úsáid a bhaint as na modhanna faireacháin éifeachtbhunaithe.

**EQS le haghaidh gliofosáite**
Is í gliofosáit an luibhicíd is minice a úsáidtear laistigh den Aontas le haghaidh úsáid talmhaíochta. Mar shubstaint ghníomhach, is cúis mhór imní í maidir leis an tionchar atá aici ar shláinte an duine agus ar thocsaineacht uisceach. Cuireadh síneadh sealadach leis an údarú margaidh do ghliofosáit go dtí mí na Nollag 2023, agus tá an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ar tí athmheasúnú casta críochnúil a dhéanamh ar an tsubstaint ghníomhach sin i mí Iúil 2023. Leagtar béim i staidéir eolaíocha éagsúla a rinneadh le déanaí ar EQS a thabhairt isteach atá i bhfad níos ísle ná an luach tairsí a chinntear sa Treoir leasaitheach. Agus na himthosca sin á gcur san áireamh agus chun dea-stádas ceimiceach fhormhór uiscí an Aontais a áirithiú, ba cheart an EQS seo a leanas do ghliofosáit a ghlacadh bunaithe ar phrionsabal réamhchúraim: AA-EQS coiteann agus aontaithe de 0,1 µg/L d'uiscí dromchla intíre; AA-EQS 0,01 µg/L d'uiscí dromchla eile.

**Deireadh a chur de réir a chéile le substaintí guaiseacha tosaíochta**
Measann an Rapóirtéir go bhfuil gá le cúlghairm na forála reatha in Airteagal 16(6) WFD maidir leis an spriocdháta 20 bliain chun deireadh a chur de réir a chéile le substaintí guaiseacha tosaíochta. Tá an Rapóirtéir muiníneach go bhfuil an oibleagáid an céimniú amach a dhéanamh ar cheann de phríomhchuspóirí WFD agus nach bhfuil sí in-fhorfheidhmithe ach amháin má tá sí nasctha le spriocdháta soiléir. Ba cheart, dá bhrí sin, go bhfanfadh an fhoráil sin slán.

**Freagracht leathnaithe táirgeora**
Dá dtabharfaí isteach an fhoráil maidir le freagracht leathnaithe táirgeora, d'áiritheofaí, ar an gcaoi chéanna leis an bhforáil atá sa Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach cheana féin, go mbeidh an reachtaíocht faoi seach oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, go háirithe maidir le cláir faireacháin a mhaoiniú, ar cláir iad atá ag brath, faoi láthair, ar na buiséid náisiúnta amháin. Ina theannta sin, tá cur i bhfeidhm forála den sórt sin ábhartha, a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar thruailleáin atá

ag teacht chun cinn agus ar thruailleáin nua chomh maith le modhanna faireacháin atá níos forbartha agus níos neamhghnáthaí a úsáid.

**Rochtain ar an gceartas**

Molann an Rapóirtéir an fhoráil maidir le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil a fheabhsú tríd an gceart sin a shainiú go nithiúil laistigh den reachtaíocht ábhartha agus, ar an gcaoi sin, a áirithiú go gcloíonn cúirteanna náisiúnta san Aontas leis an bhforáil sin lena bhféadfaí iarratasóirí a bheith in ann brath ar dhlíthe náisiúnta agus iad ag cur i gcoinne cinntí ó údaráis phoiblí atá ag sárú WFD. Rannchuideodh iarracht den sórt sin le cur chun feidhme iarbhír ghealltanais an Choimisiúin, faoina theachtaireacht ón 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir le feabhas a chur ar rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, chun gníomhaíocht a dhéanamh chun rochtain ar cheartas os comhair cúirteanna náisiúnta i ngach Ballstát a fheabhsú do shaoránaigh agus d’eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil a bhfuil ábhair shonracha imní acu faoi chomhoiriúnacht le dlí comhshaoil gníomhartha riaracháin a bhfuil tionchar acu ar an gcomhshaol.

## ANNEX: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

The following list is drawn up on a purely voluntary basis under the exclusive responsibility of the Rapporteur. The Rapporteur has received input from the following entities or persons in the preparation of the draft report:

**Entity**

Commission DG ENV
Covestro AG
EPPA SA
Environmental Agency of the Republic of Slovenia
European Environmental Bureau
ClientEarth AISBL
Slovenski komite mednarodnega združenja hidrologov Slovenije
Društvo vodarjev Slovenije
Geological Survey Of Slovenia
Slovensko društvo za zaščito voda
Global Water Partnership Slovenia
Institute REVIVO
Legal-Informational Centre for NGOs
Permanent representation of the Republic of Slovenia to the European Union

13.6.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce
(COM(2022)0540 – C9-0361/2022 – 2022/0344(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Lina Gálvez Muñoz

## LEASÚ

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) ***Tá gá le meascán de*** bhearta***,*** lena ndéantar rialú ag an bhfoinse ***agus ag deireadh an phíopa araon***, chun déileáil go héifeachtach le formhór na dtruailleán ar feadh a saolré, lena n-áirítear, de réir mar is ábhartha, dearadh ceimiceach, údarú nó formheas, rialú astaíochtaí le linn monaraíochta agus úsáide ***agus*** próisis eile, agus láimhseáil dramhaíola. Dá bhrí sin, trí chaighdeáin cháilíochta nua nó níos déine i ndobharlaigh a leagan síos, comhlánaítear | (7) ***Ba cheart tosaíocht a thabhairt do*** bhearta lena ndéantar rialú ag an bhfoinse, chun déileáil go héifeachtach le formhór na dtruailleán ar feadh a saolré, lena n-áirítear, de réir mar is ábhartha, dearadh ceimiceach, údarú nó formheas, rialú astaíochtaí le linn monaraíochta agus úsáide ***nó*** próisis eile, agus láimhseáil dramhaíola. ***Mura n-éiríonn le bearta lena ndéantar rialú ag an bhfoinse stádas maith dobharlach a bhaint amach, ba*** |

reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus bíonn na caighdeáin ag teacht leis an reachtaíocht sin, reachtaíocht lena dtugtar aghaidh ar fhadhb an truaillithe nó lena bhféadfaí déanamh amhlaidh ag ceann amháin nó níos mó de na céimeanna sin, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49], Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50], Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53], Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55] agus Treoir 91/271/CEE ón gComhairle[56].

[49] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006, maidir le Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

[50] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

[51] Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí ***bithicíde*** a chur ar fáil ***sa mhargadh*** agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

[52] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na

***cheart bearta ceann píopa a chur i bhfeidhm.*** Dá bhrí sin, trí chaighdeáin cháilíochta nua nó níos déine i ndobharlaigh a leagan síos, comhlánaítear reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus bíonn na caighdeáin ag teacht leis an reachtaíocht sin, reachtaíocht lena dtugtar aghaidh ar fhadhb an truaillithe nó lena bhféadfaí déanamh amhlaidh ag ceann amháin nó níos mó de na céimeanna sin, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49], Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50], Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53], Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55] agus Treoir 91/271/CEE ón gComhairle[56].

[49] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006, maidir le Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), ***agus*** lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

[50] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

[51] Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí ***bithicídeacha*** a chur ar fáil ***ar an margadh*** agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

[52] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na

| | |
|---|---|
| hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43). | hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43). |
| [53] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67). | [53] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67). |
| [54] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71). | [54] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71). |
| [55] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). | [55] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). |
| [56] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40). | [56] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40). |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Tugtar le fios leis an eolas eolaíoch nua go mbaineann riosca mór le truailleáin éagsúla eile a bhíonn le fáil i ndobharlaigh, i dteannta na dtruailleán a rialáiltear cheana féin. I gcás screamhuisce, sainaithníodh fadhb áirithe tríd an bhfaireachán deonach le haghaidh substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) agus earraí cógaisíochta. Braitheadh PFAS ag breis agus 70 % de na pointí tomhais screamhuisce san Aontas agus is léir go | (8) Tugtar le fios leis an eolas eolaíoch nua go mbaineann riosca mór le truailleáin éagsúla eile a bhíonn le fáil i ndobharlaigh, i dteannta na dtruailleán a rialáiltear cheana féin. I gcás screamhuisce, sainaithníodh fadhb áirithe tríd an bhfaireachán deonach le haghaidh substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) agus earraí cógaisíochta. Braitheadh PFAS ag breis agus 70 % de na pointí tomhais screamhuisce san Aontas agus is léir go |

| | |
|---|---|
| sáraítear tairseacha náisiúnta atá ann cheana ag líon nach beag áiteanna, agus go mbíonn substaintí cógaisíochta le fáil go forleathan freisin. I gcás uiscí dromchla, tá aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh liostaithe cheana féin mar shubstaintí tosaíochta, ach aithnítear anois go mbaineann riosca le PFAS eile freisin. Leis an bhfaireachán a dhéantar faoin Liosta faire faoi Airteagal 8b de Threoir 2008/105/CE, deimhníodh riosca ó roinnt substaintí cógaisíochta in uiscí dromchla, substaintí ar cheart iad a chur leis an liosta substaintí tosaíochta dá bhrí sin. | sáraítear tairseacha náisiúnta atá ann cheana ag líon nach beag áiteanna, agus go mbíonn substaintí cógaisíochta le fáil go forleathan freisin. ***Ba cheart dá bhrí sin go gcuirfí fo-thacar PFAS áirithe chomh maith le PFAS iomlán leis an liosta truailleán screamhuisce.*** I gcás uiscí dromchla, tá aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh liostaithe cheana féin mar shubstaintí tosaíochta, ach aithnítear anois go mbaineann riosca le PFAS eile freisin. ***Ba cheart dá bhrí sin go gcuirfí fo-thacar PFAS áirithe chomh maith le PFAS iomlán*** leis an ***liosta substaintí tosaíochta. Leis an*** bhfaireachán a dhéantar faoin liosta faire faoi Airteagal 8b de Threoir 2008/105/CE, deimhníodh riosca ó roinnt substaintí cógaisíochta in uiscí dromchla, substaintí ar cheart iad a chur leis an liosta substaintí tosaíochta dá bhrí sin. |

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) I bhfianaise ***feasacht a bheith*** ag dul i méid ar ábharthacht na meascán agus dá bhrí sin ***an*** ar ábharthacht an fhaireacháin éifeachtbhunaithe chun stádas ceimiceach a chinneadh, agus i bhfianaise ***gurb*** ann cheana féin do mhodhanna faireacháin ***éifeachtbhunaithe atá*** sách láidir le haghaidh substaintí éastraigineacha, ba cheart do na Ballstáit na modhanna sin a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí carnacha na substaintí éastraigineacha in uiscí dromchla ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann comparáid a dhéanamh idir na torthaí éifeachtbhunaithe, agus na torthaí a gheofar agus na modhanna traidisiúnta á n-úsáid, chun faireachán a dhéanamh ar na trí shubstaint éastraigineacha a liostaítear in | (11) I bhfianaise ***na feasachta atá*** ag dul i méid ar ábharthacht na meascán agus dá bhrí sin ar ábharthacht an fhaireacháin éifeachtbhunaithe chun stádas ceimiceach a chinneadh, agus i bhfianaise ***gur*** ann cheana féin do mhodhanna faireacháin sách láidir ***éifeachtbhunaithe*** le haghaidh substaintí éastraigineacha, ba cheart do na Ballstáit na modhanna sin a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí carnacha na substaintí éastraigineacha in uiscí dromchla ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann comparáid a dhéanamh idir na torthaí éifeachtbhunaithe, agus na torthaí a gheofar agus na modhanna traidisiúnta á n-úsáid, chun faireachán a dhéanamh ar na trí shubstaint éastraigineacha a liostaítear in |

| | |
|---|---|
| Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Úsáidfear an chomparáid sin chun measúnú a dhéanamh ar cé acu ***a fhéadfar*** nó nach bhféadfar modhanna faireacháin éifeachtbhunaithe a úsáid mar mhodhanna scagtha iontaofa. Bheadh sé de bhuntáiste leis na modhanna scagtha sin a úsáid go mbeifí in ann éifeachtaí na substaintí éastraigineacha uile ag a bhfuil éifeachtaí comhchosúla a chumhdach, seachas iad sin amháin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Ba cheart an sainmhíniú ar EQS i dTreoir 2000/60/CE a mhodhnú chun a áirithiú go bhféadfar a chumhdach leis, amach anseo, ***luachanna truicir*** a d'fhéadfaí a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí ***faireacháin*** éifeachtbhunaithe. | Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Úsáidfear an chomparáid sin chun measúnú a dhéanamh ar cé acu ***an bhféadfar*** nó nach bhféadfar modhanna faireacháin éifeachtbhunaithe a úsáid mar mhodhanna scagtha iontaofa. Bheadh sé de bhuntáiste leis na modhanna scagtha sin a úsáid go mbeifí in ann éifeachtaí na substaintí éastraigineacha uile ag a bhfuil éifeachtaí comhchosúla a chumhdach, seachas iad sin amháin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Ba cheart an sainmhíniú ar EQS i dTreoir 2000/60/CE a mhodhnú chun a áirithiú go bhféadfar a chumhdach leis, amach anseo, ***spreag-luach*** a d'fhéadfaí a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí ***an fhaireacháin*** éifeachtbhunaithe. ***Níor cheart do chinneadh an stádais cheimicigh ar leibhéal náisiúnta neamhionannas a chruthú sa rangú i measc na mBallstát, nuair a shainaithnítear EQS éagsúil don tsubstaint chéanna.*** |

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Leis an meastóireacht a rinneadh ar reachtaíocht uisce an Aontais[58] (an 'mheastóireacht') thángthas ar an gconclúid go bhféadfaí dlús a chur leis an bpróiseas chun truailleáin a shainaithint agus a liostú ar truailleáin iad lena ndéantar difear d'uisce dromchla agus screamhuisce agus caighdeáin cháilíochta a leagan síos nó a athbhreithniú lena n-aghaidh i bhfianaise eolas eolaíoch nua. Dá mbeadh na cúraimí sin le déanamh ag an gCoimisiún, seachas faoi chuimsiú ***na ngnáthnósanna*** imeachta ***reachtacha*** dá bhforáiltear faoi láthair in Airteagail 16 agus 17 de Threoir 2000/60/CE agus in Airteagal 10 de Threoir 2006/118/CE, | (12) Leis an meastóireacht a rinneadh ar reachtaíocht uisce an Aontais[58] (an 'mheastóireacht') thángthas ar an gconclúid go bhféadfaí dlús a chur leis an bpróiseas chun truailleáin a shainaithint agus a liostú ar truailleáin iad lena ndéantar difear d'uisce dromchla agus screamhuisce agus caighdeáin cháilíochta a leagan síos nó a athbhreithniú lena n-aghaidh i bhfianaise eolas eolaíoch nua. Dá mbeadh na cúraimí sin le déanamh ag an gCoimisiún, seachas faoi chuimsiú ***an ghnáthnós*** imeachta ***reachtaigh*** dá bhforáiltear faoi láthair in Airteagail 16 agus 17 de Threoir 2000/60/CE agus in Airteagal 10 de Threoir 2006/118/CE, |

d'fhéadfaí feabhas a chur ar fheidhmiú na sásraí liosta faire uisce dromchla agus screamhuisce, go háirithe i dtéarmaí liostú, faireachán agus measúnú torthaí a uainiú agus a sheicheamhú, d'fhéadfaí na naisc idir an sásra liosta faire agus na hathbhreithnithe ar na liostaí truailleán a láidriú, agus trí bhíthin athruithe ar na liostaí truailleán, d'fhéadfaí an dul chun cinn eolaíoch a chur san áireamh níos gasta. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise gur gá na liostaí truailleán agus EQS a ghabhann leo a leasú go pras i bhfianaise eolas eolaíoch agus teicniúil nua, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE a leasú ***a mhéid a bhaineann*** le liosta na substaintí tosaíochta agus le EQS comhfhreagrach a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn sin agus chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE a leasú ***a mhéid a bhaineann*** leis an liosta truailleán screamhuisce agus leis na caighdeáin cáilíochta screamhuisce a leagtar amach san Iarscríbhinn sin. Sa chomhthéacs seo, ba cheart don Choimisiún torthaí an fhaireacháin ar shubstaintí atá ar na liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce a chur san áireamh. Mar iarmhairt air sin, ba cheart ***Airteagail 16 agus 17*** de Threoir 2000/60/CE agus Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, mar aon le hAirteagal 10 de Threoir 2006/118/CE, a scriosadh.

d'fhéadfaí feabhas a chur ar fheidhmiú na sásraí liosta faire uisce dromchla agus screamhuisce, go háirithe i dtéarmaí liostú, faireachán agus measúnú torthaí a uainiú agus a sheicheamhú, d'fhéadfaí na naisc idir an sásra liosta faire agus na hathbhreithnithe ar na liostaí truailleán a láidriú, agus trí bhíthin athruithe ar na liostaí truailleán, d'fhéadfaí an dul chun cinn eolaíoch a chur san áireamh ***ar bhealach*** níos gasta. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise gur gá na liostaí truailleán agus EQS a ghabhann leo a leasú go pras i bhfianaise eolas eolaíoch agus teicniúil nua, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE a leasú ***i dtaca*** le liosta na substaintí tosaíochta agus le EQS comhfhreagrach a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn sin agus chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE a leasú ***i dtaca*** leis an liosta truailleán screamhuisce agus leis na caighdeáin cáilíochta screamhuisce a leagtar amach san Iarscríbhinn sin. Sa chomhthéacs seo, ba cheart don Choimisiún torthaí an fhaireacháin ar shubstaintí atá ar na liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce a chur san áireamh ***agus ba cheart dó an t-ionchur ó na Ballstáit agus ón bpobal eolaíochta a chur san áireamh roimh thograí a thíolacadh le haghaidh Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil do Shubstaintí Tosaíochta***. Mar iarmhairt air sin, ba cheart ***Airteagal 17*** de Threoir 2000/60/CE agus Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, mar aon le hAirteagal 10 de Threoir 2006/118/CE, a scriosadh***, agus cothabháil á déanamh ar an ngá atá ann bearta a dhéanamh a bhfuil sé mar aidhm leo deireadh a chur le sceitheadh, astaíochtaí agus caillteanas substaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh a chur leo de réir a chéile***.

| | |
|---|---|
| [58] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Seiceáil oiriúnachta ar an Treoir Réime maidir le hUisce, Treoir maidir le Screamhuisce, Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil agus Treoir maidir le Tuilte, SWD(2019) 439 final. | [58] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Seiceáil oiriúnachta ar an Treoir Réime maidir le hUisce, ***an*** Treoir maidir le Screamhuisce, ***an*** Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil agus Treoir maidir le Tuilte, SWD(2019) 439 final. |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun ***an chinnteoireacht*** éifeachtach agus chomhleanúnach a áirithiú agus sineirgí a fhorbairt leis an obair a dhéantar faoi chuimsiú reachtaíocht eile an Aontais maidir le ceimiceáin, ba cheart ról ***a bheidh*** buan agus teorannaithe go soiléir a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA') maidir le tosaíocht a thabhairt do shubstaintí a bheidh le háireamh ar na liostaí faire agus ar na liostaí substaintí in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE, agus maidir le caighdeáin cháilíochta iomchuí a dhíorthú a bheidh bunaithe ar an eolaíocht. ***An Coiste*** um Measúnú Riosca (RAC) agus ***an Coiste*** um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) de chuid ECHA***, ba cheart dóibh cur*** i gcrích cúraimí áirithe a thugtar do ECHA ***a éascú*** trí thuairimí a thabhairt. Ba cheart do ECHA comhordú níos fearr a áirithiú freisin idir píosaí éagsúla den dlí comhshaoil trí thrédhearcacht mhéadaithe ***a mhéid a bhaineann le*** truailleáin atá ar liosta faire nó trí EQS nó tairseacha náisiúnta nó uile-Aontais a fhorbairt, trí thuarascálacha eolaíocha ábhartha a chur ar fáil go poiblí. | (21) Chun ***cinnteoireacht*** éifeachtach agus chomhleanúnach a áirithiú agus sineirgí a fhorbairt leis an obair a dhéantar faoi chuimsiú reachtaíocht eile an Aontais maidir le ceimiceáin, ba cheart ról ***atá*** buan agus teorannaithe go soiléir a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA') maidir le tosaíocht a thabhairt do shubstaintí a bheidh le háireamh ar na liostaí faire agus ar na liostaí substaintí in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE, agus maidir le caighdeáin cháilíochta iomchuí a dhíorthú a bheidh bunaithe ar an eolaíocht. ***Ba cheart don Choiste*** um Measúnú Riosca (RAC) agus ***don Choiste*** um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) de chuid ECHA ***éascú a dhéanamh ar chur*** i gcrích cúraimí áirithe a thugtar do ECHA trí thuairimí a thabhairt. Ba cheart do ECHA comhordú níos fearr a áirithiú freisin idir píosaí éagsúla den dlí comhshaoil trí thrédhearcacht mhéadaithe ***i dtaobh*** truailleáin atá ar liosta faire nó trí EQS nó tairseacha náisiúnta nó uile-Aontais a fhorbairt, trí thuarascálacha eolaíocha ábhartha a chur ar fáil go poiblí. ***Ba cheart go mbeadh an próiseas trédhearcach agus ba cheart go dtabharfaí am leordhóthanach chun measúnú a dhéanamh ar eolas eolaíoch.*** |

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Is gá dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil i réimse an fhaireacháin ar stádas na ndobharlach a chur san áireamh i gcomhréir leis na ceanglais faireacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit sonraí agus seirbhísí a úsáid ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus ***feistí in-situ***, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí a ***ghiaráil***. | (31) Is gá ***staid an*** dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ***chomh maith leis na modhanna is fearr atá ar fáil*** i réimse an fhaireacháin ar stádas na ndobharlach a chur san áireamh i gcomhréir leis na ceanglais faireacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit sonraí agus seirbhísí a úsáid ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus ***gairis in situ***, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis ***na teicnící is fearr atá ar fáil i gcomhréir le prionsabal na neodrachta teicneolaíche a ghiaráil, lena bhféadfaí a áireamh leis*** an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí ***nó teicneolaíochtaí eile chun an rialachán seo*** a ***chomhlíonadh***. ***Spreagtar an Coimisiún Eorpach trédhearcacht a mhéadú in uirlisí múnlaithe AE trí fhaisnéis agus sonraí atá cothrom le dáta a úsáid.*** |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) I bhfianaise na méaduithe ar imeachtaí aimsire nach féidir a thuar, go háirithe tuilte foircneacha agus tréimhsí triomaigh fada, agus ar theagmhais truaillithe ***móra*** as a n-eascraíonn truailliú trasteorann ***de thimpiste*** nó ina ***gcuirtear an truailliú sin in olcas***, ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go soláthrófar faisnéis láithreach maidir ***le*** teagmhais ***den sórt*** sin do Bhallstáit eile dá bhféadfaí difear a dhéanamh agus dul i | (32) I bhfianaise na méaduithe ar imeachtaí aimsire nach féidir a thuar, go háirithe tuilte foircneacha agus tréimhsí triomaigh fada, agus ar theagmhais truaillithe ***mhóra*** as a n-eascraíonn truailliú trasteorann nó ***lena ndéantar géarú*** ina ***leith***, ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go soláthrófar faisnéis láithreach maidir ***leis na*** teagmhais sin do Bhallstáit eile dá bhféadfaí difear a dhéanamh agus dul i gcomhar go |

| | |
|---|---|
| gcomhar go héifeachtach le Ballstáit dá bhféadfaí difear a dhéanamh chun éifeachtaí ***na himeachta*** nó an teagmhais a mhaolú. Is gá freisin ***an*** comhar idir na Ballstáit a threisiú agus nósanna imeachta maidir le comhar trasteorann ***a chuíchóiriú*** i gcás ***fadhbanna*** níos ***struchtúraí***, i.e. ***fadhbanna*** trasteorann níos fadtéarmaí nach ***de dheasca timpiste iad agus nach*** féidir a réiteach ar leibhéal na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2000/60/CE. I gcás ina bhfuil gá le cúnamh Eorpach, féadfaidh údaráis inniúla iarrataí ar chúnamh a sheoladh chuig Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin, a chomhordóidh tairiscintí cúnaimh féideartha agus úsáid na dtairiscintí sin ***trí Shásra*** Aontais um Chosaint Shibhialta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Chinneadh 1313/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64].<br>_________________<br>[64] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924). | héifeachtach le Ballstáit dá bhféadfaí difear a dhéanamh chun éifeachtaí ***an imeachta*** nó an teagmhais a mhaolú. Is gá freisin comhar idir na Ballstáit a threisiú agus ***cuíchóiriú a dhéanamh ar*** nósanna imeachta maidir le comhar trasteorann i gcás ***ina bhfuil saincheisteanna trasteorann*** níos ***struchtúrtha***, i.e. ***saincheisteanna*** trasteorann ***neamhthimpisteach agus*** níos fadtéarmaí nach féidir a réiteach ar leibhéal na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2000/60/CE. I gcás ina bhfuil gá le cúnamh Eorpach, féadfaidh údaráis inniúla iarrataí ar chúnamh a sheoladh chuig Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin, a chomhordóidh tairiscintí cúnaimh féideartha agus úsáid na dtairiscintí sin ***tríd an Sásra*** Aontais um Chosaint Shibhialta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Chinneadh 1313/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64].<br>_________________<br>[64] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924). |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) Ba cheart do na Ballstáit sineirgí a spreagadh idir ceanglais na dtreoracha ábhartha maidir le bailiú sonraí agus cur in úsáid uirlisí digiteacha, amhail teicneolaíochtaí cianbhraiteachta agus faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), araon.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34b) Ba cheart do na húdaráis inniúla tacú le cúrsaí oiliúna, cláir forbartha scileanna agus infheistíocht i gcaipiteal daonna chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach na dteicneolaíochtaí agus na réiteach nuálach is fearr faoi chuimsiú na dtreoracha. Beifear in ann rochtain a dhéanamh ar fhaisnéis sna teangacha náisiúnta éagsúla chun inrochtaineacht na sonraí ábhartha a threisiú ar fud na hEorpa do na gníomhaithe áitiúla ábhartha agus do na saoránaigh.*** |

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe c**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 2 – pointe 30

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30a) Ciallaíonn 'substaintí guaiseacha tosaíochta' substaintí tosaíochta a dhéantar a mharcáil mar 'ghuaiseach' ar an mbonn go n-aithnítear i dtuarascálacha eolaíocha ***iad***, i reachtaíocht ábhartha an Aontais nó i gcomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, mar shubstaintí ***tocsaineacha, marthanacha, is*** dócha ***a bhithcharnfar*** nó as a n-eascraíonn leibhéal imní coibhéiseach, i gcás inarb ábhartha an imní sin don timpeallacht uisceach. | (30a) Ciallaíonn 'substaintí guaiseacha tosaíochta' substaintí tosaíochta a dhéantar a mharcáil mar 'ghuaiseach' ar an mbonn go n-aithnítear i dtuarascálacha eolaíocha, i reachtaíocht ábhartha an Aontais nó i gcomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha ***iad***, mar shubstaintí ***atá tocsaineach agus marthanach agus ar*** dócha ***go mbithbhaileofar iad*** nó ***substaintí*** as a n-eascraíonn leibhéal imní coibhéiseach, i gcás inarb ábhartha an imní sin don timpeallacht uisceach. ***Cuirtear substaintí a chumhdaítear faoi aicmí guaise sa Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú san áireamh freisin, i gcás inarb ábhartha an imní don timpeallacht uisceach.*** |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**

Treoir 2000/60/CE
Airteagal 2 – pointe 35

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ciallaíonn ‘caighdeán cáilíochta comhshaoil’ tiúchan truailleáin áirithe nó grúpa truailleán áirithe in uisce, dríodar nó bithra nach bhfuil le sárú chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint nó ***luach truicir*** maidir leis an éifeacht dhíobhálach ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol ón truailleán sin nó ón ngrúpa truailleán sin, tiúchan arna thomhas agus modh éifeachtbhunaithe iomchuí á úsáid.’; | Ciallaíonn ‘caighdeán cáilíochta comhshaoil’ tiúchan truailleáin áirithe nó grúpa truailleán áirithe in uisce, dríodar nó bithra nach bhfuil le sárú chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint nó ***spreag-luach*** maidir leis an éifeacht dhíobhálach ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol ón truailleán sin nó ón ngrúpa truailleán sin, tiúchan arna thomhas agus modh éifeachtbhunaithe iomchuí ***atá suite go heolaíochtúil*** á úsáid.’; |

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4a. I gcás imthosca eisceachtúla de thionscnamh nádúrtha nó force majeure, go háirithe tuilte foircneacha***,*** tréimhsí triomaigh fada, nó teagmhais truaillithe ***mhóra***, lena bhféadfaí difear a dhéanamh do dhobharlaigh ***síos an abhainn*** atá lonnaithe i mBallstáit eile, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na húdaráis inniúla le haghaidh dobharlaigh ***síos an abhainn*** sna Ballstáit sin, mar aon leis an gCoimisiún, ar an eolas láithreach agus go gcuirfear an comhar is gá ar bun chun na cúiseanna a imscrúdú agus chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na n-imthosca ***eisceachtúla*** nó na dteagmhas.***;*** | 4a. I gcás imthosca eisceachtúla de thionscnamh nádúrtha nó force majeure, go háirithe tuilte foircneacha ***agus*** tréimhsí triomaigh fada, nó teagmhais truaillithe, lena bhféadfaí difear a dhéanamh do dhobharlaigh ***íos-srutha*** atá lonnaithe i mBallstáit eile, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na húdaráis inniúla le haghaidh dobharlaigh ***íos-srutha*** sna Ballstáit sin, mar aon leis an gCoimisiún, ar an eolas láithreach agus go gcuirfear an comhar is gá ar bun chun na cúiseanna a imscrúdú agus chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na n-imthosca nó na dteagmhas ***eisceachtúil***. ***Déanfaidh na Ballstáit aon Bhallstát eile, dá bhféadfaí difear a dhéanamh ar bhealach diúltach mar gheall ar thruailliú a tharlaíonn sa Bhallstát lena mbaineann, a chur ar an eolas freisin. Ba cheart scaipeadh an eolais do na páirtithe leasmhara sa dobharcheantar a bheith ag gabháil leis*** |

***freisin.***

***Chun comhar agus sreabhadh faisnéise a fheabhsú a thuilleadh sa cheantar abhantraí idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh nós imeachta soiléir i bhfeidhm ag gach Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta maidir le cumarsáid éigeandála agus práinnfhreagairt.;***

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 4(1)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) ***cuirfidh*** na Ballstáit na bearta is gá chun feidhme chun laghdú ***a dhéanamh*** de réir a chéile ar an ***truailliú ó shubstaintí tosaíochta*** agus ***ó thruailleáin*** a bhaineann go sonrach le habhantracha***, agus chun scor d'astaíochtaí, den sceitheadh, agus de chaillteanais substaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh*** a chur ***leo de réir a chéile***.; | (iv) ***Déanfaidh an Coimisiún an reachtaíocht is gá a ghlacadh agus déanfaidh*** na Ballstáit na bearta is gá ***a chur*** chun feidhme chun ***sceitheadh, astaíochtaí agus caillteanais truaillithe ó shubstaintí tosaíochta a*** laghdú de réir a chéile***, agus chun deireadh a chur le hastaíochtaí, le sceitheadh agus le caillteanais substaintí guaiseacha tosaíochta nó iad a chéimniú amach laistigh d'amlíne iomchuí agus, i gcás*** ar ***bith, tráth nach déanaí ná 20 bliain tar éis substaint tosaíochta ar leith a liostú mar shubstaint ghuaiseach i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Ba cheart feidhm a bheith ag*** an ***amlíne sin gan dochar do chur i bhfeidhm amlínte níos déine in aon reachtaíocht eile is infheidhme de chuid an Aontais. Déanfaidh na Ballstáit na bearta sin a chur chun feidhme*** agus ***déanfaidh siad na bearta comhfhreagracha is gá maidir le truailleáin*** a bhaineann go sonrach le habhantracha***. Ba cheart do na bearta seo díriú go príomha ar dheireadh*** a chur ***le truailliú ag an bhfoinse***.; |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 6 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***'Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá a bhfuil bonn cirt leo chun láithreáin leochaileacha, amhail láithreáin Natura 2000 atá ag brath ar screamhuisce, a chosaint ar thruailliú nó damáiste.';*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 12

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina sainaithneoidh Ballstát fadhb ag a bhfuil tionchar ar bhainistíocht an uisce atá aige ach nach féidir leis an mBallstát sin í a réiteach, tabharfaidh sé fógra faoin bhfadhb don Choimisiún agus ***d'aon Bhallstát*** eile lena mbaineann agus déanfaidh moltaí maidir leis an bhfadhb a réiteach. | 1. I gcás ina sainaithneoidh Ballstát fadhb ag a bhfuil tionchar ar bhainistíocht an uisce atá aige ach nach féidir leis an mBallstát sin í a réiteach, tabharfaidh sé fógra faoin bhfadhb don Choimisiún agus ***do gach Ballstát*** eile lena mbaineann agus déanfaidh ***sé*** moltaí maidir leis an bhfadhb a réiteach ***go héifeachtach***. |

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 16

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) scriostar ***Airteagail 16 agus 17***; | (11) scriostar ***Airteagal 17***; |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Iarscríbhinn VII – Cuid A– pointe 7.7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) In Iarscríbhinn VII, Cuid A, Pointe 7.7. cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*** <br><br> ***'7.7.a Achoimre ar na bearta a rinneadh chun an earnáil uisce a dhigiteáil;';*** |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 1, mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leagtar bearta sonracha síos leis an Treoir seo chun truailliú screamhuisce a chosc agus a rialú, bearta arb é is aidhm dóibh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2000/60/CE a ghnóthú. Áirítear ar na bearta sin an méid seo a leanas: | 1. Leagtar bearta sonracha síos leis an Treoir seo chun truailliú screamhuisce a chosc agus a rialú, bearta arb é is aidhm dóibh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2000/60/CE a ghnóthú. ***Le hordlathas na mbeart a bheidh le déanamh, tabharfar tosaíocht do shrianta agus bearta eile lena ndéantar rialú ag an bhfoinse.*** Áirítear ar na bearta sin an méid seo a leanas: |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh cúig shubstaint nó ghrúpa substaintí ar a ***mhéad*** sa liosta faire agus léireoidh sé na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gach substainte. Na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha i gceist leo le haghaidh na n-údarás inniúil. Na substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, roghnófar iad as measc na substaintí sin lena léirítear leis | Beidh cúig shubstaint nó ghrúpa substaintí ar a ***laghad*** sa liosta faire agus léireoidh sé na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gach substainte. ***Maidir leis*** na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha ***ná ualach riaracháin gan ghá*** i gceist leo le haghaidh na n-údarás inniúil. ***Maidir leis*** na substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, |

| | |
|---|---|
| an bhfaisnéis atá ar fáil go bhféadfadh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach leordhóthanach sonraí faireacháin lena n-aghaidh. Áireofar substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad ar an liosta faire sin. | roghnófar iad as measc na substaintí sin lena léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil go bhféadfadh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach leordhóthanach sonraí faireacháin lena n-aghaidh. Áireofar substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad ar an liosta faire sin. ***Chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le faireachán agus tuairisciú a íoslaghdú, déanfar tús áite a thabhairt do dhigiteáil mhéadaithe.*** |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tionscadail taighde agus foilseacháin eolaíocha, lena n-áirítear faisnéis faoi threochtaí agus ***tuartha*** bunaithe ar an samhaltú nó ***ar mheasúnuithe*** réamhfháistineacha eile agus sonraí ***agus faisnéis ó theicneolaíochtaí*** cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí in-situ, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ***ndéantar*** na deiseanna a ***thagann*** leis an intleacht shaorga***,*** anailís agus próiseáil ***ardleibhéil*** sonraí a ***ghiaráil***; | (f) tionscadail taighde agus ***nuálaíochta agus*** foilseacháin eolaíocha, lena n-áirítear faisnéis ***atá cothrom le dáta*** faoi threochtaí agus ***réamhaisnéisí*** bunaithe ar an samhaltú nó ***measúnaithe*** réamhfháistineacha eile***, chomh maith le faisnéis*** agus sonraí ***arna mbailiú ag teicneolaíochtaí*** cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí in-situ, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ***mbaintear tairbhe as*** na deiseanna a ***chuirtear ar fáil*** leis ***na teicnící is fearr atá ar fáil a d'fhéadfadh*** an intleacht shaorga ***agus*** anailís agus próiseáil sonraí ***ar ardleibhéal*** a ***bheith cuimsithe leo, a chuireann san áireamh prionsabal na neodrachta teicneolaíche***; |

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfidh na Ballstáit torthaí an fhaireacháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir 2000/60/CE agus i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an liosta faire mar a ghlactar de bhun mhír 1. Cuirfidh siad faisnéis ar fáil freisin faoi ionadaíochas na stáisiún faireacháin agus faoin straitéis faireacháin. | 4. Cuirfidh na Ballstáit torthaí an fhaireacháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir 2000/60/CE agus i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an liosta faire mar a ghlactar de bhun mhír 1. Cuirfidh siad faisnéis ar fáil freisin faoi ionadaíochas na stáisiún faireacháin agus faoin straitéis faireacháin. ***Chun an t-ualach riaracháin gan gá a bhaineann le faireachán agus tuairisciú a íoslaghdú, déanfar tús áite a thabhairt do dhigiteáil mhéadaithe.*** |

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, den chéad uair faoin … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, ar an liosta truailleán a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus ar na caighdeáin cháilíochta le haghaidh na dtruailleán sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin***, mar aon leis an liosta truailleán agus na táscairí a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II***. | 1. Déanfaidh an Coimisiún ***togra le haghaidh*** athbhreithniú ***a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus Chomhairle AE***, den chéad uair faoin … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, ar an liosta truailleán a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus ar na caighdeáin cháilíochta le haghaidh na dtruailleán sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin. |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a | 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a |

ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 8a, chun ***Iarscríbhinn I a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí thruailleáin screamhuisce agus caighdeáin cháilíochta a chur isteach nó a bhaint le haghaidh na dtruailleán sin a leagtar amach san*** Iarscríbhinn ***sin agus chun Cuid B*** a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus ***eolaíocht*** trí thruailleáin nó táscairí a chur leis nach mór do na Ballstáit cuimhneamh ar thairseacha náisiúnta a leagan síos ina leith.

ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 8a, chun ***Cuid B d'***Iarscríbhinn ***II*** a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus ***eolaíoch*** trí thruailleáin nó táscairí a chur leis nach mór do na Ballstáit cuimhneamh ar thairseacha náisiúnta a leagan síos ina leith.

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Faoi [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún treoirlínte teicniúla agus caighdeáin chomhchuibhithe a chur ar bun a bheidh i bhfeidhm ar fud AE maidir le córais leantacha agus chruinne (ar líne) faireacháin truaillithe i leith tomhais caighdeáin uisce.*** |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) cláir thaighde agus foilseacháin ***eolaíocha*** ón Aontas, lena n-áirítear faisnéis a eascraíonn as teicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus ***gairis*** in-situ agus/nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil | (f) cláir thaighde agus foilseacháin ***eolaíochta*** ón Aontas, lena n-áirítear faisnéis ***atá cothrom le dáta*** a eascraíonn as teicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus ***feistí*** in-situ agus/nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis ***na teicnící is fearr atá ar fáil*** |

| | |
|---|---|
| ardleibhéil sonraí a ghiaráil; | ***a d'fhéadfadh*** an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí a ***bheith cuimsithe leo a*** ghiaráil; |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ar bhonn na faisnéise a bhailítear i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 8 de Threoir 2000/60/CE, agus sonraí eile atá ar fáil, bunóidh na Ballstáit fardal, lena n-áirítear léarscáileanna, más infhaighte, d'astaíochtaí, sceitheadh agus caillteanais gach substainte tosaíochta ***dá*** liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus de na truailleáin uile a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo le haghaidh gach ceantar abhantraí nó cuid de cheantar abhantraí atá laistigh dá ***chríoch***, lena n-áirítear a dtiúchain i ndríodair agus i mbithra, de réir mar is iomchuí. | Ar bhonn na faisnéise a bhailítear i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 8 de Threoir 2000/60/CE, agus sonraí eile atá ar fáil, bunóidh na Ballstáit fardal, lena n-áirítear léarscáileanna, más infhaighte, d'astaíochtaí, sceitheadh agus caillteanais gach substainte tosaíochta ***a*** liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus de na truailleáin uile a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo le haghaidh gach ceantar abhantraí nó cuid de cheantar abhantraí atá laistigh dá ***gcríoch***, lena n-áirítear a dtiúchain i ndríodair agus i mbithra, de réir mar is iomchuí. ***Déanfar na fardail d'astaíochtaí a chur ar fáil, i mbunachar digiteach más indéanta, d'oibritheoirí uisce óil agus fuíolluisce dá ndéantar difear go díreach nó go hindíreach de bhrí na n-astaíochtaí seo.*** |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8 – pointe 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Faoi 12 Eanáir 2025, déanfaidh an Coimisiún treoirlínte teicniúla a chur ar bun a bhaineann le modhanna anailíse le haghaidh faireachán ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile faoin bparaiméadar 'PFAS Iomlán'. Faoi*** |

| | |
|---|---|
| | ***12 Eanáir 2026, déanfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn I a leasú chun na caighdeáin cháilíochta maidir le 'PFAS iomlán' a shocrú.*** |

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh ***deich substaint*** nó ngrúpa substaintí ar a ***mhéad*** sa liosta faire ag aon uair amháin agus léireoidh sé na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse féideartha le haghaidh gach substainte. Na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha i gceist leo le haghaidh na n-údarás inniúil. Na substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, roghnófar iad as measc na substaintí ***sin a*** léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil ***ina leith go bhféadfaidh*** riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach leordhóthanach sonraí faireacháin lena n-aghaidh. Beidh substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad san áireamh ar an liosta faire. | Beidh ***10 substaint*** nó ngrúpa substaintí ar a ***laghad*** sa liosta faire ag aon uair amháin agus léireoidh sé na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse féideartha le haghaidh gach substainte. ***Maidir leis*** na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha ***ná maorlathas gan ghá*** i gceist leo le haghaidh na n-údarás inniúil. ***Maidir leis*** na substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, roghnófar iad as measc na substaintí ***lena*** léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil ***go bhféadfadh*** riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach leordhóthanach sonraí faireacháin lena n-aghaidh. Beidh substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad san áireamh ar an liosta faire. |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tionscadail taighde agus foilseacháin eolaíocha, lena n-áirítear faisnéis faoi threochtaí agus tuartha bunaithe ar ***shamhaltú*** nó measúnaithe réamhfháistineacha agus sonraí agus | (e) tionscadail taighde agus ***nuálaíochta agus*** foilseacháin eolaíocha, lena n-áirítear faisnéis ***atá cothrom le dáta*** faoi threochtaí agus tuartha bunaithe ar ***an samhaltú*** nó measúnaithe |

faisnéis ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí in-situ, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a ***thagann*** leis an intleacht shaorga***,*** anailís agus próiseáil sonraí ar ardleibhéal a ***ghiaráil***.

réamhfhháistineacha ***eile*** agus sonraí agus faisnéis ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí in-situ, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a ***chuirtear ar fáil*** leis ***na teicnící is fearr atá ar fáil a ghiaráil, ar deiseanna iad a d'fhéadfadh*** an intleacht shaorga ***agus*** anailís agus próiseáil sonraí ar ardleibhéal a ***bheith cuimsithe leo, a chuireann san áireamh prionsabal na neodrachta teicneolaíche***.

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce,<br>Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce |
| **Tagairtí** | COM(2022)0540 – C9-0361/2022 – 2022/0344(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>19.1.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>19.1.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Lina Gálvez Muñoz<br>25.4.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.6.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 60<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Marc Botenga, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Nicola Danti, Marie Dauchy, Christian Ehler, Claudia Gamon, Jens Geier, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Eva Maydell, Georg Mayer, Marina Mesure, Dan Nica, Angelika Niebler, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Clara Ponsatí Obiols, Manuela Ripa, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Marek Paweł Balt, Damien Carême, Matthias Ecke, Elena Lizzi, Dace Melbārde, Marcos Ros Sempere, Jordi Solé, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Rosanna Conte, Estrella Durá Ferrandis, Valter Flego, Martin Hojsík, Andrey Kovatchev, Andrey Novakov, Jan-Christoph Oetjen, Tom Vandenkendelaere |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 60 | + |
|---|---|
| ECR | Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Johan Nissinen, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský |
| ID | Rosanna Conte, Marie Dauchy, Elena Lizzi |
| NI | Clara Ponsatí Obiols |
| PPE | Asim Ademov, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Christian Ehler, Seán Kelly, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, Eva Maydell, Dace Melbārde, Angelika Niebler, Andrey Novakov, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Tom Vandenkendelaere, Henna Virkkunen, Marion Walsmann, Pernille Weiss |
| Renew | Andrus Ansip, Nicola Danti, Valter Flego, Claudia Gamon, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Martin Hojsík, Ivars Ijabs, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen |
| S&D | Alex Agius Saliba, Marek Paweł Balt, Beatrice Covassi, Estrella Durá Ferrandis, Matthias Ecke, Jens Geier, Ivo Hristov, Miapetra Kumpula-Natri, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Marcos Ros Sempere |
| The Left | Marc Botenga, Marina Mesure |
| Na Glasaigh/SCE | Damien Carême, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Henrike Hahn, Mikuláš Peksa, Manuela Ripa, Jordi Solé |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Georg Mayer |
| Renew | Jan-Christoph Oetjen |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

25.5.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce
(COM(2022)0540 – C9-0361/2022 – 2022/0344(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Martin Häusling

## RÉASÚNÚ GEARR

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an t-athbhreithniú atá beartaithe ar na trí phíosa reachtaíochta a bhaineann le huisce agus molann sé roinnt feabhsuithe spriocdhírithe agus teoranta.

Is féidir an dul chun cinn mall foriomlán maidir le cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a leagan ar easpa cur chun feidhme, raon feidhme neamhleordhóthanach, agus bearta athchóirithe neamhleordhóthanacha nó neamhimleora lena n-áirithítear nascacht hidreolaíoch agus éiceolaíoch[1].

Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún féachaint chuige go bpléitear leis an easpa cur chun feidhme.

I gcomhréir le seiceáil oiriúnachta 2019, ní mór liostaí de thruailleáin a dhéanann difear d’uisce dromchla agus screamhuisce a thabhairt cothrom le dáta, agus an bealach chun dul i ngleic leo a chomhchuibhiú. Ba cheart oibleagáidí na mBallstát a ailíniú go pras leis an eolaíocht is déanaí maidir le héilleáin a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith. Ba cheart feabhas a chur ar fhaireachán na meascán ceimiceach. Ar bhonn níos ginearálta, ní mór rochtain ar shonraí agus trédhearcacht sonraí a áirithiú.

I samhradh na bliana 2022, léiríodh an diantionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar infhaighteacht uisce, agus is é an comhdhearcadh eolaíoch nach raibh ann ach an tús. Bíonn na feirmeoirí agus an lucht táirgthe bia ina measc siúd is túisce a bhíonn buailte ag an athrú aeráide.

Ba léir leis an tubaiste chomhshaoil a thit amach in abhantrach an Oder, i samhradh 2022 freisin, gur gá an comhar idirnáisiúnta a neartú agus comhar iomlán agus tapa na mBallstát uile lena mbaineann a áirithiú.

[1] https://www.igb-berlin.de/sites/default/files/media-files/download-files/IGB_Policy_Brief_WFD_2019.pdf

Tá frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach ina mórbhagairt ar an tsláinte phoiblí, agus dá bhrí sin, aontaíonn an Rapóirtéir go mór leis an togra maidir le géinte frithsheasmhachta frithmhiocróbaí a chur san áireamh sna liostaí faire maidir le huisce dromchla agus screamhuisce, agus tugann sé aird ar uisce arna sceitheadh ag seamlais, inar léiríodh go raibh géinte frithsheasmhachta frithmhiocróbaí ann[2].

Sainaithníodh cleachtais talmhaíochta áirithe mar chonstaic ar dhea-stádas i ndobharlaigh AE a bhaint amach, rud is cúis le truailliú níotráite agus lotnaidicídí i screamhuisce[3]. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, a áirithiú go n-urramófar go hiomlán na Caighdeáin ábhartha maidir le Cáilíocht Screamhuisce.

Tá tábhacht níos mó ná riamh ag baint le dul i ngleic le triomach agus, dá bhrí sin, stádas cainníochtúil maith screamhuisce a áirithiú. Tá údar maith leis go dtabharfaí aird mhéadaithe ar chleachtais astarraingthe, de bhrí go bhfuil brú ollmhór tagtha ar astarraingt uisce le haghaidh na talmhaíochta, rud is cúis le teip ar stádas maith cainníochtúil na ndobharlach screamhuisce[4]. Ní mór do na Ballstáit úsáid éifeachtúil inbhuanaithe uisce a áirithiú, lena n-áirítear sa talmhaíocht, agus ní fhéadfar úsáid talmhaíochta a eisiamh le rialuithe ar astarraingt fionnuisce dromchla agus screamhuisce.
Tá an talmhaíocht ag cur le stádas cáilíochtúil agus cainníochtúil táireach an uisce dromchla agus an screamhuisce, agus is í atá thíos leis freisin. Tá sé thar am an treocht a aisiompú.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is bagairt é truailliú ceimiceach uisce dromchla agus screamhuisce don timpeallacht uisceach, agus éifeachtaí i gceist leis amhail géarthocsaineacht agus tocsaineacht ainsealach in orgánaigh uisceacha, carnadh truailleán san éiceachóras agus caillteanas gnáthóg agus | (1) Is bagairt é truailliú ceimiceach uisce dromchla agus screamhuisce don timpeallacht uisceach, agus éifeachtaí i gceist leis amhail géarthocsaineacht agus tocsaineacht ainsealach in orgánaigh uisceacha, carnadh truailleán san éiceachóras agus caillteanas gnáthóg agus |

[2] https://www.greenpeace.de/publikationen/Antibiotikarestistente%20Keime%20in%20SchlachthofAbw%C3%A4ssern.pdf
[3] https://www.eea.europa.eu/themes/water/european-waters/water-quality-and-water-assessment/water-assessments
[4] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021DC0970

| | |
|---|---|
| bithéagsúlachta, mar aon le bagairt ar shláinte an duine. Trí chaighdeáin cáilíochta comhshaoil a leagan síos, ***cuidítear*** leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach ***le haghaidh*** timpeallacht saor ó thocsainí a chur chun feidhme. | bithéagsúlachta, ***bagairt ar an bhforaoiseacht agus talmhaíocht,*** mar aon le bagairt ar shláinte an duine. Trí chaighdeáin cáilíochta comhshaoil a leagan síos, ***cuirtear*** leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach ***atá dírithe i dtreo*** timpeallacht saor ó thocsainí a chur chun feidhme***, a dhéanfaidh an comhshaol nádúrtha agus sláinte an duine a chosaint***. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 a) Bíonn a lán críoch san Aontas faoi réir srianta uisce móra méadaitheacha. Cuireann na triomaigh mhóra leanúnacha le blianta beaga anuas, go háirithe i réigiúin na Meánmhara, táirgeadh talmhaíochta i mbaol agus bíonn siad ina gcúis le laghdú ollmhór ar chúltaiscí uisce dromchla agus screamhuisce [1a].*** |
| | ***1a https://www.oecd.org/agriculture/topics/water-and-agriculture/*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 b) Ós rud é go léirítear i staidreamh ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) gur sa talmhaíocht a úsáidtear thart ar 28 % den uisce go léir a ídítear, ba cheart go gcuirfeadh na hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo*** |

***ar na Treoracha sin san áireamh an tionchar a bhíonn acu ar infhaighteacht uisce agus ar tháirgeadh bia dá bhrí sin, chomh maith le cáilíocht an uisce óil agus ar an sreabh chomhshaoil.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 c) Is earra poiblí é uisce atá ann chun leasa gach duine, agus mar acmhainn nádúrtha riachtanach, atá do-athsholáthraithe agus riachtanach don bheatha, ní mór é a chur san áireamh ina ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil. Bíonn drochthionchar ag an athrú aeráide, lena n-áirítear méadú ar mhinicíocht tubaistí nádúrtha agus teagmhais adhaimsire agus meathlú na bithéagsúlachta, ar cháilíocht agus cainníocht an uisce, rud a chuireann tuilleadh brú ar earnálacha a bhraitheann ar infhaighteacht uisce, go háirithe an earnáil talmhaíochta.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 d) Cé gur shainaithin an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) cleachtais talmhaíochta áirithe mar chonstaicí in aghaidh stádas ceimiceach maith screamhuisce a bhaint amach san Aontas, ar tharla truailliú níotráití agus lotnaidicídí dá mbarr, ina Tuarascáil ó 2018 ar 'uiscí na hEorpa - measúnú ar stádas agus ar fhoinsí brú', tugadh faoi deara laghdú de réir a chéile*** |

***ar úsáid leasachán mianrach agus barrachais cothaitheach in AE leis na deicheanna de bhlianta anuas [1a]. Foinsí suntasacha eile atá ann ná cásanna sceite nach bhfuil ceangailte le córas séarachais, láithreáin éilithe nó láithreáin tionsclaíocha tréigthe.***

__________________

***1a***

***https://www.eea.europa.eu/publications/state-of-water***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 e) Is tosaíocht don talmhaíocht é stádas maith na ndobharlach agus bainistíocht éifeachtúil ar acmhainní uisce, ós rud é go mbraitheann feirmeoirí ar uisce chun tabhairt faoina ngníomhaíochtaí, agus dá bharr, tá leas dílsithe acu in úsáid inbhuanaithe na hacmhainne sin.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 f) De réir Thuarascáil 2021 ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce (2000/60/CE), na Treorach maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil (2008/105/CE arna leasú ag Treoir 2013/39/AE) agus na Treorach maidir le Tuilte (2007/60/CE), leanann éifeachtúlacht uisce de bheith ina hardtosaíocht do na Ballstáit, agus tá dul*** |

***chun cinn suntasach tugtha faoi deara maidir le bearta bunúsacha a théann i ngleic le hastarraingt uisce, ar brú é mór é fós in aghaidh stádas maith cainníochtúil dobharlach screamhuisce a bhaint amach[1a]. Cé go bhfuil an talmhaíocht ar cheann de mhórúsáideoirí na hastarraingthe screamhuisce chun críche uiscithe, tá feidhm shochaíoch ríthábhachtach ag táirgeadh bia, agus dá bhrí sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt dó i mbearta chun éifeachtúlacht uisce a chur chun cinn.***

__________________

***[1a] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT%20/PDF/?uri=CELEX:52021DC0970***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 g) Chun éascú a dhéanamh ar athrú chuig earnáil talmhaíochta níos inbhuanaithe agus níos táirgiúla atá frithsheasmhach in aghaidh srianta uisce, ba cheart dreasachtaí a chur i bhfeidhm d'fheirmeoirí chun bainistiú uisce agus nuachóiriú córas agus teicnící uiscithe a fheabhsú.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 h) Nuair a úsáidtear go neamhstuama iad, is féidir le lotnaidicídí dul i bhfeidhm go mór ar cháilíocht agus cainníocht an uisce atá ar fáil le*** |

***haghaidh úsáid talmhaíochta, rud a mbíonn drochthionchar aige ar an mbithéagsúlacht uisceach agus talún araon. Tá sé oiriúnach, dá bhrí sin, faireachán a dhéanamh ar thionchar agus ar dhán éiceatocsaineolaíoch lotnaidicídí agus a meitibilítí i ndobharlaigh.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 i) Tá sé ríthábhachtach a chur san áireamh na hiarrachtaí a rinneadh go dtí seo in earnálacha amhail an earnáil talmhaíochta, ina rabhthas in ann éilliú fíteashláintíochta a laghdú 14 % cheana i gcomparáid le 2015-2017 agus méadaítear an céatadán sin go 26 % má fheictear ar na truailleáin is dochraí. Leis seo ar fad, léiríonn na figiúirí laghdú leanúnach ar úsáid ceimiceán agus baol na gceimiceán, agus ba é 2020 an dara bliain i ndiaidh a chéile inar tháinig laghdú suntasach ar úsáid lotnaidicídí, go háirithe na cinn is dainséaraí[1a].*** |
| | ***1a https://food.ec.europa.eu/plants/pesticides/sustainable-use-pesticides/farm-fork-targets-progress/eu-trends_ga*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1 j (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 j) Is bagairt é truailliú ceimiceach uisce dromchla agus screamhuisce don*** |

***talmhaíocht toisc go ndéanann sé infhaighteacht an uisce atá oiriúnach d'uisciú barr a theorannú, rud a chuireann leis an nganntanas uisce. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit tacaíocht i gcomhair taighde agus nuálaíochta a mhéadú chun réitigh a rachaidh i ngleic le ganntanas agus truailliú uisce dromchla agus screamhuisce a chur in úsáid go tapa, lena n-áirítear digiteáil, talmhaíocht bheacht, uisciú barrfheabhsaithe agus nuachóiriú uiscithe agus úsáid chiorclach acmhainní, le haghaidh bainistíocht uisce feabhsaithe atá frithsheasmhach in aghaidh na haeráide agus úsáid níos dírithe a bhaint as lotnaidicídí agus leasacháin i gcomhair barr, ionchur talmhaíochta a chruthaíonn níos lú truaillithe agus malairtí ionchuir talmhaíochta níos sábháilte, cineálacha níos frithsheasmhaí agus níos éifeachtúla i leith cothaitheach agus méadú ar úsáid fuíolluisce chóireáilte le haghaidh uisciú talmhaíochta. Ba cheart dó sin cur le córas bia inbhuanaithe seasmhach de chuid AE a bhaint amach agus truailliú idirleata ó thalmhaíocht agus an gá le hastarraingt talmhaíochta á laghdú ag an am céanna.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) Le linn na n-iarrachtaí chun leibhéal ard cosanta don chomhshaol a bhaint amach agus chun an Plean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach a chur chun feidhme, caithfidh an tAontas éagsúlacht na gcásanna sna réigiúin dhifriúla in AE, an tionchar ar shlándáil bia, táirgeadh bia agus inacmhainneacht bia, chomh maith le haistí bia sláintiúla inbhuanaithe, a chur*** |

***san áireamh.***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) Tagann na cuspóirí a bhaineann le 'stádas maith dobharlach' agus infhaighteacht uisce a áirithiú salach ar a chéile agus ní minic a dhéantar iarracht iad a bhaint amach ar bhealach réasúnta comhtháiteach. Ba cheart dea-bhainistiú uisce a phríomhshruthú i ngach beartas de chuid AE a bhaineann le hearnálacha a úsáideann uisce.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 b) Leis an gComhbheartas Talmhaíochta nua le haghaidh 2023-2027 méadaíodh an uaillmhian cheana agus tugadh isteach sainordú chun na cuspóirí comhshaoil agus aeráide a urramú, chomh maith leis an deis éiciscéimeanna a thabhairt isteach agus a chur chun cinn, lena n-áirítear, mar shampla, bainistiú uisce an Aontais a fheabhsú.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 c) Leis an seiceáil oiriúnachta tugadh faoi deara go raibh comhtháthú*** |

***níos fearr na gcuspóirí uisce i mbeartas talmhaíochta ag teastáil. Thug CBT nua isteach bearta a rinne próiseas níos inbhuanaithe de bhainistiú uisce. Ar mhaithe le comhleanúnachas níos fearr idir beartas talmhaíochta agus beartas uisce, ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na deiseanna atá ar fáil in CBT nua agus saincheisteanna uisce a chomhtháthú go hiomlán ina bpleananna straitéiseacha, lena n-áirítear úsáid AKIS, agus seirbhísí comhairleoireachta a spreagadh dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le bainistiú uisce.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7 a) Braitheann trasuí ceart na Treorach seo go mór ar na bearta coisctheacha a chuireann an Ballstáit agus an tAontas i bhfeidhm. Ní hamháin go bhfuil sé de dhualgas ar na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh tomhais a dhéanamh ar stádas ceimiceach an screamhuisce agus na n-uiscí dromchla, caithfidh siad gach beart réasúnta a dhéanamh chun truailliú uisce a chosc.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9 a) De réir dhlí infheidhme an Aontais, tá sé mar oibleagáid ag na Ballstáit uiscí truaillithe agus uiscí atá i mbaol a shainaithint, limistéir leochaileacha ó thaobh níotráite de a*** |

***shannadh, cláir ghníomhaíochta a fhorbairt agus bearta ábhartha a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, tá gá fós ann le comhchuibhiú na mbeart rialaithe agus na gcóras tomhais cáilíochta uisce idir na Ballstáit a fheabhsú, ionas go lamháiltear do chaighdeáin chomhchuibhithe ar fud an Aontais a chumasaíonn inchomparáideacht idir na Ballstáit, rud a sheachnaíonn, dá bhrí sin, fadhbanna iomaíochta san earnáil talmhaíochta Eorpach, ar fadhbanna iad a chuireann isteach ar an margadh inmheánach.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Cuireadh imní in iúl faoin riosca a bhaineann le forbairt na ***frithsheasmheastachta*** frithmhiocróbaí de dheasca ***microrgánaigh frithsheasmheastachta*** frithmhiocróbaí agus géinte ***frithsheasmheastachta*** frithmhiocróbaí a bheith i láthair sa timpeallacht uisceach, ach is beag ***faireachán*** atá déanta go dtí seo. Ba cheart géinte ***frithsheasmheastachta*** frithmhiocróbaí ábhartha a áireamh freisin sna liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce agus ba cheart faireachán a dhéanamh orthu a luaithe a ***bheidh*** modhanna faireacháin oiriúnacha ***forbartha***. Tá sé sin i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha, a ghlac an Coimisiún i ***mí an Mheithimh 2017***, agus leis an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip, lena dtugtar aghaidh ar an ábhar imní sin freisin. | (10) Cuireadh imní in iúl faoin riosca a bhaineann le forbairt na ***frithsheasmhachta*** frithmhiocróbaí de dheasca ***miocrorgánaigh le frithsheasmhacht*** frithmhiocróbaí agus géinte ***frithsheasmhachta*** frithmhiocróbaí a bheith i láthair sa timpeallacht uisceach, ***lena n-áirítear an baol do shláinte an duine mar gheall ar úsáid antaibheathach sa talmhaíocht atá in ainm is a bheith forchoimeádta lena n-úsáid ag an duine,*** ach is beag ***an dul chun cinn ar fhaireachán*** atá déanta go dtí seo. ***Tá sé seo mar gheall ar easpa modhanna caighdeánaithe, lena n-áirítear easpa sonraí tagarmharcála agus tairsí chun eolas a dhéanamh d'iarrachtaí éabhlóideacha, iarrachtaí eipidéimeolaíocha, agus iarrachtaí múnlaithe riosca eile[1a]. Maidir le miocrorgánaigh agus géinte FSFM a bheith i láthair, is toradh é d'úsáid antaibheathach i leigheas an duine agus sa tréidliacht, agus caithfear a thabhairt faoi deara gur baineadh amach laghdú 35 % ar an ualach antaibheathach le linn*** |

***na tréimhse 2011-2018. Chun feabhas a chur ar an mbonn eolais maidir lena bheith i láthair agus lena mbunús, áfach,*** ba cheart géinte ***frithsheasmhachta*** frithmhiocróbaí ábhartha a áireamh freisin sna liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce agus ba cheart faireachán a dhéanamh orthu a luaithe a ***fhorbrófar*** modhanna faireacháin oiriúnacha. Tá sé sin i gcomhréir leis an ***'***bPlean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha***'***, a ghlac an Coimisiún i ***mí an Mheithimh 2017***, agus leis an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip, lena dtugtar aghaidh ar an ábhar imní sin freisin. ***Ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh teophointí ríthábhachtacha maidir le forbairt agus scaipeadh frithsheasmhachta frithmhiocróbaí a shainaithint.***

__________________

***[1a] An dara tuarascáil chomhpháirteach ó ECDC/EFSA/EMA ar an anailís chomhtháite ar thomhaltas oibreán frithmhiocróbach agus ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha i mbaictéir ó dhaoine agus ó bhia-ainmhithe, 2017 https://www.ecdc.europa.eu/en/publications-data/ecdcefsaema-second-joint-report-integrated-analysis-consumption-antimicrobial***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10 a) Is bagairtí follasacha iad substaintí amhail micreaphlaistigh ar an tsláinte phoiblí agus ar an gcomhshaol, ach is bagairtí iad ar ghníomhaíochtaí bunúsacha freisin ar nós fhorbairt na talmhaíochta. Maidir lena bheith i láthair*** |

***agus cáithníní eile a bheith i láthair, is féidir impleachtaí a bheith acu ní hamháin ar an uisce a fhaigheann beostoc agus bairr, ach ar thorthúlacht na hithreach freisin, rud a chuireann, dá bhrí sin, folláine agus dea-fhorbairt na mbarr atá ann cheana agus na mbarr a bheidh ann amach anseo i mbaol[1a].***

______________________

***1a***

***https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S2352186422000724***

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(10 b) Déanann Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 ón gCoimisiún lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/652/AE1 an creat a leagan síos chun sonraí inchomparáide iontaofa maidir le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach san Aontas Eorpach a fháil, lena n-áirítear trí fhaireachán a dhéanamh ar fhuíolluisce ó sheamlais mar iomprán féideartha do bhaictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach, agus dá bhrí sin, mar mhodh féideartha éillithe don chomhshaol. Aimsíodh baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach in uisce a sceitheadh ó sheamlais.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(12 a) Ar an iomlán, léirítear i dtorthaí na seiceála oiriúnachta go bhfuil na Treoracha oiriúnach don fheidhm go forleathan, le deis i gcomhair feabhais, lena n-áirítear dlús a chur le cur chun feidhme beacht na gcuspóirí a bhaineann leo, rud a d'fhéadfaí a bhaint amach le tuilleadh cistithe ón Aontas. Léirítear sa mheasúnú go raibh na Treoracha ina gcúis le leibhéal níos airde cosanta dobharlach agus bainistíochta riosca i gcás tuilte go ginearálta go dtí seo.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(13 a) De réir phrionsabal na coimhdeachta, ba cheart solúbthacht shásúil a chur ar fáil agus bearta sonraithe ar na scálaí náisiúnta agus réigiúnacha á sainaithint.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(13 b) Maidir le níos mó ná leath de na dobharlaigh in AE, ní chomhlíonann siad an tairseach a cuireadh chun feidhme maidir le cáilíocht uisce, agus níl a dhóthain sonraí ann, a chuireann in iúl deacrachtaí sheirbhísí iniúchta agus faireacháin na mBallstát i mbaint amach na gcuspóirí a shocraítear leis an Treoir[1a]. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, acmhainní airgeadais agus daonna*** |

***leordhóthanacha a sholáthar do sheirbhísí iniúchta agus faireacháin na mBallstát chun na cuspóirí a leagtar síos leis an Treoir a bhaint amach.***

______________

***[1a] EEA, 2018 https://www.eea.europa.eu/publications/state-of-water***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 c) Caithfidh aon chinneadh sa chomhthéacs roghnaithe, athbhreithnithe substaintí agus EQS a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca agus cur chuige comhréireach, trédhearcach agus atá bunaithe ar eolaíocht a leanúint, ag cur iarmhairtí socheacnamaíocha, lena n-áirítear slándáil bhia, agus moltaí ó Pharlaimint na hEorpa, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara ábhartha, san áireamh.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 d) Cé gur socraíodh le Treoir 2000/60/CE na rialacha maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar chainníocht agus cáilíocht uisce, léiríodh sa tástáil oiriúnachta gur féidir an dul chun cinn mall i mbaint amach chuspóirí na Treorach seo a chur i leith, i measc nithe eile, easpa acmhainní airgeadais leordhóthanacha chomh maith le castacht rialaitheach agus éiceolaíoch, lena n-*** |

| | |
|---|---|
| | ***áirítear agaí moille féideartha maidir le freagairt an screamhuisce do na bearta agus maidir le hamlínte tuairiscithe. Cuireann bearta a fheabhsaíonn stádas dobharlach trí athchóiriú aibhneacha agus trí sheirbhísí éiceachórais buntáistí airgeadais ar fáil atá níos mó ná na costais agus d'fhéadfaidís caiteachas riachtanach a laghdú do na Ballstáit. Thairis sin, léirítear sa mheasúnú easpa cur chun feidhme, raon feidhme neamhleordhóthanach, agus bearta athchóirithe neamhleordhóthanacha nó neamhimleora lena n-áirithítear nascacht hidreolaíoch agus éiceolaíoch[1a].*** |
| | __________________ |
| | ***[1a] https://www.igb-berlin.de/sites/default/files/media-files/download-files/IGB_Policy_Brief_WFD_2019.pdf*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Leis an athbhreithniú ar liosta na substaintí tosaíochta i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE, thángthas ar an gconclúid nach ábhar imní ar fud an Aontais a thuilleadh iad substaintí tosaíochta éagsúla agus dá bhrí sin nár cheart iad a áireamh a thuilleadh i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Ba cheart na substaintí sin a mheas mar thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha dá bhrí sin agus iad a áireamh i gCuid C d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE in éineacht le EQS comhfhreagrach. I bhfianaise nach meastar gur ábhar imní ar fud an Aontais a thuilleadh iad na truailleáin sin, ní gá EQS a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina bhféadfadh na | (17) Leis an athbhreithniú ar liosta na substaintí tosaíochta i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE, thángthas ar an gconclúid nach ábhar imní ar fud an Aontais a thuilleadh iad substaintí tosaíochta éagsúla agus dá bhrí sin nár cheart iad a áireamh a thuilleadh i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Ba cheart na substaintí sin a mheas mar thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha dá bhrí sin agus iad a áireamh i gCuid C d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE in éineacht le EQS comhfhreagrach. I bhfianaise nach meastar gur ábhar imní ar fud an Aontais a thuilleadh iad na truailleáin sin, ní gá EQS a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina bhféadfadh na |

| | |
|---|---|
| truailleáin sin a bheith ina n-ábhar imní áitiúil nó réigiúnach nó náisiúnta fós. | truailleáin sin a bheith ina n-ábhar imní áitiúil nó réigiúnach nó náisiúnta fós ***sa chiall go mbaineann rioscaí suntasacha leo***. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a) Chun leanúnachas agus soiléireacht na rialacha a áirithiú taobh istigh den Aontas, tá sé riachtanach go bhfuil an t-athbhreithniú sin ar aon dul agus i gcomhréir le rialacha eile atá nasctha leis an topaic chéanna agus atá faoi athbhreithniú nó faoi chaibidlíocht faoi láthair leis na comhreachtóirí.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) I bhfianaise na méaduithe ar imeachtaí aimsire nach féidir a thuar, go háirithe tuilte foircneacha agus tréimhsí triomaigh fada, agus ar theagmhais truaillithe ***móra*** as a n-eascraíonn truailliú trasteorann ***de thimpiste*** nó ina ***gcuirtear an truailliú sin in olcas***, ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go soláthrófar faisnéis láithreach maidir ***le*** teagmhais ***den sórt*** sin do Bhallstáit eile dá bhféadfaí difear a dhéanamh agus dul i gcomhar go héifeachtach le Ballstáit dá bhféadfaí difear a dhéanamh chun éifeachtaí ***na himeachta*** nó an teagmhais a mhaolú. Is gá freisin an comhar idir na Ballstáit a threisiú agus nósanna imeachta maidir le comhar trasteorann a chuíchóiriú i gcás fadhbanna níos struchtúraí, i.e. | (32) I bhfianaise na méaduithe ar imeachtaí aimsire nach féidir a thuar, go háirithe tuilte foircneacha agus tréimhsí triomaigh fada, ***arb iad sin an chúis is mó le teip na mbarr,*** agus ar theagmhais truaillithe ***mhóra*** as a n-eascraíonn truailliú trasteorann ***tionóisceach*** nó ***lena ndéantar géarú*** ina ***leith***, ***mar aon le dóiteáin,*** ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go soláthrófar faisnéis láithreach maidir ***leis na*** teagmhais sin do Bhallstáit eile dá bhféadfaí difear a dhéanamh agus dul i gcomhar go héifeachtach le Ballstáit dá bhféadfaí difear a dhéanamh chun éifeachtaí ***an imeachta*** nó an teagmhais a mhaolú. ***I ndáil leis sin, tá sé riachtanach a chur san áireamh san athbhreithniú seo go bhfuil réigiúin Eorpacha ann atá níos*** |

fadhbanna trasteorann níos fadtéarmaí nach de dheasca timpiste iad agus nach féidir a réiteach ar leibhéal na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2000/60/CE. I gcás ina bhfuil gá le cúnamh Eorpach, féadfaidh údaráis inniúla iarrataí ar chúnamh a sheoladh chuig Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin, a chomhordóidh tairiscintí cúnaimh féideartha agus úsáid na dtairiscintí sin trí Shásra Aontais um Chosaint Shibhialta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Chinneadh 1313/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[64].

[64] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

***nochta don chineál feiniméin aimsire foircní seo, agus do thruailliú uisce freisin, mar gheall ar a saintréithe sonracha geografacha agus aeráideolaíochta.*** Is gá freisin an comhar idir na Ballstáit a threisiú agus nósanna imeachta maidir le comhar trasteorann a chuíchóiriú i gcás fadhbanna níos struchtúraí, i.e. fadhbanna trasteorann níos fadtéarmaí nach de dheasca timpiste iad agus nach féidir a réiteach ar leibhéal na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2000/60/CE. I gcás ina bhfuil gá le cúnamh Eorpach, féadfaidh údaráis inniúla iarrataí ar chúnamh a sheoladh chuig Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin, a chomhordóidh tairiscintí cúnaimh féideartha agus úsáid na dtairiscintí sin trí Shásra Aontais um Chosaint Shibhialta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Chinneadh 1313/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***.

[64] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 2 – pointe 35

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ciallaíonn ‘caighdeán cáilíochta comhshaoil’ tiúchan truailleáin áirithe nó grúpa truailleán áirithe in uisce, dríodar nó bithra nach bhfuil le sárú chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint nó luach truicir maidir leis an éifeacht dhíobhálach ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol ón truailleán sin nó ón ngrúpa | Ciallaíonn ‘caighdeán cáilíochta comhshaoil’ tiúchan truailleáin áirithe nó grúpa truailleán áirithe in uisce, dríodar nó bithra nach bhfuil le sárú chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint nó luach truicir maidir leis an éifeacht dhíobhálach ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol ón truailleán sin nó ón ngrúpa |

truailleán sin, tiúchan arna thomhas agus modh éifeachtbhunaithe iomchuí á úsáid*.*’;

truailleán sin, tiúchan arna thomhas agus modh éifeachtbhunaithe iomchuí á úsáid ***i gcomhar le hanailís cheimiceach úrscothach agus de réir na faisnéise eolaíochta is fearr atá ar fáil***’ ;

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 3 – mír 4a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4a. I gcás imthosca eisceachtúla ***de thionscnamh nádúrtha nó force majeure***, go háirithe tuilte ***foircneacha***, tréimhsí triomaigh ***fada***, nó teagmhais truaillithe ***mhóra***, lena bhféadfaí difear a dhéanamh do dhobharlaigh ***síos an abhainn*** atá lonnaithe i mBallstáit eile, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na húdaráis inniúla le haghaidh dobharlaigh ***síos an abhainn*** sna Ballstáit sin, mar aon leis an gCoimisiún, ar an eolas láithreach agus go gcuirfear an comhar is gá ar bun chun na cúiseanna a imscrúdú agus chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na n-imthosca ***eisceachtúla*** nó na dteagmhas.***’;*** | 4a. I gcás imthosca eisceachtúla, go háirithe tuilte, ***dóiteáin agus*** tréimhsí triomaigh, nó teagmhais truaillithe, lena bhféadfaí difear a dhéanamh do dhobharlaigh ***íos-srutha*** atá lonnaithe i mBallstáit eile, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na húdaráis inniúla le haghaidh dobharlaigh ***íos-srutha*** sna Ballstáit sin, mar aon leis an gCoimisiún, ar an eolas láithreach agus go gcuirfear an comhar is gá ar bun chun na cúiseanna a imscrúdú agus chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na n-imthosca nó na dteagmhas ***eisceachtúil***. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 11 – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7 a) in Airteagal 11(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):*** |
| | ***(c)‘bearta chun úsáid éifeachtúil inbhuanaithe uisce, lena n-áirítear sa talmhaíocht, a áirithiú, ionas nach gcuirfear isteach ar bhaint amach na*** |

*gcuspóirí a shonraítear in Airteagal 4;'*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 12 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina sainaithneoidh Ballstát fadhb ag a bhfuil tionchar ar ***bhainistíocht*** an uisce atá aige ach nach féidir leis an mBallstát sin í a réiteach, tabharfaidh sé fógra faoin bhfadhb don Choimisiún agus d'aon Bhallstát eile lena mbaineann agus déanfaidh moltaí maidir leis an bhfadhb a réiteach. | 1. I gcás ina sainaithneoidh Ballstát fadhb ag a bhfuil tionchar ar ***bhainistiú*** an uisce atá aige ach nach féidir leis an mBallstát sin í a réiteach ***nó a d'fhéadfadh dul i bhfheidhm ar Bhallstát eile***, tabharfaidh sé fógra faoin bhfadhb don Choimisiún agus d'aon Bhallstát eile lena mbaineann agus déanfaidh ***sé*** moltaí maidir leis an bhfadhb a réiteach. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Treoir 2000/60/CE
Airteagal 12 – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Freagróidh an Coimisiún d'aon fhógra ó na Ballstáit taobh istigh de thréimhse 6 mhí. I gcás ina mbaineann fadhb le mainneachtain stádas maith ceimiceach a chomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún gníomh i gcomhréir le hAirteagal 7a de Threoir 2008/105/CE.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2000/60/CE
Airteagail 16 agus 17

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(11) scriostar Airteagail 16 agus 17;*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Tá forálacha luachmhara san áireamh in Airteagail 16 agus 17 maidir le measúnú agus bainistiú riosca a ligeann do gach páirtí leasmhar a bheith páirteach ar bhealach daonlathach.*

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 – pointe c**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Maidir leis na cónaitheoirí sa cheantar abhantraí lena mbaineann nó sa chuid den cheantar abhantraí idirnáisiúnta atá laistigh de chríoch an Bhallstáit, áiritheoidh an Ballstát sin go gcuirfear ar an eolas iad ar bhealach sásúil tráthúil.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 – pointe d**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 3 – mír 6 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Leasóidh na Ballstáit an liosta luachanna tairsí a chuirtear i bhfeidhm ina gcríoch nuair a léiríonn ***faisnéis*** nua ar thruailleáin, grúpaí truailleán nó táscairí truailleán gur gá luach tairsí a leagan síos le haghaidh substaint bhreise, gur gá luach tairsí atá ann cheana a mhodhnú, nó gur gá luach tairsí a baineadh den liosta roimhe a chur isteach an athuair. Má leagtar luachanna tairsí síos nó má leasaítear ar leibhéal an | ‘Leasóidh na Ballstáit an liosta luachanna tairsí a chuirtear i bhfeidhm ina gcríoch nuair a léiríonn ***sonraí eolaíochta ar fhaisnéis*** nua ar thruailleáin, grúpaí truailleán nó táscairí truailleán***, de réir mar a thuairiscítear le faireachán ar an bhfód ag an leibhéal náisiúnta,*** gur gá luach tairsí a leagan síos le haghaidh substaint bhreise, gur gá luach tairsí atá ann cheana a mhodhnú, nó gur gá luach tairsí a baineadh |

| | |
|---|---|
| Aontais iad, oiriúnóidh na Ballstáit an liosta luachanna tairsí a chuirtear i bhfeidhm ina gcríoch do na luachanna sin. ’; . | den liosta roimhe a chur isteach an athuair. Má leagtar luachanna tairsí ***ábhartha*** síos nó má leasaítear ar leibhéal an Aontais iad, oiriúnóidh na Ballstáit an liosta luachanna tairsí a chuirtear i bhfeidhm ina gcríoch do na luachanna sin. ’; . |

*(Airteagal 2, mír 1, pointe 4, Treoir 2006/118/CE)*

*Réasúnú*

*Leagann sé seo béim ar an tábhacht atá ag sonraí eolaíochta agus an fíorstaid ar an leibhéal náisiúnta*

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6a (nua) – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh cúig shubstaint nó ghrúpa substaintí ar a mhéad sa liosta faire agus léireoidh sé na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gach substainte. Na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha i gceist leo le haghaidh na n-údarás inniúil. Na substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, roghnófar iad as measc na substaintí sin ***lena*** léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil go bhféadfadh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach ***leordhóthanach*** sonraí faireacháin ***lena n-aghaidh***. Áireofar substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad ar an liosta faire sin. | Beidh cúig shubstaint nó ghrúpa substaintí ar a mhéad sa liosta faire agus léireoidh sé na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gach substainte. ***Maidir leis*** na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha ***ná ualach riaracháin iomarcach*** i gceist leo le haghaidh na n-údarás inniúil. ***Maidir leis*** na substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, roghnófar iad as measc na substaintí sin ***a*** léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil go bhféadfadh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach ***leor na*** sonraí faireacháin ***ina leith***. Áireofar substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad ar an liosta faire sin. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6 a (nua) – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| A luaithe a shainaithneofar modhanna faireacháin oiriúnacha le haghaidh ***micreaphlaistigh*** agus géinte ***frithsheasmheastachta*** frithmhiocróbaí áirithe, áireofar na substaintí sin ar an liosta faire. | A luaithe a shainaithneofar modhanna faireacháin oiriúnacha le haghaidh ***micreaphlaisteach*** agus géinte ***frithsheasmhachta*** frithmhiocróbaí áirithe, áireofar na substaintí sin ar an liosta faire. ***Breithneoidh an Coimisiún más gá meitibilítí lotnaidicídí neamhábhartha (NrManna) a chur san áireamh sa liosta chun infhaighteacht sonraí maidir lena bheith i láthair a fheabhsú i leith raon feidhme na treorach seo.*** |

*((Comhfhreagraíonn an leasú seo do leasú ar Threoir 2008/105/CE Iarscríbhinn I – tábla – sraith 7.))*

*Réasúnú*

*Ní leagann an Treoir maidir le hUisce Óil (AE) 2020/2184 luach teorann amach maidir le meitibilítí lotnaidicídí neamhábhartha (NrManna). Toisc gur cheart go mbeadh an leibhéal coibhneasta is airde maidir le caighdeáin eile cáilíochta uisce ag caighdeáin cháilíochta le haghaidh uisce óil, ní léir cén fáth ar cheart go mbeadh caighdeáin níos déine i bhfeidhm maidir le cineálacha eile uisce. Ina ionad sin, ba cheart don Choimisiún smaoineamh ar NrManna a chur leis na liostaí faire atá le cur ar bun faoi Airteagal 2(6) agus Airteagal 3(7) den togra.*

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6 a (nua) – mír 1 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ullmhóidh ECHA tuarascálacha eolaíocha chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún na substaintí le haghaidh an liosta faire a roghnú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: | Ullmhóidh ECHA tuarascálacha eolaíocha chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún na substaintí ***agus luachanna táscaire*** le haghaidh an liosta faire a roghnú, agus an ***fhaisnéis eolaíochta is fearr atá ar fáil chomh maith leis an*** méid seo a leanas á chur san áireamh: |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2006/118/CE
Airteagal 6 a – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus na stáisiúin faireacháin ionadaíocha á roghnú, mar aon le minicíocht an fhaireacháin agus an t-uainiú séasúrach le haghaidh gach substainte nó grúpa substaintí, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na patrúin úsáide agus ***tarlú féideartha*** na substainte nó an ghrúpa substaintí. Ní bheidh an mhinicíocht faireacháin níos lú ná uair sa bhliain. | Agus na stáisiúin faireacháin ionadaíocha á roghnú, mar aon le minicíocht an fhaireacháin agus an t-uainiú séasúrach le haghaidh gach substainte nó grúpa substaintí, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na patrúin úsáide agus ***láithreacht fhéideartha*** na substainte nó an ghrúpa substaintí. Ní bheidh an mhinicíocht faireacháin níos lú ná uair sa bhliain***, agus beidh sí bunaithe ar na sonraí is cothroime le dáta atá ar fáil, agus socrófar í ar leibhéal a chuireann san áireamh ar bhealach oiriúnach pátrúin úsáide, láithreacht fhéideartha na substainte nó an ghrúpa substaintí chomh maith le hinathraitheacht aeráide nó shéasúrach***. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2008/105/CE
Airteagal 8 b (nua) – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| A luaithe a shainaithneofar modhanna faireacháin oiriúnacha le haghaidh ***micreaphlaistigh*** agus géinte ***frithsheasmheastachta*** frithmhiocróbaí áirithe, áireofar na substaintí sin ar an liosta faire. | A luaithe a shainaithneofar modhanna faireacháin oiriúnacha***, tar éis comhrá poiblí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha,*** le haghaidh ***micreaphlaisteach*** agus géinte ***frithsheasmhachta*** frithmhiocróbaí áirithe, áireofar na substaintí sin ar an liosta faire. ***Breithneoidh an Coimisiún más gá meitibilítí lotnaidicídí neamhábhartha (NrManna) a chur san áireamh sa liosta*** |

***chun infhaighteacht sonraí maidir lena bheith i láthair a fheabhsú i leith raon feidhme na treorach seo.***

*((Comhfhreagraíonn an leasú seo do leasú ar Threoir 2008/105/CE Iarscríbhinn I – tábla – sraith 7.))*

*Réasúnú*

*Ní leagann an Treoir maidir le hUisce Óil (AE) 2020/2184 luach teorann amach maidir le meitibilítí lotnaidicídí neamhábhartha (NrManna). Toisc gur cheart go mbeadh an leibhéal coibhneasta is airde maidir le caighdeáin eile cáilíochta uisce ag caighdeáin cháilíochta le haghaidh uisce óil, ní léir cén fáth ar cheart go mbeadh caighdeáin níos déine i bhfeidhm maidir le cineálacha eile uisce. Ina ionad sin, ba cheart don Choimisiún smaoineamh ar NrManna a chur leis na liostaí faire atá le cur ar bun faoi Airteagal 2(6) agus Airteagal 3(7) den togra.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III**
Treoir 2006/118/CE
Iarscríbhinn I – tábla – ró 2 – fonóta 12a (nua)

| *Leasú* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) |
| [Iontráil] Uimh. | Ainm na substainte | Catagóir substaintí | Uimhir CAS [1] | Uimhir AE [2] | Caighdeán Cáilíochta [3] [µg/l mura dtugtar a mhalairt le fios] |
| 1 | Níotráití | Cothaithigh | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 50 mg/l |
| 2 | Substaintí gníomhacha i lotnaidicídí, lena n-áirítear a meitibilítí, táirgí díghrádúcháin agus imoibriúcháin ábhartha [4] | Lotnaidicídí | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 0,1 (aonair) ***[12a(nua)]***<br>0,5 (iomlán) [5] ***[12a(nua)]*** |
| 3 | Substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile | Substaintí tionsclaíocha | Féach an nóta le tábla 6 | Féach an nóta le tábla 6 | 0,0044 [7] |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | (PFAS) - suim na 24 (6) | | | | |
| 4 | Carbamasaipín | Earraí cógaisíochta | 298-46-4 | neamhbhaintea ch | 0,25 |
| 5 | Sulfaimeatocsa sól | Earraí cógaisíochta | 723-46-6 | neamhbhaintea ch | 0,01 |
| 6 | Substaintí cógaisíochta gníomhacha – iomlán (8) | Earraí cógaisíochta | neamhbhaint each | neamhbhaintea ch | 0,25 |

***Fonóta (12a) I gcás an fhionnuisce a úsáidtear le huisce óil a astarraingt agus a ullmhú.***

*Réasúnú*

*Tagann an luach teorann aonair agus iomlán maidir le substaintí gníomhacha ó chaighdeáin cháilíochta le haghaidh uisce óil faoi Threoir (AE) 2020/2184. Toisc gur cheart go mbeadh an leibhéal coibhneasta is airde maidir le caighdeáin eile cáilíochta uisce ag caighdeáin cháilíochta le haghaidh uisce óil, ní léir cén fáth ar cheart go mbeadh na caighdeáin chéanna i bhfeidhm maidir le gach dobharlach. Dá bhrí sin, agus chun an cur chuige bainistithe riosca arna sainmhíniú ag Airteagal 8 (4) den Treoir maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh, níor cheart don luach teorainn a bheith i bhfeidhm ach amháin maidir le dobharlaigh a úsáidtear chun uisce óil a astarraingt agus a ullmhú.*

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III**
Treoir 2006/118/CE
Iarscríbhinn I – tábla – sraith 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) |
| [Iont ráil] Uim h. | Ainm na substainte | Catagóir substaintí | Uimhir CAS (1) | Uimhir AE (2) | Caighdeán Cáilíochta (3) [µg/l mura dtugtar a mhalairt le fios] |
| 1 | Níotráití | Cothaithigh | neamhbhaint each | neamhbhaintea ch | 50 mg/l |
| 2 | Substaintí gníomhacha i lotnaidicídí, lena n-áirítear a meitibilítí, táirgí díghrádúchái n agus imoibriúchái n ábhartha (4) | Lotnaidicídí | neamhbhaint each | neamhbhaintea ch | 0,1 (aonair) |
| | | | | | 0,5 (iomlán) (5) |
| 3 | Substaintí | Substaintí | Féach an | Féach an nóta | 0,0044 (7) |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | sárfhluarailcile agus pholafluarailcile (PFAS) – suim na 24 (6) | tionsclaíocha | nóta le tábla 6 | le tábla 6 | |
| 4 | Carbamasaipín | Earraí cógaisíochta | 298-46-4 | neamhbhainteach | 0,25 |
| 5 | Sulfaimeatocsasól | Earraí cógaisíochta | 723-46-6 | neamhbhainteach | 0,01 |
| 6 | Substaintí cógaisíochta gníomhacha – iomlán (8) | Earraí cógaisíochta | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 0,25 |
| ***7*** | ***Meitibilítí lotnaidicídí neamhábhartha (NrManna)*** | ***Lotnaidicídí*** | ***neamhbhainteach*** | ***neamhbhainteach*** | ***0,1 (9) nó 1 (10) nó 2,5 nó 5 (11) (aonair)*** |
| | | | | | ***0,5 (9) nó 5 (10) nó 12,5 (11) (iomlán) (12)*** |

*Leasú*

| (1) | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) |
|---|---|---|---|---|---|
| [Iontráil] Uimh. | Ainm na substainte | Catagóir substaintí | Uimhir CAS (1) | Uimhir AE (2) | Caighdeán Cáilíochta (3) [µg/l mura dtugtar a mhalairt le fios] |
| 1 | Níotráití | Cothaithigh | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 50 mg/l |
| 2 | Substaintí gníomhacha i lotnaidicídí, lena n-áirítear a meitibilítí, táirgí díghrádúcháin agus imoibriúcháin ábhartha (4) | Lotnaidicídí | neamhbhainteach | neamhbhainteach | 0,1 (aonair) |
| | | | | | 0,5 (iomlán) (5) |
| 3 | Substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) - suim na 24 (6) | Substaintí tionsclaíocha | Féach an nóta le tábla 6 | Féach an nóta le tábla 6 | 0,0044 (7) |
| 4 | Carbamasaipín | Earraí cógaisíochta | 298-46-4 | neamhbhainteach | 0,25 |
| 5 | Sulfaimeatocsasól | Earraí cógaisíochta | 723-46-6 | neamhbhainteach | 0,01 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Substaintí cógaisíochta gníomhacha – iomlán ([8]) | Earraí cógaisíochta | neamhbhaint each | neamhbhaintea ch | 0,25 |

*Réasúnú*

*Maidir le meitibilítí lotnaidicídí neamhábhartha, ní leagann an Treoir maidir le hUisce Óil luachanna teorann amach. Le haghaidh na gcúiseanna thuasluaite, níl sé oiriúnach luachanna teorann a leagan amach le haghaidh screamhuisce. Ina ionad sin, ba cheart don Choimisiún smaoineamh ar NrManna a chur leis na liostaí faire atá le cur ar bun faoi Airteagal 2(6) agus Airteagal 3(7) den togra.*

# AN NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce,<br>Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce |
| **Tagairtí** | COM(2022)0540 – C9-0361/2022 – 2022/0344(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>19.1.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>19.1.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Martin Häusling<br>8.12.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 23.3.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 23.5.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 0<br>0: 10 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Álvaro Amaro, Attila Ara-Kovács, Benoît Biteau, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Paola Ghidoni, Dino Giarrusso, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Camilla Laureti, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Elena Lizzi, Chris MacManus, Colm Markey, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Bronis Ropė, Anne Sander, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Franc Bogovič, Anna Deparnay-Grunenberg, Jan Huitema, Zbigniew Kuźmiuk, Irène Tolleret, Tom Vandenkendelaere |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mohammed Chahim, Matthias Ecke |

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce,<br>Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce | | | |
| **Tagairtí** | COM(2022)0540 – C9-0361/2022 – 2022/0344(COD) | | | |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 27.10.2022 | | | |
| **Na Coistí Freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>19.1.2023 | | | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>19.1.2023 | ITRE<br>19.1.2023 | AGRI<br>19.1.2023 | PECH<br>19.1.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>18.11.2022 | PECH<br>1.12.2022 | | |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Milan Brglez<br>11.1.2023 | | | |
| **Pléite sa choiste** | 22.3.2023 | | | |
| **Dáta an ghlactha** | 27.6.2023 | | | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 69<br>4<br>15 | | |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Maria Arena, Margrete Auken, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Maria Angela Danzì, Esther de Lange, Christian Doleschal, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Gianna Gancia, Andreas Glueck, Catherine Griset, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Karin Karlsbro, Petros Kokkalis, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Fulvio Martusciello, Marina Mesure, Tilly Metz, Silvia Modig, Alessandra Moretti, Grace O'Sullivan, Nikos Papandreou, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Erik Poulsen, Nicola Procaccini, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Ivan Vilibor Sinčić, Edina Tóth, Achille Variati, Mick Wallace, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska | | | |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Biljana Borzan, Milan Brglez, Catherine Chabaud, Christophe Clergeau, Antoni Comín i Oliveres, Rosanna Conte, Norbert Lins, Marisa Matias, Sara Matthieu, Marlene Mortler, Max Orville, Manuela Ripa, Robert Roos, Massimiliano Salini, Christel Schaldemose, Róża Thun und Hohenstein, Sarah Wiener | | | |

| | |
|---|---|
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Franc Bogovič, Lena Düpont, Matthias Ecke, Roman Haider, Jarosław Kalinowski, Rob Rooken, Bert-Jan Ruissen, Domènec Ruiz Devesa, Simone Schmiedtbauer, Sara Skyttedal, Romana Tomc |
| **Dáta don chur síos** | 12.7.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 69 | + |
|---|---|
| NI | Antoni Comín i Oliveres, Maria Angela Danzì |
| PPE | Traian Băsescu, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Franc Bogovič, Christian Doleschal, Lena Düpont, Agnès Evren, Adam Jarubas, Jarosław Kalinowski, Esther de Lange, Peter Liese, Norbert Lins, Marian-Jean Marinescu, Fulvio Martusciello, Marlene Mortler, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Massimiliano Salini, Simone Schmiedtbauer, Sara Skyttedal, Romana Tomc |
| Renew | Pascal Canfin, Catherine Chabaud, Martin Hojsík, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Max Orville, Erik Poulsen, María Soraya Rodríguez Ramos, Róża Thun und Hohenstein, Emma Wiesner, Michal Wiezik |
| S&D | João Albuquerque, Maria Arena, Marek Paweł Balt, Biljana Borzan, Milan Brglez, Sara Cerdas, Christophe Clergeau, Matthias Ecke, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Nikos Papandreou, Domènec Ruiz Devesa, Christel Schaldemose, Achille Variati, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Petros Kokkalis, Marisa Matias, Marina Mesure, Silvia Modig, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Bas Eickhout, Malte Gallée, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Sara Matthieu, Tilly Metz, Grace O'Sullivan, Manuela Ripa, Sarah Wiener |

| 4 | - |
|---|---|
| ECR | Joanna Kopcińska, Rob Rooken, Robert Roos, Bert-Jan Ruissen |

| 15 | 0 |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini, Anna Zalewska |
| ID | Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Rosanna Conte, Gianna Gancia, Catherine Griset, Roman Haider, Sylvia Limmer, Maria Veronica Rossi |
| NI | Ivan Vilibor Sinčić, Edina Tóth |
| Renew | Andreas Glueck |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 36 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Zbigniew Kuźmiuk, Veronika Vrecionová |
| NI | Dino Giarrusso |
| PPE | Álvaro Amaro, Franc Bogovič, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Anne Sander, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Tom Vandenkendelaere |
| Renew | Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Jan Huitema, Elsi Katainen, Ulrike Müller, Irène Tolleret |
| S&D | Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Isabel Carvalhais, Mohammed Chahim, Paolo De Castro, Matthias Ecke, Camilla Laureti, Maria Noichl, Juozas Olekas |
| The Left | Luke Ming Flanagan, Chris MacManus |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 10 | 0 |
|---|---|
| ID | Angelo Ciocca, Ivan David, Paola Ghidoni, Gilles Lebreton, Elena Lizzi |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Anna Deparnay-Grunenberg, Martin Häusling, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh